



Foras na Gaeilge

**Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge
don bhliain 2015**

Dáta	Lch
23 Eanáir	2
10 Feabhra	6
6 Márta	15
17 Aibreán	21
22 Bealtaine	29
26 Meitheamh	57
24 Iúil	80
25 Meán Fómhair	84
30 Deireadh Fómhair	96
11 Nollaig	103

Miontuairiscí ón 130ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 23 Eanáir 2015 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), A. Ní Chiaráin, S. M. Ó Domhnaill, D. Ó hAiniféin, T. Ruane, M. Mac Ruairí, T. Mac Eochagáin D. Ó Laoghaire, C. Cavanagh agus É. Ó Gribín.

Leithscéalta: S. Mac Donncha, B. Ní Chonghóile, C. Ní Shúilleabháin agus P. Callaghan.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí) agus S. Uí Choinne.

Leithscéalta: J Ó Labhraí.

Aontaíodh go n-athrófaí ord an chláir agus go ndéanfaí an ráiteas caiteachais agus buiséad 2015 a phlé go díreach i ndiaidh na miontuairiscí.

01.130 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl gur scaipeadh ceistneoir maidir le rialachas corparáideach a d'ullmhaigh an tIníúchóir Inmheánach ar na ceanneagraíochtaí. An aidhm atá leis an cheistneoir ná laigí agus láidreachtaí a aithint le gur féidir tabhairt faoi aon laigí ar bhealach pleanáilte. Cuireadh in iúl gur tháinig freagra ar ais ó Chléireach na Dála maidir leis an athbhreithniú ar an Chaighdeán Athbhreithnithe. Cuireadh in iúl go mbeadh cruinniú den Fhoras Teanga ann oíche Dhéardaoin 5 Márta seachas Dé hAoine 6 Márta mar a bhí beartaithe.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 & 4 agus faoi Chuid 2, Míreanna 2 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.
--

03.130 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 NOLLAIG 2014

Tháinig an Clár bhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise i láthair an chruinnithe agus bhí plé ar an ráiteas caiteachais. Aontaíodh go scaipfí eolas maidir le dhá líne buiséad ar leith. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais.

04.130 BUISÉAD 2015

Pléadh buiséad 2015 agus ghlac an Bord leis. Cuireadh in iúl go raibh dréachtbhuiséad agus plean gnó le hullmhú do Cholmcille le cur chuig na Ranna agus go mbeadh buiséad Cholmcille le ceadú in euro in áit steirling mar a bhí go dtí seo. Scaipeadh cóip de dhréachtbhuiséad Cholmcille mar eolas agus aontaíodh plé air faoi Aon Ghnó Eile.

Ghabh an Bord buíochas le foireann na rannóige airgeadais as an obair ar fad.

D'fhág an Clár bhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise an cruinniú.

02.130 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €2,963 a cheadú do An Timire agus €1,311 a cheadú do An Sagart go dtí deireadh Mheithimh 2015 agus gan na hirísí

a mhaoiniú ina dhiaidh sin. Ghlac an Bord leis an mholadh buiséad a chur ar fáil do na nuachtáin agus na hirisí nach bhfuil á maoiniú ag Foras na Gaeilge ionas gur féidir cartlannú a dhéanamh orthu agus go mbeadh an chartlann ar fáil mar thogra do chomóradh 2016. Ghlac an Bord leis na leasuithe ar na critéir don Scéim Bunaithe agus Forbartha Gréasán.

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ó Scéim Deontas Cholmille.

Ainm Eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
Armagh Pipers Club	CC14026	£4,898	£4,000
Scoil Samhraidh William Clancy	CC14030	€6,000	€6,000
Oidhreacht Chorca Dhuibhne	CC14031	€9,500	€6,000
Cumas Óige Ghort an Choirce	CC14032	€9,000	€1,800
Ionad Ealaíne Áras Éanna	CC14033	€7,000	€6,000
Fondúireacht an Bhlascaoid	CC14034	€8,600	€6,800
Anú Pictures	CC14035	€6,750	€6,500
Glór Uachtar Tíre	CC14036	£8,570	£800
Féile an Eargail	CC14037	€5,400	€5,000

Ardaíodh ceist faoi fhoireann Cholmille agus cuireadh in iúl go raibh soláthar tuarastail i mbuiséad Cholmille le haghaidh beirt oifigeach. Aontaíodh gur cheart leanúint de bheith ag plé an tionscadail leis na Ranna.

D'fhág E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa. Pléadh an cháipéis faoin athbhreithniú ar scoláireachtaí Gaeltachta. Ghlac an Bord leis an mholadh suim nach mó ná €70,010 a cheadú do na heagraíochtaí seo a leanas chun scoláireachtaí Gaeltachta a chur ar fáil do dhaoine fásta agus do dhaoine óga mar seo a leanas:

Eagraíocht	Méid an duine (ar an mheán)	Méid do dhaoine óga	Méid do dhaoine fásta	Iomlán nach mó ná:
Conradh na Gaeilge (Comhaltas Uladh)	€24.67	€40,606	€2,343	€42,949
Gael Linn	€24.67	€21,018	€4,193	€25,211
Coláiste na bhFiann	€24.67	€1,850	-	€1,850
Méid Iomlán na Scoláireachtaí				€70,010

Ghlac an Bord leis an mholadh soláthar de €10,000 a chur ar fáil le haghaidh scoláireachtaí do dhaoine fásta agus €10,000 ar fáil le haghaidh scoláireachtaí do theaghlaigh ag brath ar iarratais agus measúnú a bheith déanta ar na hiarratais sin.

D'fhill E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí ag an phointe seo.

An Coiste Forbartha

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú le bheith ann an oíche roimhe ach gur cuireadh ar ceal é de dheasca easpa córaim.

An Coiste Iniúchta

Cuireadh in iúl gur ghlac an Coiste Iniúchta leis an Pholasaí Coimhlint Leasa don Fhoireann. Cuireadh in iúl gur cuireadh sleachta breise leis an pholasaí ón Chód Iompair a d'fhaomh an CATT. Ghlac an Bord leis an Pholasaí Coimhlint Leasa don Fhoireann.

05.130 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

06.130 UASDÁTÚ MAIDIR LEIS AN SCÉIM PHOBAIL GAEILGE

Pléadh an cur chuige úr don Scéim Phobail Gaeilge agus na roghanna féideartha. Ardaíodh ceist an raibh aon rud sa Mheamram Airgeadais ag cur baic ar Fhoras na Gaeilge maoiniú ceithre bliana a chur ar fáil. Chuir comhaltaí réimse ceisteanna agus moltaí chun tosaigh agus iarradh ar an fheidhmeannas na moltaí sin a chur san áireamh agus iad ag cur moladh deiridh faoi bhráid an Bhoird. Aontaíodh go mbeadh cruinniú speisialta ag an Bhord chun an cur chuige úr don Scéim Phobail Gaeilge a phlé agus go mbeadh an cruinniú sin ann Dé Máirt 10 Feabhra ar 12.00 meánlae i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath. Aontaíodh go gcuirfí na moltaí ar fad in aon cháipéis amháin, go gcuirfí an cháipéis sin faoi bhráid an Choiste Forbartha ar 4 Feabhra agus go gcuirfí ar aghaidh chuig an Bhord í dá réir sin.

Aontaíodh go gcuirfeadh David Nicholl traenáil ar rialachas corparáideach ar fáil don Bhord ag an chruinniú ar 10 Feabhra ach é a bheith ar fáil.

07.130 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc na hardbhainistíochta agus cuireadh in iúl:

- Gur fógraíodh post an SSC agus Clár bhainisteoir: Cumarsáid agus Margaíocht (CBC&M) agus 16 Eanáir mar sprioc. Cuireadh in iúl go raibh an ghearrliostú socraithe don tseachtain seo chugainn.
- Go raibh an PF agus an LPF ag coiste CEF ag Stormont ar 22 Eanáir.
- Gur fhógair an tAire Stáit liosta de na Bailte Seirbhíse Gaeltachta ag lón Ghaillimh le Gaeilge ar 19 Nollaig.
- Go raibh cruinniú ag an PF le Cathaoirleach an tUltach. Chuir sé in iúl go bhfuiltear ag fáil €10,000 ó Chonradh na Gaeilge. Tá siad ag lorg airgead breise ó Fhoras na Gaeilge leis an iris a chur isteach sna scoileanna. Aontaíodh nach mbeadh Foras na Gaeilge ag cur maoiniú ar fáil don iris.
- Gur síníodh cuntais 2013 ar 18 Nollaig. Is é Bord na hUltaise atá ag plé le foilsíú na tuarascála do 2013.
- Go ndearnadh uasdátú ar an fhoclóir ar 18 Nollaig agus go bhfuil 70% den ábhar ar fad anois beo ar an suíomh.

- Go raibh cruinniú monatóireachta leis na ranna ar 19 Eanáir ag ar pléadh:
 - Ráiteas Deimhnithe Ráithiúil,
 - Comhaontú Seirbhíse
 - An tAthbhreithniú Eagraíochtúil ag an Ranna
 - Léas Chearnóg Mhuirfean agus Ghaoth Dobhair – beidh dhá chás gnó le scríobh
 - Cúrsaí fostaíochta
 - Maoiniú Eorpach

- Gur reáchtáladh cruinniú idir ionadaithe ó Bhord Fhoras na Gaeilge agus Bhord Údarás na Gaeltachta ag cruinniú an Oireachtais. Aontaíodh gur chóir dhá chruinniú sa bhliain a bheith ann agus tá molta anois go mbeidh cruinniú ag Oireachtas na Gaeilge agus ceann eile ag cruinniú an Údaráis i Ráth Chairn ar 10 Aibreán.

Aontaíodh go rachadh an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach, S. Mac Donncha agus an Príomhfheidhmeannach chuig an chruinniú.

- Go raibh athbhreithniú ar siúl i gcomhar le Bord na hUltaise agus le Volunteer Now ar an pholasáí cumhdach leanaí. Tá oiliúint don fhoireann á heagrú do dheireadh mhí Feabhra.
- Go mbeadh ainmniúchán le déanamh ar bhord COGG. Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag iarraidh go gcuirfí dhá ainm, fear agus bean, chuig an ROS le go roghnódh an tAire ionadaithe don Bhord. Aontaíodh go ndéanfaí na hainmniúcháin ag cruinniú an Bhoird i mí Feabhra.

Cuireadh in iúl go raibh bord úr le ceapadh ag an Roinn Oideachais ó thuaidh don Bhord Oideachais agus Scileanna agus go raibh Comhairle na Gaelscolaíochta ar lorg moltaí ina leith.

Ghabh an Bord buíochas leis an ardbhainistíocht as an obair ar fad.

08.130 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

09.130 CÓD EARCAÍOCHTA

Pléadh an Cód Earcaíochta. Cuireadh in iúl gur faomhadh an Cód Earcaíochta don Fhoras Teanga i 2011 agus go raibh athbhreithniú le déanamh air. Aontaíodh go leasófaí pointe 2.2 le go gcuirfí ‘mar shampla’ leis an abairt ‘Ní ceadmhach cur síos an phoist nó a theideal a bheith ag cur in iúl go mbeadh an post oiriúnach go háirithe mar shampla do mhná nó d’fhir...’ Ardaíodh ceist an ndéantar teagmháil le moltóirí agus cuireadh in iúl go ndéantar. Aontaíodh gurbh fhiú abairt a chur isteach faoi phointe 2.19 maidir le teagmháil a dhéanamh le moltóirí.

Ghlac an Bord leis an Chód Earcaíochta agus aontaíodh go mbeadh sé le cur faoi bhráid an Fhoras Teanga.

10.130 AON GHNÓ EILE

Bhí plé i leith bhuiséad Cholmcille. Ghlac an Bord le dréachtbhuiséad Cholmcille agus aontaíodh go gcuirfí ar aghaidh chuig na Ranna é.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
6 Márta 2015

Miontuairiscí ón 131 cruinniú Boird a tionóladh Dé Máirt 10 Feabhra 2015 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), A. Ní Chiaráin, T. Ruane, M. Mac Ruairí, D. Ó Laoghaire, C. Cavanagh agus É. Ó Gribín.

Leithscéalta: S. Mac Donncha, B. Ní Chonghóile, S. M. Ó Domhnaill, D. Ó hAiniféin, C. Ní Shúilleabháin, T. Mac Eochagáin agus P. Callaghan.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

Leithscéalta: S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach).

01.131 SEISIÚN OILIÚNA AR RIALACHAS CORPARÁIDEACH LE DAVID NICHOLL

Bhí seisiún oiliúna ag an Bhord le D. Nicholl ó Onboard Training and Consultancy maidir le rialachas corparáideach. Phléigh sé chomh maith an Plean Gnímh a bhí ann i 2013 agus nótladh an dul chun cinn. D'aontaigh an Bord go ndéanfadh an Coiste Osradhairc an Plean Gnímh nua ag eascairt as SWiFT 3000 agus an Gradam Barrmhaitheasa a bhí bainte amach ag Foras na Gaeilge a phlé agus tuairisciú faoin dul chun cinn.

02.131 MOLADH I LEITH SCÉIM PHOBAIL GAEILGE

Thug Cathaoirleach an Choiste Forbartha uasdátú ar an chruinniú a bhí ag an Choiste ar 4 Feabhra leis an mholadh maidir leis an Scéim Phobail Ghaeilge a phlé. Thug Cathaoirleach an Choiste ardmholadh don fheidhmeannas as an obair ar fad a rinneadh in ullmhú an mholta.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Moladh leis gur chóir maoiniú breise a lorg ó na hAirí leis an scéim mar a bhí le hoifigeach 100% den am a bheith ag gach grúpa agus gealltanais ó na hAirí go mbeadh an t-airgead sin ar fáil go ceann ceithre bliana (**Aguisín 1**).

Ghlac an Bord leis an mholadh go dtabharfaí síneadh ama eile do na grúpaí reatha faoin SPG ó 1 Meán Fómhair go 31 Nollaig 2015 (**Aguisín 2**).

03.131 AINMNIÚCHÁIN DO BHORD COGG

Pléadh ainmniúcháin do Bhord COGG agus moladh roinnt ainmniúchán. Aontaíodh go ndéanfadh na comhaltaí i gceist teagmháil leo fáil amach an mbeadh siad sásta a gcuid ainmneacha a chur chun tosaigh le bheith ainmnithe ar Bhord COGG.

04.131 AON GHNÓ EILE

D'fhág beirt chomhalta boird an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa. Tugadh uasdátú ar an chruinniú a bhí ag an Choiste Osradhairc an mhaidin sin.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 & 4 agus faoi Chuid 2, Míreanna 1, 2 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
6 Márta 2015

Feabhra 2015

Moladh i leith Scéim Phobal Gaeilge

Bunaithe ar an aiseolas ón Chomhairliúchán, agus na riachtanais eile a bhaineann le forbairt leanúnach ar SPG mar atá luaite thíos, tá bealach chun tosaigh mar atá leagtha amach thíos á mholadh.

1. Riachtanais FnaG

- 1.1. Misean FnaG – *“Úsáid na Gaeilge sa saol laethúil a mhéadú agus a normalú agus saíocht na Gaeilge a roinnt leis an saol”*.
- 1.2. Leas na Gaeilge ar fud na tíre
- 1.3. Buiséad laghdaithe (€1.2m sa bhliain go €1m sa bhliain)
- 1.4. Méadú ar líon na bpobal á thacú tríd an scéim
- 1.5. Buanú na dtionscadal ar bhonn fadtéarmach

2. Dúshláin

- 2.1. Gan tionscadail reatha a chur ó mhaith, gan toradh na hinfheistíochta atá déanta a chailleadh.
- 2.2. Tacú le tionscadail úra a bhfuil dealramh leo agus tacaíocht ón phobal acu
- 2.3. Forbairt inbhuanaithe a spreagadh i bpobail, idir dheontaithe reatha agus dheontaithe úra, le béim ar líon agus ar chaighdeán gréasán agus ar institiúidí/forais
- 2.4. Tacaíocht phobal na Gaeilge – nach mbíonn an freasúra rómhór
- 2.5. Tacaíocht na n-airí
- 2.6. Freagairt don aiseolas ón chomhairliúchán
- 2.7. Mar scéim iomaíochta, ní bheidh na hacmhainní ag Foras na Gaeilge gach iarratasóir a mhaoiniú. Faoin bhabhta iarratais deireanach a reáchtáladh in 2013, lorgáíodh **49** pacáiste iarratais agus fuarthas **34** iarratas faoin spriocdháta le luach iomlán de **€6,085,462** á lorg

3. Feabhsuithe ar SPG

- 3.1. Líon níos mó pobal – beidh **íosmhéid de 26 deontaithe** ag fáil tacaíocht deontais tríd an bhabhta nua seo
- 3.2. Sa bhreis ar **19 deontaithe faoin bhabhta reatha**, beidh maoiniú curtha ar fáil do **7 ndeontai úra** ar a laghad – deiseanna úra anois ann do na coistí breise siúd nár éirigh / nach n-éireadh leo mar gheall ar an leibhéal ard iomaíochta i measc dheontaithe reatha SPG ag súil le maoiniú a fháil arís.
- 3.3. **Fad thréimhse na scéime a athrú ó 3 bliana go 4 bliana** (ag eascairt as an chomhairliúchán)
- 3.4. Béim feasta ar institiúidí buana agus gréasáin bhuana sna pobail i gcomhair le forais eile an cheantair – fócas agus bunaidhm na scéime, agus ról an

Oifigigh Fhorbartha mar aon, athraithe anois go feidhmeanna gréasánaíochta agus forbartha institiúidí

- 3.5. **Ról forbartha agus éascaitheoireachta ag an Oifigeach Forbartha** sna ceantair taobh le sprioc-cheantar an choiste ach deiseanna a bheith ar fáil chuige sin – ag teacht le prionsabail na pleanála teanga.
- 3.6. Tabharfar aitheantas don leibhéal tuarastail atá ag Oifigigh Forbartha Gaeilge atá fostaíthe faoin bhabhta reatha agus beidh a gcuid blianta seirbhíse mar fhostaí faoin SPG tógtha san áireamh maidir le cé acu túsphointe tuarastail is féidir a lorg san iarratas (féach tábla thíos faoin nóta aibhsithe le gorm)
- 3.7. Beidh an pobal, tríd éascaitheoireacht an deontaithe, ábalta maoiniú a mhealladh ó scéimeanna eile Fhoras na Gaeilge– cumasóidh an tOifigeach Forbartha grúpaí eile sa cheantar le leas a bhaint as na scéimeanna deontais ina measc: **Scéim Bunaithe & Forbartha Gréasán, Scéim na gCampaí Samhraidh, Scéim na nImeachtaí Óige, Scéim na bhFéilte, Scéim Cholmcille**
- 3.8. **Comhoibriú na n-iarratasóirí rathúla le Glór na nGael** maidir le forbairt agus cothú nasc lena chéile, comhroinnt an dea-chleachtais agus ábhar oiliúna (ag eascairt as an chomhairliúchán)
- 3.9. **Próiseas meantóireachta, tacaíochta agus comhairle ó Ghlor na nGael** d'iarratasóirí nach mbeadh a n-iarratas maith go leor le go bhfaighidh tairiscint deontais.

1. Moladh

- 1.1. Le fócas na scéime anois dírithe ar fhorbairt agus ar bhuanú gréasán agus institiúidí / foras, agus chan amháin ar chur i bhfeidhm chlár gníomhaíochtaí, beidh an scéim le reáchtáil ar bhonn ceithre bliana agus uasmhéid de €37,000 i mbliain 1 (suas go €40,000 i mbliain 4).
- 1.2. **Beidh 100% de chostais iomlána fostaíochta d'Oifigeach Forbartha Gaeilge fostaithe ar bhonn 80% de thuarastal lánaimseartha ar fáil tríd an deontas ar feadh fhad na scéime, ceithre bliana** (féach an tábla thíos) – beidh an rogha ag iarratasóirí rathúla cur leis an tsoláthar seo óna gcuid foinsí féin.
- 1.3. Beidh maoiniú i mBliain 2 ag brath ar fheidhmíocht shásúil i mBliain 1 agus dá réir sin ar feadh thréimhse na scéime.
- 1.4. Ós rud é go mbeifear anois ag iarraidh béim a chur ar fhorbairt inbhuanaithe sna pobail féin, beidh úinéireacht agus stiúir na forbartha fós ag na coistí pobail siúd laistigh dá sprioc-cheantar féin. Mar sin féin, ach deiseanna cuí a bheith ar fáil, is féidir ról éascaitheoireachta agus forbartha a bheith ag an Oifigeach Forbartha ar bhonn níos leithne.
- 1.5. Beidh ról forbartha réigiúnda agus cothú, roinnt agus spreagadh deachleachtais i measc tionscadail mhaoinithe tríd SPG ag Glór na nGael tríd an ghréasán de 10 Oifigeach Forbartha atá mar chuid den fhoireann acu mar Cheanneagraíocht sa réimse 'Forbairt Phobail agus Eacnamaíochta'.
- 1.6. Ar mhaithe le líon na bpobal a bheidh ag fáil tacaíochta tríd SPG a mhéadú, léiríodh tríd an próiseas comhairliúcháin gurb é an acmhainn is tábhachtaí d'fhorbairt na Gaeilge sna pobail ná Oifigeach Forbartha Gaeilge a bheith fostaithe agus ag feidhmiú faoi stiúir coiste logánta. Beidh ról an Oifigigh Fhorbartha éagsúil ón ról traidisiúnta a maoiníodh trí SPG roimhe seo. Beidh sé bunaithe anois ar mhúnla nua den scéim, beidh maoiniú tuarastail, mar aon le costais ghaolmhara fostaíochta, ar fáil do **26 grúpa éagsúla ar a laghad**. Da réir sin, beidh deis anois do **bhreis agus 7 ngrúpa úra anuas ar na 19 grúpa** a mhaoinítear faoi SPG faoi láthair. Tá briseadh síos ar an bhuiséad bliantúil measta tugtha thíos agus bunaithe ar thréimhse de 4 bliana.

Cinntoidh an cur chuige nua molta go mbeidh toradh buan ar an mhaoiniú trí na forais bhuna agus na gréasáin a bheidh bunaithe sa cheantar agus tríd na grúpaí / na daoine a chumasófar leis na forais agus na gréasáin a stiúradh agus le himeachtaí a eagrú

NB De bharr gur scéim iomaíoch atá i gceist le SPG, ní féidir barántas a thabhairt go gcuirfear maoiniú ar fáil faoin scéim do cheann ar bith de na deontaithe reatha, go háirithe má bhíonn líon ard iarratas ann agus má thiteann iarratas ó dheontáí reatha faoi bhunchaighdeán na scéime le haghaidh maoiniú.

Buiséad Bliantúil Measta SPG

Rogha de 4 Bliain	Bliain na Scéime	Uasmhéid Bliantúil	Íosmhéid Deontaithe	Buiséad
	Bliain 1	€ 37,000		26 € 962,000
	Bliain 2	€ 38,000		26 € 988,000
	Bliain 3	€ 39,000		26 € 1,014,000
	Bliain 4	€ 40,000		26 € 1,040,000
				€ 4,004,000

Tábla le mionbhriseadh síos ar mheastacháin do chostais ábhartha fostaíochta ar bhonn 80% de thuarastal lánaimseartha

80% de thuarastal lánaimseartha				100%	20%	80%	Sa bhliain
				€ 528.15	€ 105.63	€ 422.52	€ 21,971.20
Rol: Executive Officer				NI: Executive Officer I (237)			
		<i>Ráta de réir scála Euro</i>	<i>Ráta + ranníocóidh Iomlán*</i>	<i>Ráta de réir scála Stg</i>	<i>Iomlán Stg*</i>	<i>Ráta + ranníocóidh Costas in Euro @ £0.81</i>	
Fostaí Nua	BI 1	21,971.20	25,486.59	20,696.80	24,008.29	29,639.86	
1bliain déanta	BI 2	23,534.40	27,299.90	20,920.80	24,268.13	29,960.65	
2 bliain déanta	BI 3	24,136.80	27,998.69	21,144.80	24,527.97	30,281.44	
3 bliain déanta	BI 4	26,149.60	30,333.54	21,368.80	24,787.81	30,602.23	
4 bliain déanta	BI 5	27,488.00	31,886.08	21,592.80	25,047.65	30,923.02	

Bunaithe ar 80% de thuarastal lánaimseartha, beidh íosmhéid de €25,486.59/£24,008.29 (€29,639.86) agus uasmhéid de €31,886.08/£25,047.65 (€30,923) le tairiscint do bhliain 1 (tuarastail, ASPC & Pinsean)

Nóta: Soláthróidh FnaG €21,971.20/ £20,696.80 d'fhostaithe nua.

Nóta: Beidh cead ag fostaíthe reatha de SPG túsphointe de €27,488 / £21,592.80 a fháil mar uasmhéid (ag brath ar staid fostaíochta i SPG)

Nóta: Beidh an pointe roghnaithe ag brath ar fhad seirbhíse mar

OF faoi SPG11-13

Nóta: Úsáidfeá ráta boilscithe de 2% don ardú ar chostais ábhartha tuarastal.

* Costas tuarastal móide Cáin an Fhostóra @ 11% móide cionroinnt pinsin @ 5%

Bunaithe ar an uasmhéid do sholáthar tuarastal @ 80% de thuarastal lánaimseartha (€31,886.08) agus le ráta bliantúil boilscithe de 2%, ní bheidh níos mó ná €34k de dhíth ar chostas tuarastal ag aon deontaí in aon bhliain:

2017 € 32,523.80

2018 € 33,174.28

2019 € 33,837.76

Aguisín 2

Scéim Phobail Gaeilge - údarú ar thréimhse maoinithe 01 Meán Fómhair go 31 Nollaig 2015 (Cruinniú Boird den 10 Feabhra 2015)

Iarratasóir	Buiséad údaraithe Ean-Lún 2015	Uimh. Thag. 2015	Buiséad MFómh - Noll 2015
Muintir Chrónáin Teo	€52,281	1001133 C	€26,140
Glór Cheatharlach	€37,165	1001119 C	€18,583
Cumann Gaelach na hEaglaise	€34,616	1001120 C	€17,308
Gaelfhorbairt na Gaillimhe	€41,500	1001135 C	€20,750
Coiste Dúiche Mhaigh Eo, C na G	€44,029	1001134 C	€22,014
Cairde Teo	£37,602	1001122 C	£18,801
Gaelfhobal Cheantar an tSratha Báin	£38,672	1001129 C	£19,336
Coiste Forbartha Charn Tóchair	£44,161	1001130 C	£22,081
Cairde Uí Néill	£33,783	1001141 C	£16,892
Boirche Íochtar CnaG	£26,467	1001123 C	£13,233
Glór na nGael, Uachtar Tíre	£32,906	1001140 C	£16,453
An Clár as Gaeilge Teo	€46,082	1001116 C	€23,041
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	£46,687	1001118 C	£23,343
Ionad Uíbh Eachach	£27,893	1001145 C	£13,947
Glór na Móna	£34,237	1001137 C	£17,118
Croí Éanna	£34,714	1001143 C	£17,357
An Droichead Teo	£45,463	1001138 C	£22,731
Craobh an Aonaigh, C na G	€38,782	1001121 C	€19,391
Gaeilge Locha Riach	€51,169	1001126 C	€25,585
			€ 172,812
			£ 201,292
			€ 421,321

Miontuairiscí ón 132 cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 6 Márta 2015 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), A. Ní Chiaráin, T. Ruane, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí, S. M. Ó Domhnaill, D. Ó Laoghaire, C. Cavanagh agus É. Ó Gribín.

Leithscéalta: B. Ní Chonghóile, D. Ó hAiniféin, C. Ní Shúilleabháin, T. Mac Eochagáin agus P. Callaghan.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach). É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

01.132 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 23 Eanáir agus leis na miontuairiscí ón 10 Feabhra 2015 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl go raibh an Cód Earcaíochta le cur faoi bhráid an Fhoras Teanga agus go ndéanfaí sin ag an chéad chruinniú eile san fhómhar.

02.132 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £190,000 a cheadú don East Belfast Mission mar mhaoiniú don tréimhse 1 Meán Fómhair 2015 go 31 Lúnasa 2018. (£21,069 i 2015, £63,243 i 2016, £63,370 i 2017 & £42,316 i 2018)

Ainm Eagraíochta	Uimhir thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
East Belfast Mission	1501005	£209,543	£190,000

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Clár na Leabhar Gaeilge do Scéim na dTionscadal Litríochta 2015

Ainm Eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
IMRAM	CLG14046	€45,000	€45,000
Móinín	CLG14045	€9,000	€9,000
Oidhreacht Chorca Dhuibhne	CLG14038	€1,000	€1,000
Áras Scríbhneoirí na hÉireann	CLG14035	€14,100	€8,850
Futa Fata	CLG14036	€9,890	€9,000
Aisling Productions Ltd	CLG14040	€9,270	€9,270
Roinn na Gaeilge OÉG	CLG14043	€3,970	€3,345
Gaelchultúr Teoranta	CLG14041	€43,850	€25,000
Leabhair Pháistí Éireann	CLG14039	€23,250	€11,000
An Leabharlann, Coláiste na hOllscoile BÁC	CLG 14047	€6,503	€5,350
An Sagart	CLG14044	€3,800	€3,640

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 2 & 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

D'aontaigh an Bord coinníoll a chur le deontas Leabhair Pháistí Éireann go bhforbródh siad polasaí i leith na Gaeilge le linn na tréimhse agus nach nglacfaí le hiarratas uathu in 2016 mura mbeadh polasaí Gaeilge acu.

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas breise de **€15,000 a cheadú d'Oireachtas na Gaeilge (1401045B)** ar mhaithe leis an duaischiste do Ghradam Liteartha an Oireachtais i mbliana. Nocht E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí coimhlint leasa i dtaca leis an Oireachtas agus níor ghlac siad páirt sa phlé.

Ghlac an Bord leis an mholadh go dtairgfí conradh le deontas i gcabhair nach mó ná **€120,000 don tréimhse trí bliana, Márta 2015 go Feabhra 2018 do Ghaelchultúr** chun sainchúrsaí oiliúna Gaeilge a chur ar fáil don earnáil phoiblí thuaidh agus theas. Ardaíodh ceist cad chuige nach raibh an dá cháipéis sínithe ag Cathaoirleach Choiste na nDeontas agus cuireadh in iúl nach raibh siad réidh don chruinniú ar 19 Feabhra ach gur scaipeadh ar an Choiste ó shin iad. Gabhadh leithscéal nach raibh an cháipéisíocht réidh in am do Choiste na nDeontas. Aontaíodh go gcuirfí tuairisc iomlán faoin chonradh ar fáil don Bhord ag an chéad chruinniú eile.

An Coiste Forbartha

Thug Cathaoirleach an Choiste Forbartha uasdátú ar an chruinniú a bhí ag an Choiste roimh an chruinniú Boird speisialta ar 10 Feabhra. Thug sí ardmholadh don fheidhmeannas as an obair ar fad a rinneadh ar an bhealach chun cinn don SPG.

An Coiste Iniúchta

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste an lá roimhe ag a raibh ionadaí ó oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i láthair. Cuireadh in iúl go raibh teastas glan faighte ag Foras na Gaeilge maidir le cuntais 2013. Cuireadh in iúl gur tugadh moladh ar leith don Phríomhfheidhmeannach, don Chlár bhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise agus a foireann as trí sheit chuntas a ullmhú in achar iontach gairid ama. Cuireadh in iúl gur pléadh an litir bhainistíochta agus go raibh dul chun cinn déanta ar na moltaí inti. Míníodh go raibh an litir bhainistíochta i mBéarla amháin ach tugadh geallúint go mbeadh sí i nGaeilge feasta. Aontaíodh go scaipfí cóip den litir bhainistíochta ar an Bhord mar eolas. Ardaíodh ceist faoi mheastóireacht ar chostas pinsean agus aontaíodh go ndéanfaí an Príomhfheidhmeannach an cheist sin a ardú le Coiste Pinsean na bPríomhfheidhmeannach. Cuireadh in iúl gur tugadh moladh do Chlár bhainisteoir Áis mar gheall ar an obair a rinne sé leis na drochfhiacha a láimhseáil. Míníodh gur pléadh an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais agus moladh go mbeadh sin feicthe ag an Bhord agus é sin tuairiscithe sna miontuairiscí. Aontaíodh go ndéanfaí sin feasta. Thug Cathaoirleach an Choiste moladh don Phríomhfheidhmeannach agus don Chlár bhainisteoir Airgeadais as an obair ar fad.

D'fhág E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag ceannasaithe na gCeanneagraíochtaí in oifig an Aire Cultúir Ealaíon agus Fóillíochta ó thuaidh agus gur iarr oifig an Aire go bpléifí

na ceisteanna a ardaíodh ar an chruinniú sin ag cruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta agus go gcuirfeadh Foras na Gaeilge ar fáil bunaithe ar an phlé sin. Cuireadh in iúl gur pléadh na ceisteanna ar chruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta agus gur ullmhaigh an Leas-Phríomhfheidhmeannach tuairisc agus gur pléadh ag cruinniú den Choiste í. Léirigh an Bord míshásamh nach raibh na ceannasaithe ag caint leis an fheidhmeannas faoi na deacrachtaí a mhothaigh siad a bheith ann ach ag plé leis an RCEF. Chuir an Leas-Phríomhfheidhmeannach in iúl go mbeadh cruinniú ag an fheidhmeannas leis na ceannasaithe ina leith seachas é a phlé ag an Fhóram Comhpháirtíochta. Chuir sé in iúl chomh maith gur ar chruinnithe ar leith a phléifí ceisteanna den chineál seo feasta seachas ar chruinnithe den Fhóram Comhpháirtíochta toisc gur le comhpháirtíocht i bpleananna oibre na gCeanneagraíochtaí a phlé a bunaíodh an Fóram Comhpháirtíochta seachas le deacrachtaí idir Foras na Gaeilge mar mhaoinitheoir agus na Ceanneagraíochtaí éagsúla mar dheontaithe a réiteach.

D'fhill E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí ag an phointe seo.

An Coiste Osradhairc

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste an oíche roimhe ag ar pléadh agus aontaíodh ar phrótacal maidir le híocaíochtaí do na ceanneagraíochtaí.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 agus faoi Chuid 2, Míreanna 1, 2 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtas maidir le Saoráil Faisnéise.

Coiste Stiúrtha an Fhoclóra

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó na **€42,000** a cheadú do Ingénierie Diffusion Multimédia (IDM) chun aip a fhorbairt don Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge agus cothabháil a dhéanamh uirthi go dtí deireadh 2017 (**Aguisín 1**).

03.132 RÁITEAS CAITEACHAIS AGUS BUISÉAD DO 2015

Tháinig an Clárhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise i láthair an chruinnithe ar an fhíschomhdháil agus bhí plé ar an ráiteas caiteachais. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe do 2015. Cuireadh in iúl go mbeadh cruinniú ag an fheidhmeannas ar 2 Aibreán le hathbhreithniú buiséid a dhéanamh. Pléadh an díscríobh do 2014 agus ghlac an Bord leis. (**Aguisín 2**) Pléadh na ceangaltas agus ghlac an Bord leo. (**Aguisín 3**) Ghabh an Bord buíochas le foireann na rannóige airgeadais as an obair ar fad.

D'fhág an Clárhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise an cruinniú.

04.132 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

05.132 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc na hardbhainistíochta agus cuireadh in iúl:

- Go raibh glactha ag Shane Ó hEidhin leis an phost mar SSC agus ag Anna Davitt leis an tairiscint don phost mar CBC&M.
- Go raibh cruinniú ag an PF, an LPF agus an SSF leis an Aire ó thuaidh ar 23 Feabhra. Pléadh an SPG agus cás na réamhscolaíochta ó thuaidh.
- Gur cuireadh buiséad Cholmcille chuig na Ranna agus sciar iarrtha. Cheadaigh RCEF cuid s'acu ach nach raibh aon rud cloiste ón REOG go fóill.

- Gur eagraíodh traenáil maidir le cumhdach leanaí i gcomhar le Bord na hUitise agus le Volunteer Now ar an 24 Feabhra. D'fhreastail baill foirne as Gaoth Dobhair, Béal Feirste agus Baile Átha Cliath ar an traenáil.
- Go raibh dhá ainm (fear agus bean) le cur chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna le hghaidh ainmniúcháin Fhoras na Gaeilge ar an CNCM (NCCA).

Aontaíodh ar dhá ainm (fear agus bean) agus aontaíodh ar dhá ainm bhreise sa chás go mbeadh siad de dhíth. Ghlac an Bord leo d'aon ghuth.

- Go raibh sraith ceardlann á tabhairt ag an fhoireann in áiteacha éagsúla maidir le scéimeanna éagsúla Fhoras na Gaeilge agus an dóigh le hiarratas a dhéanamh.
- Do chuntais 2014 agus ar aghaidh, tá taifead le bheith ann ar:
 - Líon na gcoistí Boird
 - Líon cruinnithe ag gach coiste, agus
 - Líon freastail ar gach cruinniú Boird
- Go raibh moill le foilsiú an mhórthaighde ar dhá phríomhchúis:
 - Tá moltaí déanta ag léitheoir inmheánach in ESRI maidir le roinnt ceisteanna a bhaineann le leagan amach agus comparáideanna acadúla;
 - Teastaíonn ó Fhoras na Gaeilge go ndéanfaí ceist an chreidimh ó thuaidh a chíoradh níos mine, go háirithe i bhfianaise na dtorthaí ón Continuous Household Survey 2013-14 a d'eisigh RCEF i mí Feabhra.

Nótáladh go bhfuil sé i gceist ag ESRI páipéar acadúil faoi na torthaí a thabhairt ag comhdháil bhliantúil Chumann Léann Oideachais na hÉireann (Irish Educational Research Association) in Ollscoil na hÉireann Má Nuad i mí Aibreáin agus go bhfuil siad chun comhoibriú le Amárach Research agus breis anailíse a dhéanamh ar shaincheisteanna eile ar ball a bhaineann leis an Ghaeilge le foilseachán eile a fhorbairt.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

- Go bhfuarthas moladh ón iriseoir iomráiteach Kevin Magee maidir le Slí Cholmcille a dhéanamh ar rothar.

Ghlac an Bord leis an mholadh maoiniú suas go **£7,047** a chur ar fáil dó.

06.132 COMHFHREAGRAS

Chuir an Cathaoirleach in iúl go bhfuair sé féin comhfhreagras ó An Timire. Aontaíodh go mbuailfí leo.

07.132 AON GHNÓ EILE

Ardaíodh ceist faoi chomóradh 2016 agus cuireadh in iúl go raibh liosta le cur le chéile ina leith agus go mbeadh comórthaí ar an chlár don chéad chruinniú Boird eile. Ardaíodh ceist faoi mhaolú na Gaeilge san Aontas Eorpach agus aontaíodh scríobh chuig an dá Rialtas ag cur in iúl nach n-aontaíonn an Bord le haon mhaolú agus nár chóir aon mhaolú a chur i bhfeidhm mar gheall ar stádas na Gaeilge.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
17 Aibreán 2015

Aguisín 1

AIP DON FHOCLÓIR NUA BÉARLA-GAEILGE – MOLADH DON CHRUINIÚ BOIRD, 06 MÁRTA 2015 (Ign 0.2)

Reáchtáladh comórtas poiblí le deireannas chun tairiscintí a fháil maidir le forbairt agus cothabháil aipe don Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge. Fuarthas 6 cinn de thairiscintí faoin spriocdháta de 16 Eanáir 2015.

Agus anailís déanta ar na hiarratais go léir ag an bpainéal measúnaithe (triúr fhostaí den Fhoras móide saineolaí seachtrach), is an tairiscint ó *Ingénierie Diffusion Multimédia* (IDM) a fuair an marc is airde.

Is costas de €42,000 atá i gceist, maidir le forbairt na haipe i mbliana agus cothabháil a dhéanamh uirthi go dtí deireadh 2017. Moltar go nglacfaí leis an tairiscint seo ó IDM.

Mar eolas, is iad seo a leanas na conarthaí reatha atá faofa ag an mBord i dtaca le IDM:

Conradh	Dáta scoir	Luach
An DPS – an feidhmchlár foclóireachta a úsáidtear chun na hiontrálacha a scríobh. (beidh sé seo le síneadh go dtí deireadh na bliana 2016)	Eanáir 2016	44,145
An conradh cothabhála don suíomh beo (www.focloir.ie)	Nollaig 2016	18,025
Obair bhreise maidir leis an DPS agus an suíomh beo, in aon bhliain féilire amháin	Nollaig 2016	20,000 sa bhliain

Is mar thoradh ar chomórtais phoiblí atá na conarthaí thuasluaite aontaithe le IDM

Aguisín 2

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 6 & 9 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Miontuairiscí ón 133 cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 17 Aibreán 2015 in oifig Fhoras na Gaeilge, Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), A. Ní Chiaráin, T. Ruane, S. Mac Donncha, D. Ó hAiniféin, M. Mac Ruairí, S. M. Ó Domhnaill, D. Ó Laoghaire, T. Mac Eochagáin, agus C. Cavanagh.

Leithscéalta: E. Mac Cormaic B. Ní Chonghóile, C. Ní Shúilleabháin P. Callaghan agus É. Ó Gribín

Ag freastal: S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach). É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus C. Ní Chonghaile.

Leithscéal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach) agus S. Uí Choinne.

01.133 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 6 Márta agus shínigh an Cathaoirleach iad. Rinne É. Ó hArgáin tagairt don comhfhreagras ón Timire ag cur in iúl nach raibh siad sásta nár cuireadh maoiniú ar fáil dóibh.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Cuireadh fáilte roimh S. Ó hEidhin, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, chuig a chéad chruinniú Boird. Ritheadh rún comhbhróin le M. Ní Ghallchóir, iarchomhalta Boird, ar bhás a hathar, P. Ó Gallchóir, iarchomhalta Boird.

02.133 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

D'fhág L. Ó Maolmhichíl, agus M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa agus chuaigh S. Mac Donncha sa chathaoir.

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim na gComplachtaí Drámaíochta do 2015.

Ainm Eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
Ababú	1501003.01	£13,900	£11,000 (€13,580.24)
Aisteoirí an Lóchrainn	1501003.02	€2,500	€2,000
Axis	1501003.03	€25,000	€22,500
Branar	1501003.04	€52,500	€34,000
Cumann Drámaíochta Bulfin	1501003.05	€4,850	€4,000
Dowtcha Puppets	1501003.06	€9,000	€5,000
Fibín	1501003.07	€44,100	€36,000
Graffiti	1501003.08	€28,325	€24,500
Guthanna Binne Síoraí	1501003.09	€30,000	€19,000
Little Wolf Productions	1501003.10	€21,321	€18,000
Moonfish	1501003.11	€20,500	€18,500
Mouth on Fire Theatre Co.	1501003.12	€33,000	€19,000
Pobal ar an Iúl	1501003.13	£2,820	£2,000 (€2,469)

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £30,000 a chur ar fáil d’Aisling Ghéar.

Ainm Eagraíochta	Uimhir thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
Aisling Ghéar	1501015	£47,000	£30,000 (€37,037)

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim Deontas Cholmille Earrach 2015.

Ainm Eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
Oriel Centre	CC15001	€9,100	€1,100
Bord na Gaeilge UCD	CC15007	€3,500	€3,500
Comharchumann Forbartha Ghaioth Dobhair	CC15008	€11,620	€9,000
CCÉ Ard an Rátha	CC15021	€7,000	€1,800
Fibín	CC15016	€10,000	€10,000
Ollscoil Uladh	CC15009	£3,000	£600
Urrus nan Leabhraichean	CC15010	£8,832	£7,000
Glór na Spéiríní	CC15013	£2,760	£2,760
Glór Dhún Geimhin	CC15015	£6,550	£5,400
Armagh Pipers Club	CC15018	£5,135	£3,000
Club Óge Luraigh	CC15020	£8,720	£6,500
Cumann Forbartha Charn Tóchair	CC15019	£16,492	Iarratas tarraingthe siar
Áras Cholmille	CC15011	£5,000	Iarratas tarraingthe siar

Tá faisnéis fágtha ar lár sa tábla thuas toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 2 & 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Ghlac an Bord leis an mholadh ó Choiste na nDeontas go dtiocfaidh an feidhmeannas ar ais ag an chéad chruinniú eile le moladh maidir le cead tarmligthe do scéimeanna Cholmille.

D’iarr an Bord tuairisc ar an dóigh ar caitheadh maoiniú Cholmille, a thabharfadh léargas ar na téamaí, ar an fhorleathadh geografach agus ar a éifeachtacht, agus maoiniú Bhord na Gàidhlig san áireamh.

D’fhill L. Ó Maolmhichíl agus M. Mac Ruairí ag an pointe seo.

Thug an Bord suntas do na cáipéisí maidir le Gaelchutúr, Tionscadail Chomhpháirtíochta na gCeanneagraíochtaí, Infheistíocht sa Ghaeilge agus sa Ghaeltacht in 2016 agus don Léargas ar an chéad 6 mhí de Tuairisc.ie. Iarradh ar an feidhmeannas moladh an Bhoird ar an obair i gcomhpháirt a bhí ar siúl ag na Ceanneagraíochtaí a chur in iúl do na Ceanneagraíochtaí.

An Coiste Iniúchta

Ghlac an Bord leis an chlár rioscaí. Thug an Bord suntas don Ráiteas maidir le Rialú Immheánach Airgeadais. Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 25 Márta ag ar pléadh agus ar glacadh le cuntais 2014.

03.133 RÁITEAS CAITEACHAIS AGUS BUISÉAD DO 2015

Tháinig an Clár bhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise i láthair an chruinnithe agus bhí plé ar an ráiteas caiteachais. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe do 2015. Ghlac an Cathaoirleach, Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus na comhaltaí Boird buíochas léi as an tsárobair atá déanta aici le trí bliana anuas. D'fhág an Clár bhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise an cruinniú.

04.133 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

05.133 UASDÁTÚ AR AN FHOCLOÍR

Phléigh an Bord an t-athbhreithniú ar phlean 2015-2016 don Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge agus na roghanna a bhí ann. Ghlac an Bord le rogha 3 a chuirfeadh leagan níos cuimsithí den fhoclóir ar fáil, mar aon le haip ach a chuirfeadh moill leis an leagan leabhair den Fhoclóir go dtí 2017 (**Aguisín 1**).

06.133 RÚN MAIDIR LE TREOIR BAINC

Scaipeadh an rún maidir leis an treoir bainc agus bhí plé ina leith. Ghlac an Bord leis an rún maidir le treoir bainc.

07.133 COMHAONTÚ SEIRBHÍSE IDIR GNÍOMHAIREACHTAÍ AN FHORAIS TEANGA AGUS AN ROINN EALAÍON, OIDHREACHTA AGUS GAELTACHTA AGUS AN ROINN CULTÚIR, EALAÍON AGUS FÓILLÍOCHTA

Ghlac an Bord leis an leagan leasaithe den cháipéis agus mhol siad saincháipéis de chuid Fhoras na Gaeilge a dhéanamh den cháipéis seachas cáipéis de chuid an Fhorais Teanga. Tugadh cead don Chathaoirleach leasuithe eile a fhaomhadh thar ceann an Bhoid ach iad a bheith tuairiscithe don Bhord ina dhiaidh sin.

08.133 COMÓRTHAÍ AGUS FÉINIÚLACHT

Bhí plé ag an Bhord i leith comórthaí agus féiniúlachta. Tá an feidhmeannas ag ullmhú gearrliosta de dhaoine a bheadh sásta alt a scríobh maidir leis an ábhar seo. Aontaíodh go seolfaí an liosta chuig na comhaltaí Boird ar an ríomhphost ionas gur féidir leo ainmneacha eile a mholadh más mian leo. Luadh an tábhacht a bhain le hionadaithe thar ceann grúpaí mionlaigh bheith san áireamh, mar aon le hÉireannaigh i Sasana agus i gCeanada. Iarradh ar an fheidhmeannas comhphlé a dhéanamh ar cheist na Gaeilge sna comórthaí le húdarais eile agus le comhlachtaí stáit lena chinntiú go mbeadh an Ghaeilge fite trí gach gné díobh. Aontaíodh cruinniú le tobsmaointeoireacht ar an cheist.

09.133 TUAIRISC NA hARDBHAINISTIOCHTA

Cuireadh in iúl:

- Go raibh cruinniú ag an PF agus an SSF leis an Aire Stáit ar 01 Aibreán. Ag an

chruinniú pléadh:

- Líonraí Gaeilge agus Bailte Seirbhíse Gaeltachta
 - Scéim Phobal Gaeilge 2016-2020
 - Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge
 - Buiséad Fhoras na Gaeilge 2015 agus 2016
 - Nuachtán ar líne agus na hirisí Gaeilge
 - Bord Fhoras na Gaeilge
 - Éire 2016 – leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann leis an Ghaeilge a bheith lárnach go háirithe i bhfianaise Gaeilge a bheith ag 5 den 7 a shínigh an forógra
 - Maolú ar an Ghaeilge san Eoraip
- Go raibh cruinniú CATT socraithe do 10 Meitheamh.
 - Go mbeadh allúntas ar leith ag an REOG do chomóradh 2016.
 - Go mbeadh allúntas ar leith ag an REOG don Phleanáil teanga – beidh Foras na Gaeilge in ann cuid de sin a lorg do na Líonraí / Bailte Seirbhíse Gaeltachta.
 - Gur eagraigh Conradh na Gaeilge ceardlann lae do na hOll-chomhairlí nua ó thuaidh ar 25 Márta. Chuidigh Foras na Gaeilge leis an cheardlann agus chuir muid treoirleabhar ar fáil maidir leis an dóigh le freastal ar phobail na Gaeilge ag an cheardlann.
 - Go mbeadh próiseas comhairliúcháin ag an ROS maidir le moltaí s’acu le haghaidh oideachas Gaeltachta. Scaipfear eolas faoi nuair a thagann sé.
 - Go raibh cruinniú idir ionadaithe ó Bhord Fhoras na Gaeilge agus Bord Údarás na Gaeltachta ar 10 Aibreán i Ráth Chairn.
 - Gur cuireadh na dréachtráitis airgeadais agus an dréacht thuarascáil bhliantúil isteach ar 31 Márta.
 - Go raibh an t-athbhreithniú ar an eagraíocht ag dul ar aghaidh agus sainchomhairleoir ag ullmhú tuairisce ar struchtúr na heagraíochta a bheidh le plé leis an fhoireann.
 - Go raibh cruinniú ag an fheidhmeannas le hionadaithe Fhoras na Gaeilge ar choistí CNCM, lena mbuarthaí faoin churaclam úr comhtháite bunscoile a phlé agus na moltaí i leith na n-athruithe i siollabas an Teastais Shóisearaigh.
 - Gur éirigh leis an iarratas ar an scéim Other Words
 - Clár 4 bliana a bhfuil 5 réigiún páirteach ann, leis an scríbhneoireacht i mionteangacha a chur chun cinn. Beidh 6-8 scríbhneoirí ó gach ceann de réigiúnacha na 5 chomhpháirtí páirteach i dtréimhsí cónaitheacha sna réigiúnacha eile, áit a gcruthóidh saothar a dhéanfar a sheachadadh agus a aistriú isteach sna teangacha eile agus sa Bhéarla. Beidh €200,000 ar fáil ón AE thar 4 bliana agus beidh maoiniú meaitseála de €62,000 le cur ar fáil ag Foras na Gaeilge thar na 4 bliana.
 - Gur scríobh an PF chuig Cathaoirleach Bhord na nOibreacha Poiblí maidir leis an easpa dul chun cinn faoi oifig nua i mBÁC.

10.133 COMHFHREAGRAS

Thug an Bord suntas don chomhfhreagras. Rinne rúnaí Fhoras na Gaeilge tagairt don chomhfhreagras maidir leis an iarratas ar £6,000 atá á éileamh ag an tUltach. Rinneadh plé ar an cheist agus aontaíodh go raibh cinneadh déanta ag an mBord maidir leis an cheist seo cheana féin, gan maoiniú breise a chur ar fáil agus nach mbeadh aon athrú ar an gcinneadh sin.

Rinneadh tagairt don chomhfhreagras ag iarraidh ainmniúcháin eile do Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge / Loch Garman. Bhí roinnt ainmneacha eile molta ag an gcruinniú agus socraíodh go bhfágfaí faoi Údarás na Gaeltachta an t-ainmniúchán a chur chuig Foras na Gaeilge le seoladh ar aghaidh.

Rinneadh tagairt don chomhfhreagras ó Rúnaí Buan nua na Roinne Cultúir, Ealaíon agus Fóilíochta, Denis McMahon.

11.133 AON GHNÓ EILE

Rinneadh plé ar an ghéarchéim dar le comhaltaí a bhaineann le múineadh na Gaeilge sa chóras Béarla faoi láthair ó dheas, ar chaighdeán Gaeilge múinteoirí úra bunscoile agus ar chinneadh an Rialtais gan measúnú a dhéanamh ar Ghaeilge daltaí bunscoile sa chóras Béarla. Tugadh suntas don stocaireacht atá Conradh na Gaeilge a dhéanamh ar an Rialtas maidir le deireadh a chur leis an mhaolú atá á dhéanamh don Ghaeilge san Aontas Eorpach.

Scaipeadh an Treoircháipéis: Seirbhísí Gaeilge sna Comhairlí Nua a bhí ullmhaithe ag an fheidhmeannas mar eolas ag an chruinniú.

Ardaíodh ceist ar tháinig aon aiseolas ó oifig Chléireach na Dála maidir leis an athbhreithniú ar Chaighdeán na Gaeilge.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
22 Bealtaine 2015

**AN FOCLÓIR NUA BÉARLA-GAEILGE –
ATHBHREITHNIÚ AR PHLEAN 2015-2016**

8/04/15

A. AN PLEAN REATHA (FAOFA FEABHRA 2014)

Sa chéad ráithe de 2014 d'fhaomh Bord Foras na Gaeilge agus an CATT na spriocanna seo a leanas don Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge:

Dáta	Aonaid Chéille (AC) nua	Líon carnach na AC ar líne	Stádas
Márta 2013 – athlódáil ar iontrálacha atá beo cheana	n/bh	30,000	I gcrích
Meitheamh 2013	8,000	38,000	I gcrích
Nollaig 2013	20,000	58,000	I gcrích
Meitheamh 2014	16,000	74,000	I gcrích
Nollaig 2014	16,000	90,000	I gcrích
Meitheamh 2015	20,000	110,000	Idir lámha
Nollaig 2015	20,000	130,000	Idir lámha

Tá sé leagtha amach sa phlean, leis, go ndéanfaí aip den Fhoclóir a chur ar fáil in 2014 (é sin ag tarlú anois in Iúil 2015) agus go ndéanfaí leagan clóite den Fhoclóir a fhoilsiú in 2016.

B. STAID REATHA AN TIONSCADAIL

Le 90,000 AC anois ar líne, tá na spriocanna ar fad thuas do 2014 bainte amach. Chomh maith leis sin, tá leaganacha iomlána de *English-Irish Dictionary* (de Bhaldráithe) agus *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Ó Dónaill) ar fáil ar líne ó 2013, chomh maith le Bunachar Gramadaí agus Bunachar Foghraíochta, agus tá nuashonrú agus breisiú á dhéanamh go leanúnach ar na hacmhainní breise sin.¹

C. TOSCA A BHFUIL IMPLEACHTAÍ SUNTASACHA LEO I DTACA LE SPRIOCANNA 2015-2016

Bunaithe ar an taithí atá gnóthaithe ag an fhoireann i mbaint amach spriocanna an tionscadail go dtí seo, agus mar gheall ar athruithe ar chomhdhéanamh agus ar líon acmhainní na foirne eagarthóireachta, athruithe nach bhfuil aon smacht againn orthu, táimid den tuairim gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna 2015 óir beidh tionchar suntasach ag na saincheisteanna a luaitear thíos ar an líon iontrálacha is féidir a chur faoi eagarthóireacht agus a uaslódáil in 2015:

- Bhí an ráta ardaithe táirgiúlachta in 2015 bunaithe ar thuar go mbeadh ábhar an fhoclóra ag éirí níos simplí de réir mar a bheadh minicíocht na gceannfocal ag ísliú, ach feictear anois nach amhlaidh an cás; chomh maith leis sin, tá an t-ábhar ar fad a raibh buneagarthóireacht déanta air ag na heagarthóirí a bhí ar conradh agus ag cuid d'fhoireann an Gúm beagnach ídithe, rud a fhágann gur eagarthóireacht ó bhonn den chuid is mó atá á déanamh ag na heagarthóirí sinsearacha anois;
- Laghdú suntasach (70% sa chéad ráithe de 2015) ar na hacmhainní seachtracha eagarthóireachta atá ar fáil don tionscadal;

¹ Féach www.teanglann.ie/ga/

- Ualach oibre iomarcach ar an bhfoireann ar bhonn leanúnach mar gheall ar spriocanna nach féidir, ónár dtaití le dhá bhliain anuas, a bhaint amach laistigh de ghnáthuaireanta oibre;
- Tá bearnaí suntasacha ag teacht chun solais maidir le téarmaíocht na bpríomhábhar bunscoile agus meánscoile bunaithe ar thaighde teoranta déanta againn ar na siollabais thuaidh agus theas; is téarmaí iad seo nach raibh tagtha i dtreis in ábhar Béarla FNBG ach a bheadh ag teastáil ó dhaltáí agus múinteoirí;
- Tascanna foclóireachta eile atá riachtanach agus nach raibh san áireamh nuair a ullmhaíodh an plean, mar shampla forbairt agus cothabháil shuíomh reatha agus aip an Fhoclóira, agus forbairt agus cothabháil www.teanglann.ie agus Chorpas na Gaeilge.

D. SPRIOCANNA AN TIONSCADAIL - NA ROGHANNA

I bhfianaise an méid a luadh thuas, tá trí rogha ann i dtaca le spriocanna an tionscadail:

Rogha 1: An sprioclíon AC do 2015 a laghdú go dtí 120,000 ach gan aon athrú ar an sceideal reatha

- Bunaithe ar anailís staitistiúil ar ualach oibre na foirne ó tosaíodh a fhoilsiú an ábhair ar líne ar bhonn céimnithe, is léir nach mbeadh an fhoireann reatha in ann na spriocanna reatha a bhaint amach gan bheith ag obair ar 125% an ghnáthráta oibre ar bhonn leanúnach.
- Bheadh riosca suntasach anseo d'Fhoras na Gaeilge mar fhostóir, nuair a áirítear a dhualgas cúraim i leith na foirne. Leis na spriocanna reatha a bhaint amach, mar sin de, bheadh gá le hacmhainní eagarthóireachta breise. Níl acmhainní mar sin ar fáil faoi láthair, ná ní fhéadfaí baill foirne nua a earcú agus a oiliúint sa ghearrthréimhse gan baint go suntasach d'éifeachtúlacht na foirne atá ann nó bheadh oiliúint le cur ar aon bhall foirne nua rud a bhainfeadh de tháirgiúlacht agus éifeachtúlacht na foirne reatha.
- Ar a bharr seo, faoi Rogha 1 ní fhéadfaí tabhairt faoi fhorbairtí riachtanacha eile i dtaca leis an gCorpas Gaeilge agus le www.teanglann.ie, mar atá leagtha síos sa Straitéis Foclóireachta a d'fhaomh Bord Foras na Gaeilge ag cruinniú ar 25 Eanáir 2013.
- Bheadh de mhíbhuntáiste breise faoi Rogha 1, nach mbeadh deis ag an fhoireann tabhairt faoi na bearnaí tábhachtacha atá ag teacht chun solais maidir le riachtanais earnáil an oideachais trí mheán na Gaeilge luaite ag C thuas.

Rogha 2: (a) sprioc 2015 a laghdú go dtí 120,000 AC; (b) 10,000 AC breise a chur leis sin in 2016 le béim ar chumhdach an churaclaim bhunscoile agus mheánscoile; agus (c) gan leabhar a dhéanamh den Fhoclóir. Faoi Rogha 2 bheadh foclóir 130,000 AC ar fáil ar líne agus as líne (tríd an aip) a riarfadh ar earnáil an oideachais ó thuaidh agus ó dheas.

- Ag tabhairt na dtosca thuas san áireamh, molaimid go laghdófaí sprioc 2015 ó 130,000 go dtí 120,000 AC san iomlán, agus in 2016 go gcuirfí 10,000 AC breise leis an bhFoclóir le béim ar an téarmaíocht atá ag teastáil ar na daltaí meánscoile Thuaidh agus Theas. D'fhágfadh sé sin 130,000 AC san iomlán san Fhoclóir faoi dheireadh 2016.
- Faoi Rogha seo, ní thabharfaí faoi fhoclóir clóite a fhoilsiú mar chuid den tionscadal ó tharla an Foclóir a bheith ar líne agus ar fáil mar aip, cé gur léir ó na figiúirí díolacháin go bhfuil éileamh leanúnach ar *English-Irish Dictionary* de Bhaldraithe (1959) agus is dócha go leanfadh daoine de bheith á cheannach mar bhunfhoinsé foclóireachta Béarla-Gaeilge.

Rogha 3: (a) sprioc 2015 a laghdú go dtí 120,000 AC; (b) 10,000 AC breise a chur leis sin in 2016 le béim ar chumhdach an churaclaim bhunscoile agus mheánscoile; agus (c) an Fhoclóir a fhoilsiú mar leabhar do thús na scoilbhliana in 2017.

- Ag tabhairt na dtosca thuas san áireamh, molaimid go laghdófaí sprioc 2015 ó 130,000 go dtí 120,000 AC san iomlán, agus in 2016 go gcuirfí 10,000 AC breise leis an bhFoclóir le béim ar an téarmaíocht atá ag teastáil ar na daltaí meánscoile

Thuaidh agus Theas. D'fhágfadh sé sin 130,000 AC san iomlán san Fhoclóir faoi dheireadh 2016.

- Faoin Rogha seo, d'fhoilseofaí an Foclóir Nua Béarla-Gaeilge mar leabhar in 2017 mar áis dóibh siúd nach bhfuil luí le ríomhairí nó le gairis mhóibíleacha acu, nó dóibh siúd ar mhaith leo foclóir clóite sa bhreis ar an leagan leictreonach.

E. MOLADH

Ar mhaithe le táirge deiridh níos cuimsithí agus níos críochnúla, chomh maith le rogha formáidí, a sholáthar d'úsáideoirí na teanga, agus ag tabhairt san áireamh na ceisteanna agus na figiúirí a pléadh thuas, measann Coiste Stiúrtha an Fhoclóra gurb í Rogha 3 an rogha is tairbhí don tionscadal.

Is féidir an rogha seo a chur i gcrích taobh istigh de bhuiséad reatha an tionscadail.

F. ACHOIMRE

Molaimid go gcuirfí an plan leasaithe thíos i bhfeidhm in áit an phlean reatha

Dáta	Aonaid Chéille (AC) nua	Líon carnach na AC ar líne	Spriocanna Eile
Meitheamh 2015	15,000	105,000	
Nollaig 2015	15,000	120,000	
Meitheamh 2016	10,000	130,000	<ul style="list-style-type: none"> • scagadh córasach ar shiollabais agus ar théacsleabhair na bunscoile agus na meánscoile (suas go dtí an Teastas Sóisearach/GCSE) le croithéarmaíocht na n-ábhar a bhailiú agus a chuimsiú
Nollaig 2016			<ul style="list-style-type: none"> • eagarthóireacht trasfhoclóra síos tríd • rialú cáilíochta síos tríd • deimhniú comhleanúnachais síos tríd • deimhniú na nuathéarmaíochta ag an gCoiste Téarmaíochta
2017			<ul style="list-style-type: none"> • Foilsiú an leagain chlóite de FNBG

Miontuairiscí ón 134 cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 22 Bealtaine 2015 i gCultúrlann Uí Chanáin, Doire.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic, A. Ní Chiaráin, T. Ruane, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí, S. M. Ó Domhnaill, D. Ó Laoghaire, P. Callaghan agus C. Cavanagh.

Leithscéalta: D. Ó hAiniféin, B. Ní Chonghóile, C. Ní Shúilleabháin, T. Mac Eochagáin agus É. Ó Gribín.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin, A. Davitt agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach).

01.134 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 17 Aibreán agus shínigh an Cathaoirleach iad.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 agus faoi Chuid 2, Mír 2 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Nótáil an Bord an comfhreagras is déanaí faighte maidir leis an tUltach. Cuireadh in iúl go raibh an comhaontú seirbhíse curtha isteach chuig na Ranna leis na leasuithe molta ag an Bhord.

02.134 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Ghlac an Bord leis na treoirlínte do Scéim Pobal Gaeilge 2016-2019 (**Aguisín 1**).

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim na bhFéilte do 2015 (**Aguisín 2**). Rinneadh tagairt don léarscáil agus na contaetha nach raibh féilte á reáchtáil iontu agus cuireadh in iúl go mbeadh cruinnithe poiblí le gairm sna contaetha sin chun spré tíreolaíoch na bhféilte a leathadh.

Cuireadh in iúl nach raibh scéal cinnte ann fós maidir le buiséad Cholmcille agus go raibh líon ard ceangaltas ann. Mar gheall air sin thug an Bord cead don Phríomhfheidhmeannach, i gcomhar leis an Chathaoirleach, deontais a bhí faoi bhráid a cheadú, in ord tosaíochta, ach an buiséad bheith ar fáil daofa. Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le cead tarmligthe do scéimeanna Cholmcille mar a leanas:

- Iarratais faoi €4,000 / £2,500 le ceadú ag an Stiúrthóir
- Iarratais idir €4,000 agus €12,000 / £2,500 agus £8,000 le ceadú ag an Phríomhfheidhmeannach
- Iarratais os cionn €12,000 / £8,000 le ceadú ag Bord Fhoras na Gaeilge

Ghlac an Bord leis an moladh nach mbeidh uasmhéid sna hiarratais do Scéimeanna Cholmcille

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le maoiniú breise de €15,000 a thabhairt d'Oireachtas na Gaeilge le haghaidh imeachtaí le linn Oíche Chultúir i Meán Fómhair 2015 bunaithe ar chlár níos iomláine a bheith curtha ar fáil ag Oireachtas na Gaeilge.

D'fhág L. Ó Maolmhichíl an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa agus chuaigh E. Mac Cormaic sa chathaoir.

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €15,000 a chur ar fáil do Mheangadh Fibín Teo don Aip le haghaidh 'Saol faoi Shráid'.

Ainm Eagraíochta	Uimhir thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
Meangadh Fibín Teo	1501026	€15,850	€15,000

D'fhill L. Ó Maolmhichíl ag an phointe seo.

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le Gaelscoileanna Teo.

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim na gCampaí Samhraidh do 2015 (**Aguisín 3**). Rinneadh tagairt don léarscáil agus na contaetha nach raibh campaí á reáchtáil iontu agus cuireadh in iúl go mbeadh cruinnithe poiblí le gairm sna contaetha sin chun spré tíreolaíoch na gcampaí samhraidh a leathadh.

An Coiste Osradhairc

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ann an lá roimhe ag ar pléadh cúrsaí pinsean a bhí i dtuairisc na hArdbhainistíochta.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 agus faoi Chuid 2, Míreanna 1, 2 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

An Coiste Iniúchta

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 13 Bealtaine ag ar glacadh leis an pholasaí sceithireachta, an ráiteas calaoise, na téarmaí tagartha agus leis an pholasaí creidmheasa don ÁIS. Ghlac an Bord leis na téarmaí tagartha don Choiste Iniúchta, leis an pholasaí sceithireachta agus leis an ráiteas calaoise.

D'fhág E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Ghlac an Bord leis an pholasaí creidmheasa don ÁIS agus tugadh ardmholadh do Chlár bhainisteoir na hÁise as an obair ar fad a rinne sé in ullmhú an pholasaí sin.

D'fhill E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí ag an phointe seo.

Nótáil an Bord gur pléadh tuairisc an Iniúcháir Inmheánaigh ar an cheistneoir um rialú inmheánach 2014 agus léiríodh muinín an Choiste Iniúchta as an obair ar fad a bhí á dhéanamh ó thaobh rialachais inmheánaigh de. Ardaíodh ceist faoin tuairisc ar an phárolla agus cuireadh in iúl go raibh sin le teacht fós. Ghlac an Bord leis an phlean iniúchta go dtí deireadh na bliana.

D'fhág E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

D'aontaigh an Bord Mír 7 a phlé ag an phointe seo.

07.134 SUÍOMH TAIRSI AGUS SUÍOMH CORPARÁIDEACH FHORAS NA GAEILGE

Scaipeadh tuairisc maidir leis an suíomh tairsí don Ghaeilge agus bhí plé ina leith. Ghlac an Bord leis an mholadh cead a thabhairt don fheidhmeannas tuilleadh plé a

dhéanamh le Conradh na Gaeilge faoi fhorbairt an tsuímh agus cead a thabhairt don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, maoiniú suas go €42,000 a cheadú leis an obair forbartha ar PEIG.ie a chur i gcrích. Cuireadh in iúl go mbeadh tairiscintí á lorg le suíomh corparáideach a fhorbairt d'Fhoras na Gaeilge.

D'fhill E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí ag an phointe seo.

An Coiste Forbartha

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 13 Bealtaine ag ar pléadh SPG, an Lámhleabhar Foirne, an Polasaí Oiliúna agus Forbartha, Cabhair le haghaidh Staidéir agus comóradh 1916. Cuireadh in iúl go mbeadh athbhreithniú le déanamh ar fheidhmiú gach coiste Boird mar chuid den Ghradam Sármhaitheasa a bhuaigh Foras na Gaeilge agus aontaíodh go ndéanfaí sin agus go ndéanfaí tuairisciú don Bhord ina leith ag gach coiste faoi dheireadh Mheán an Fhómhair.

03.133 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 AIBREÁN AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2015

Scaipeadh cóip chrua den ráiteas caiteachais mar aon le cáipéis eile a léirigh an staid reatha ó thaobh airgeadais de. Thug an Bord moladh don Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha as an cháipéis chabhrach a ullmhú faoin staid reatha airgeadais. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais, ghlac siad leis na hathruithe ar leathanach 2 agus thug an Bord faomhadh don bhuiséad athbhreithnithe do 2015.

04.134 AN FOCLÓIR NUA – ÍOCAÍOCHTAÍ BREISE AR CHONARTHAÍ REATHA

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le híocaíochtaí breise ar chonarthaí reatha don fhoclóir go méadófaí an íocaíocht le IDM ó €20,000 go dtí €35,000 don bhliain 2015 amháin agus go síneofaí an ceadúnas don DPS go deireadh mhí na Nollag 2016 ar chostas €13,489 (**Aguisín 4**). Cuireadh in iúl go mbeadh faomhadh CATT le fáil i leith an chlár ama a d'aontaigh an Bord i mí Aibreáin ag an chruinniú ar 10 Meitheamh.

05.134 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

06.134 MOLTAÍ POLASAÍ DON SOLÁTHAR OIDEACHAIS I LIMISTÉIR GHAELTACHTA

Cuireadh in iúl go raibh comhairliúchán ar siúl ag an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi na moltaí seo agus moladh go spreagfaí daoine le haighneachtaí a chur chuig an ROS ina leith.

08.134 COMÓRTHAÍ AGUS FÉINIÚLACHT

Cuireadh in iúl go raibh seisiún fiúntach ag an Bhord an oíche roimhe i leith comórthaí agus féiniúlachta agus go scaipfí an liosta cuimsitheach dá réir. Aontaíodh go mbeadh plé le déanamh leis na nuachtáin i leith na n-alt agus ceistanna cóipchirt.

09.134 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Cuireadh in iúl:

- Go mbeadh cruinniú CATT ann 10 Meitheamh in oifig Bhord na hUltaise i mBéal Feirste. Go raibh plé ar siúl le Fiontar faoi úinéireacht an ainm fearainn focal.ie a bhí le haistriú chuig Foras na Gaeilge nuair a aistríodh an bunachar téarmaíochta siar in Aibreán 2007.
- Go raibh tús curtha le dréachtú Phlean Gnó 2016. Nuair a chuirtear na ceangaltais uilig san áireamh tá €1.5m sa chiste le hobair na heagraíochta – idir scéimeanna maoinithe, fhoilseacháin, chomhthionscadail agus obair s’againn féin – a chur i gcrích.
- Nach raibh aon leanúnachas ann ag na ranna urraíochta thuaidh agus theas faoin dóigh a láimhseálann siad íocaíochtaí pinsean. I bhForas na Gaeilge íoctar pinsean as an soláthar tuarastail agus caithfidh cnapshuimeanna a dhíol as seo chomh maith. Cé go ndeir DAO (DFP) 04/09 a mhalairt.

Caithfidh cuimhneamh go ndíoltar aon airgead a aistrítear isteach sa scéim leis na ranna. Seo a leanas an cur chuige reatha:

Eagraíocht	Íocaíochtaí Pinsean (Cnapshuimeanna)
Safefood	Suas go 30% ón Roinn ó thuaidh
Uiscebhealaí Éireann	A dhath ar bith
An Foras Teanga	A dhath ar bith
ITI	Cuireann DETI & DEJI 100% ar fáil
Turasóireacht Éireann	Cuireann DETI an maoiniú ar fáil go siarghabhálach le haghaidh pinsean, idir chnapshuimeanna agus gnáth pinsean. In 2004 chuir DTTAS maoiniú breise ar fáil le cnapshuimeanna a chlúdach agus fágadh sin mar chuid den ghnáthmaoiniú bliantúil ina dhiaidh sin.
SEUPB	Cnapshuim ag teacht chun tosaigh don chéad uair.
Loughs Agency	Ag fanacht ar eolas

Thiocfadh le híocaíochtaí suas go €290,000 a bheith i gceist i 2016 má chinneann na daoine go dtiocfadh leo imeacht ar scor ar imeacht.

Aontaíodh go ndéanfaí litir a dhréachtú le cur chuig na hAirí maidir le cúrsaí pinsean agus ag sonrú na ndifríochtaí sa chur chuige.

- Gur cuireadh Plean Gnó leasaithe do Cholmcille chuig na ranna.
- Go raibh an t-athbhreithniú ar an eagraíocht a bhí beartaithe ag na ranna curtha ar ceal.
- Go raibh tairiscintí lorgtha le tacaíocht AD a chur ar fáil don eagraíocht.
- Go raibh Dónall Ó Baoill ceaptha mar Chomhairleoir Pleanála Teanga ar an Fhóram Comhpháirtíochta agus ar an Fhóram Forbartha Teanga. Ní rachaidh luach an chonartha suas go dtí Aibreán 2017 thar €24,800 (CBL san áireamh)
- Go raibh plé ag an SSC leis an OPW maidir le cóiríocht oifige i mBÁC.
- Go raibh cás gnó do shíneadh bliana ar an léas ar Chearnóg Mhuirfean ceadaithe ag na Ranna.

- Go raibh cás gnó do léas úr ar an oifig i nGaoth Dobhair curtha faoi bhráid na Ranna. Is é an cíós céanna a bheadh i gceist.
- Go raibh cruinniú le Rúnaí Buan DCAL, Denis McMahon, ar 19 Bealtaine le cur i láthair a thabhairt dó ar obair Fhoras na Gaeilge. Tá sé sásta suí síos linn agus straitéis leis an Ghaeilge a fhorbairt sa roinn a oibriú amach.
- Gur tharla meancóg ar mhiontuairiscí 06 Márta agus an tsuim luaite leis an East Belfast Mission do 2018. Is £42,316 atá luaite nuair is £42,318 a ba cheart a bheith luaite. Níl difear sa mhórfhigiúr £190,000 a ceadáíodh.
- Gur bhain leabhar de chuid Fhoras na Gaeilge *Haiku – más é do thoil é* le Gabriel Rosenstock duais ag Gradaim Leabhair na Bliana de chuid CBI.

Gabhadh buíochas leis an Phríomfheidhmeannach agus leis an ardbhainistíocht as ucht na tuairisce a ullmhú. Thug an Bord suntas don tuairisc maidir le Colmcille a ullmhaíodh ar iarratas an Bhoird.

10.134 COMHFHREAGRAS

Thug an Bord suntas don chomhfhreagras.

11.134 AON GHNÓ EILE

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2015

**SCÉIM POBAL GAEILGE
2016 -2019**

Treoirlínte d'Iarratasóirí

Cuireann na treoirlínte seo eolas ar fáil faoi Scéim Pobal Gaeilge Fhoras na Gaeilge. Cuideoidh siad leat:

- cinneadh a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil d'eagraíocht i dteideal cur isteach ar mhaoiniú faoin scéim seo,
- tionscadal a fhorbairt a luíonn leis na treoirlínte agus a chomhlíonann critéir na scéime seo,
- iarratas a ullmhú ina bhfuil an t-eolas go léir atá de dhíth.

Léigh go cúramach iad, le do thoil, sula dtugann tú faoin iarratas a chomhlánú.

1: Mar gheall ar Fhoras na Gaeilge

Is comhlacht forfheidhmithe Thuaidh/Theas é Foras na Gaeilge agus baineann a ról le húsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa saol poiblí agus sa saol príobháideach i bPoblacht na hÉireann, agus i dTuaisceart Éireann mar a mbíonn éileamh cuí ann.

Reáchtálann Foras na Gaeilge scéimeanna éagsúla deontais. Bíonn spriocanna, cuspóirí agus critéir éagsúla ag na scéimeanna seo. Tá tosaíochtaí maoinithe chomh maith le spriocanna socraithe ag Bord Fhoras na Gaeilge. Is féidir tuilleadh faoi seo a léamh in Aguisín 1.

2: Mar gheall ar an Scéim seo

Is é an aidhm atá leis an scéim seo ná an Ghaeilge a **chur chun cinn, a chothú agus a bhuanú ar bhonn pobail le béim faoi leith ar bhunú institiúidí buana agus gréasáin bhuna sna pobail siúd i gcomhair le forais eile an cheantair.**

Tríd an scéim seo, maoiníodh Foras na Gaeilge gréasán d'**Oifig Forbartha Gaeilge** phobalbhunaithe a fhostófar ar feadh ceithre bliana. Beidh feidhmeanna éascaitheoireachta agus gréasánaíochta ag na hoifigigh sin, mar aon le feidhmeanna a bhaineann le forais eile a fhorbairt ina mbeadh an Ghaeilge á húsáid agus á cur chun cinn ar leas an phobail sin.

Tá suas le **€4 milliún** de bhuiséad iomlán ag an scéim agus tá maoiniú á thairiscint ar feadh ceithre bliana (ó Eanáir 2016 go dtí Nollaig 2019). Ciallaíonn sé seo go bhfuil suas le **€1 milliún** i mbuiséad bliantúil na scéime.

Beidh **gairm amháin** ar iarratais agus ní ghlacfar ach le hiarratas amháin ó aon eagraíocht ar leith. **I gcás comhiarratais, ina bhfuil dhá eagraíocht nó níos mó ag cur iarratais isteach i gcomhpháirtíocht, ní mór an t-iarratas a dhéanamh in ainm príomheagraíocht na comhpháirtíochta.**

Tabhair faoi deara go bhfuil fócas na scéime athraithe agus is cóir d'iarratasóirí a thógáil san áireamh roimh ré gur féidir go mbeidh a ról forbartha bainteach le páirtithe úra agus le ceantar níos leithne ná mar a chleachtar faoi láthair.

Is é an spriocdháta le haghaidh iarratas ná 12.00 meán lae, 24 Iúil 2015 agus ní ghlacfar le haon iarratas a fhaightear tar éis an spriocdháta seo. Tá sé de cheart ag Foras na Gaeilge gairm eile ar iarratais a eisiúint mura bhfaightear go leor iarratas ar chaighdeán cuí.

3. An féidir linne cur isteach air?

Le bheith incháilithe cur isteach ar an scéim seo, ní mór d'eagraíocht na critéir cháilitheacha seo a leanas a chomhlíonadh;

- a. Bheith ina ghrúpa pobail seachas údarás áitiúil, scoil, coláiste nó institiúid eile, naíonra, grúpa iar-scoile nó eagraíocht bhrabúsach. I gcás comhiarratais, ina bhfuil dhá eagraíocht nó níos mó ag cur iarratais isteach i gcomhpháirtíocht, ní mór an t-iarratas a dhéanamh in ainm príomheagraíocht na comhpháirtíochta.
- b. An príomhaidhm a bheith acu an Ghaeilge a chur chun cinn. Féach go bhfuil gníomhaíochtaí ealaíon, óige agus oideachais maoinithe cheana féin faoi scéimeanna deontais eile de chuid Fhoras na Gaeilge. Ciallaíonn sé seo más é príomhfhócas na heagraíochta, mar shampla, na healaíona, an óige nó oideachas, ní bheidh siad i dteideal cur isteach ar an scéim seo.
- c. Bheith lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht.
- d. Gan a bheith ag fáil maoiniú eagraíochtúil trí scéimeanna eile ó Fhoras na Gaeilge.
- e. Bheith in ann a léiriú go bhfuil siad ag feidhmiú laistigh de phobal bríomhar Gaeilge atá ann cheana.
- f. Cumas Gaeilge a bheith ag 10% ar a laghad de dhaonra sprioc-cheantar na heagraíochta. Ní mór fianaise a sholáthar, e.g. staitisticí daonáirimh, suirbhéanna, etc.
- g. Struchtúr ceart bainistíochta a bheith ag an eagraíocht agus cumas bainistíochta a léiriú.

- h. Cuntas bainc in ainm na heagraíochta atá faoi stiúir Choiste nó Bhord na heagraíochta. Ní mór é a bheith riachtanach de réir nósanna imeachta na heagraíochta gur gá beirt nach bhfuil gaol acu dá chéile seiceanna a shíniú / íocaíochtaí a údarú.
- i. Cóip shínithe agus dhátaithe de cháipéisí rialaithe na heagraíochta (mar shampla, bunreacht, Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais mar is cuí) a bheith leis an iarratas. Ní mór na sonraí seo a leanas a bheith sa bhunreacht;
- ainm na heagraíochta,
 - aidhmeanna agus cuspóirí na heagraíochta
 - sonraí maidir leis an dóigh a mbainfidh sí na cuspóirí sin amach
 - sonraí maidir leis an dóigh a roghnaítear nó a gceaptar a bord nó coiste
 - sonraí maidir leis an dóigh ar féidir le daoine páirt a ghlacadh san eagraíocht
 - sonraí maidir le cad a tharlóidh do na sócmhainní má dhruideann an eagraíocht síos (clásal scaoilte)
 - an dáta ar glacadh leis an mbunreacht thar ceann na heagraíochta
 - síniú an oifigigh chuí nó na n-oifigeach cuí
- j. Bheith cobhsaí maidir le cúrsaí airgid. Ní mór cuntais bhliantúla agus ráitis bhainc a chur leis an iarratas. Má bhíonn na cuntais níos sine ná 12 mhí, ní mór cuntais bhainistíochta a sholáthar agus iad sínithe ag cathaoirleach na heagraíochta agus miontuairiscí den chruinniú inar glacadh leo.
- k. Gan a ndóthain acmhainne a bheith acu leis an tionscadal a reáchtáil iad féin, i.e. nach bhfuil aon ghá le deontas.
- l. Gach cáipéisíocht a bhaineann le haon mhaoiniú a fuair an eagraíocht roimhe seo ó Fhoras na Gaeilge a bheith in ord chun shástacht Fhoras na Gaeilge.
- m. Gach ní atá ar sheicliosta na foirme iarratais a bheith leis an iarratas.

Féadfaidh Foras na Gaeilge cur leis na critéir cháilitheacha seo.

Tá an scéim iomaíoch seo oscailte d'iarratasóirí, idir dheontaithe reatha agus iarratasóirí nua, ó áit ar bith in Éirinn agus caithfear le gach uile iarratas ar an dóigh chéanna tríd an phróiseas measúnaithe. **De bharr gur scéim iomaíoch í, ní féidir barántas a thabhairt go gcuirfear maoiniú ar fáil faoin scéim do cheann ar bith de na deontaithe reatha.** Táthar ag súil go mbeidh éileamh mór ar an scéim seo agus beidh deontais le tairiscint do líon teoranta iarratasóirí.

Mura bhfuil tú cinnte cé acu atá nó nach bhfuil d'eagraíocht i dteideal cur isteach ar an scéim seo téigh i dteagmháil le: **Scéim Pobal Gaeilge 2016-2019, an Rannóg Pobal agus Gnó, An Chrannóg, Na Doirí Beaga, Co Dhún na nGall, nó spg@forasnagaeilge.ie, nó le hOifigeach na Scéime ar 00353 74 9558126.**

4. Cad iad na saghsanna tionscadail a mhaioineofar?

Faoi Scéim Pobal Gaeilge níl ach saghas amháin tionscadail atá i dteideal maoiniú a fháil: **Oifigeach Forbartha Gaeilge** pobalbhunaithe amháin a fhostú thar cheithre bliana le **plean oibre ar bhunú institiúidí buana agus gréasáin bhuana** sa phobal sin a fheidhmiú faoi stiúir an choiste stiúrtha. Tá gach saghas eile tionscadail dícháilithe sa scéim áirithe seo. **Dícháileofar aon iarratas a lorgaíonn maoiniú le haghaidh líon níos mó fostaithe ná seo.**

Ní mór ardscoilleana Gaeilge, idir labhartha agus scríofa, a bheith ag an **Oifigeach Forbartha Gaeilge**. Beidh gá le dréacht-sainchuntas poist don phost seo a chur isteach leis an iarratas. Tugtar sainchuntas poist samplach in Aguisín 2.

Ní mór **Plean Oibre**, a chuimsíonn eolas sonrath ar **bhunú institiúidí agus gréasáin don cheantar** agus **ar fheidhmeanna gréasánaíochta agus forbartha an Oifigigh Forbartha Gaeilge**, a chur isteach leis an iarratas. Féach sampla in Aguisín 3. Ní mór dó seo freastal ar na riachtanais ar leith atá ag an bpobal ina bhfuil an eagraíocht bunaithe agus ag an gceantar máguaird nuair is féidir sin.

Ní mór don **Phlean Oibre** díriú go sonrath ar na cuspóirí seo a leanas:

- **Feidhmeanna Gréasánaíochta agus Forbartha an Oifigigh Forbartha Gaeilge**
Tacú le héascú agus forbairt deiseanna úsáide Gaeilge / forbairt agus neartú gréasán do phobal na Gaeilge.
- **Bunú Institiúidí Buana le páirtithe eile do leas phobal na Gaeilge**
Éascitheoireacht a dhéanamh le príomhpháirtithe na sochaí chun forbairt bhuan agus fhadtéarmach ar (i) ardú feasachta na Gaeilge / (ii) úsáid phraiticiúil na Gaeilge / (iii) seirbhísí do phobal na Gaeilge / (iv) agus deiseanna tacaíochta eile do leas phobal na Gaeilge e.g. eagraíochtaí eile Gaeilge, grúpaí tuistí & tachráin, naíonraí, gaelscoileanna, scoileanna an Bhéarla, institiúidí oideachais eile, eagrais óige, eagrais chultúrtha, eagrais spóirt, eagrais forbartha pobail, mionlaigh eitneacha, lucht gnó, eagrais na hearnála poiblí, etc. Is cóir aird faoi leith a dhíriú ar chomhpháirtíochtaí úra taobh amuigh d'earnáil thraidisiúnta na Gaeilge agus liosta cuimsitheach a thabhairt orthu siúd a ndífeofar orthu i mbliain a haon go háirithe.
- **Bunú Gréasáin Bhuana go lóganta agus sa cheantar máguaird do leas phobal na Gaeilge**
Comhpháirtíochtaí úra a bhunú agus a fhorbairt le páirtithe leasmhara eile sa mhórchéantar ar mhaithe le húsáid na Gaeilge a éascú i ngach uile réimse de shochaí an phobail. Is gá sainiú a dhéanamh ar an mhórchéantar a ndíreoidh an ghné seo den Phlean Oibre air.
- **Cur le feasacht na Gaeilge ar bhonn lóganta**

Cur le feasacht na Gaeilge agus le beartais Ghaeilge an Rialtais ar bhonn logánta (e.g. [Acht na dTeangacha Oifigiúla](#), [Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge](#), [Straitéis le Forbairt na Gaeilge a Fheabhsú agus a Chosaint 2015 – 2035](#), [Líofa](#) etc.).

5. Cá mhéad maoinithe is féidir linn a fháil?

Is féidir maoiniú ceithre bliana a fháil ag tosú i **mí Eanáir 2016**. Má éiríonn le hiarratas, déanfar tairiscint deontais. Beidh an maoiniú i mbliain a dó, i mbliain a trí agus i mbliain a ceathair sealadach, ag brath ar dhul chun cinn agus ar thorthaí na bliana roimhe bheith sásúil.

Is é uasmhéid an deontais is féidir a fháil ná **€154,000/£124,500** agus tugtar thíos na huasmhéideanna blianta a cheadófar ar feadh shaolré an deontais:

Bliain na Scéime	Uasmhéid Bliantúil - €	Uasmhéid Bliantúil - £
Bliain 1	€37,000	£30,000
Bliain 2	€38,000	£30,750
Bliain 3	€39,000	£31,500
Bliain 4	€40,000	£32,250
Iomlán	€154,000	£124,500

Tabhair faoi deara go ndícháileófar aon iarratas le meastacháin a rachaidh thar na huasmhéideanna seo. Is gá airgeadra an dlínse ina bhfuil d'eagraíocht lonnaithe a úsáid agus do bhuiséad á ullmhú.

Is féidir cur isteach ar na trí chineál costais seo a leanas:

- costais tuarastail d'Oifigeach Forbartha Gaeilge amháin agus costais ghaolmhara fostaíochta.
- ranníocaíocht costas oifige. Caithfidh siad seo bheith bainteach go díreach le post an Oifigigh Forbartha Gaeilge amháin agus bheith réasúnta agus inchosanta.
- pórchiste gníomhaíochtaí. Is féidir maoiniú teoranta a lorg mar chuid den deontas maidir leis an phlean oibre.

Bain úsáid as ráta boilscithe de 2% nuair is gá maidir le meastacháin i mblianta 2-4 a ríomh. Féach buiséadú samplach tugtha in Aguisín 4.

Costais tuarastail an Oifigigh Forbartha Gaeilge

Is féidir na costais seo a leanas a fháil:

- **Costais tuarastail an Oifigigh Forbartha Gaeilge.** Maoiníofar an tuarastal ar ráta **de 80% an scála tuarastail atá tugtha in Aguisín 5**. Is féidir le heagraíochtaí an soláthar tuarastail seo a úsáid ar bhonn *pro rata* nó is féidir leo cur leis an méid seo ó fhoinsí eile, nó óna n-acmhainní féin, chun 100%

den tuarastal, de réir an scála tagartha, a íoc leis an Oifigeach Forbartha Gaeilge.

- Sa chás gur ceapachán úr a bheidh ann, beidh an soláthar tuarastail bunaithe ar 80% ag túsphointe an scála. Má tá Oifigeach Forbartha Gaeilge i bpost ag an eagraíocht cheana féin agus má tá sé i gceist go mbeidh an tOifigeach sin fostaíthe faoin bhabhta úr den scéim, is féidir soláthar tuarastail níos airde a lorg bunaithe ar an fhad fostaíochta a bhí ag an Oifigeach sin faoin bhabhta reatha de Scéim Phobail Gaeilge. Tugtar tuilleadh sonraí maidir le ríomh na gcostas tuarastal sa tábla thíos. Má bheartaítear é seo a dhéanamh, ní mór litir sínithe ag Cathaoirleach choiste/bhord na heagraíochta a chur faoi iamh leis an iarratas ag deimhniú gur phléigh an Cathaoirleach an méid seo leis an fhostaí reatha agus go bhfuil an eagraíocht sásta le feidhmíocht an fhostaí. Nuair atá an leibhéal ceart túsphointe tuarastail aimsithe, bain úsáid as ráta de 2% d'ardú do gach bliain ina dhiaidh sin.
- **Árachas Náisiúnta na bhFostóirí.** Cáin an fhostóra a íoctar i leith na fostaíochta leis na húdaráis chánacha (Ranníocaíochtaí an Fhostóra).
- **Costais phinsin.** Costas ábhartha an fhostóra maidir le dualgais i leith ciste pinsin an fhostaí (5% den soláthar glantuarastail ar acht go mbíonn scéim aitheanta pinsin ann agus an fostaí ag íoc a chomhionann ar a laghad isteach sa scéim chéanna).
- **Costais earcaíochta.** Más cuí agus suas le huasmhéid de €200 / £150.
- **Costais taistil.** Suas le huasmhéid de €600 / £400 sa bhliain.

Treoir ar mhaithe le túsphointe tuarastail a ríomh	Ó Dheas: Grád 'Oifigeach Feidhmiúcháin'		Ó Thuaidh: Grád 'EOIL'	
	€uro: Uasmhéid an ghlantuarastail incheadaithe d'fhostaithe ó dheas	Iomlán (árachas náisiúnta fostóra agus soláthar pinsin)	Stg£: Uasmhéid an ghlantuarastail incheadaithe d'fhostaithe ó thuaidh	Iomlán (árachas náisiúnta fostóra agus soláthar pinsin)
<i>Staid Fostaíochta</i>	<i>Buntuarastal €uro</i>	<i>Mór-iomlán €uro</i>	<i>Buntuarastal Stg£</i>	<i>Mór-iomlán stg£</i>
Ceapúchán úr	21,971.20	25,486.59	20,696.80	24,008.29
1 x Bliain déanta	23,534.40	27,299.90	20,920.80	24,268.13
2 x Bliain déanta	24,136.80	27,998.69	21,144.80	24,527.97
3 x Bliain déanta	26,149.60	30,333.54	21,368.80	24,787.81
4 x Bliain déanta	27,488.00	31,886.08	21,592.80	25,047.65

Má éiríonn leis an iarratas tabharfaidh Foras na Gaeilge cead don eagraíocht post a chruthú le go mbeidh fostaí amháin ann nó socrú post-roinnte a fheidhmiú le níos mó ná fostaí amháin ann. Is rogha don eagraíocht féin na socrúithe fostaíochta is fearr a chur in oiriúint leis an phlean oibre a fheidhmiú. Más ceapachá(i)n úr(a) atá ann, ní mór próiseas cuí earcaíochta i scríbhinn a leanúint a chuimsíonn na rudaí seo a leanas;

- An post a fhógairt
 - Sainchuntas poist
 - Foirm iarratais i scríbhinn ina bhfuil ceist maidir le moltóirí agus féindearbhu
 - Taifead ar agallamh
 - Leanúint teistiméireachtaí
- **Ranníocaíocht costas oifige**

Beidh d'eagraíocht i dteideal suas go €4,000 / £3,250 i mbliain a haon a lorg mar chuid de ranníocaíochtaí costas oifige i meastacháin an deontais agus beidh briseadh síos le cur ar fáil. Ní mór na costais seo a bheith **réasúnta** agus **inchosanta** agus chomh maith leis an méid deontais atá á lorg ó Fhoras na Gaeilge, is cóir a shonrú má tá d'eagraíocht ábalta costais ábhartha eile oifige a sheasamh ó d'fhoinní féin (ie. sciar cíosa, trealamh, seirbhísí párolla / cuntasaíocht, árachas, seirbhísí gutháin / idirlín, stáiseanóireacht agus tomhaltáin eile)

- **Pórchiste Plean Oibre**

Le meastacháin na gcostas tuarastail agus na gcostas oifige ríofa, beidh deis agat meastacháin a thabhairt ar fheidhmiú an Phlean Oibre. Beidh leibhéal an tsoláthair seo ag brath ar chostasú grinn a bheith déanta ar an dá chineál costas eile roimh ré agus beidh meastacháin le soláthar ar chaiteachas molta a bhainfidh leis an Phlean Oibre a íocfar as an deontas lorgtha.

Tá na costais seo a leanas dícháilithe agus ní féidir iad a chur san áireamh:

- costais a tharlaíonn sula dtairgimid deontas duit
- aisíocaíocht iasachtaí
- turais taobh amuigh d'Éirinn
- scoláireachtaí agus sparánachtaí
- costais taistil neamhreasúnta
- costais choiste bainistíochta
- tógáil caipitil, agus
- costais atá míreasúnta i dtuairim Fhoras na Gaeilge.

Má éiríonn leat deontas a fháil faoin scéim seo is trí éascaitheoireacht an Oifigigh Forbartha is féidir cur isteach ar scéimeanna eile de chuid Fhoras na Gaeilge (Scéim Bunaithe agus Forbartha Gréasán, Scéim na bhFéilte, Scéim Óige, Scéim na gCampáí Samhraidh etc.) le linn shaolré an deontais. Ní ghlacfar le hiarratais ón Oifigeach Forbartha nó ón Choiste Stiúrtha ina leith seo. Is ó ghrúpaí eile sa phobal amháin, tríd éascaitheoireacht an Oifigigh Forbartha, a ghlacfar le hiarratais ar mhaoiniú ó scéimeanna eile Fhoras na Gaeilge .

6. Cad é mar a mheasfar na hiarratais?

Úsáideann Foras na Gaeilge critéir measúnaithe le cuidiú leo iarratais a mheas. Tá critéir measúnaithe na Scéime leagtha amach thíos. Measfar agus scórálfar iarratais de réir na gcritéar seo.

Critéir Measúnaithe

- Sainiú an mhórchiantair ar a mbeidh an Plean Oibre dírithe. Bronnfar marcanna bunaithe ar leithne an cheantair,
- An gá leis an bPlean Oibre. Beidh marcanna bronnta bunaithe ar eolas i leith phobal na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge i gcoitinne laistigh den mhórchiantar aitheanta.

- Caighdeán an Phlean Oibre. Bronnfar marcanna níos airde ar son modhanna oibre nuálaíocha, cur chuige struchtúrtha agus cuspóirí straitéise fadtéarmacha, mar shampla plean teanga.
- Beidh marcanna bronnta bunaithe ar leithne agus éagsúlacht sa Phlean Oibre maidir le cuspóirí na scéime, mar atá sonraithe faoi threoirlíne 4, a bhaint amach:
 - Feidhmeanna Gréasánaíochta agus Forbartha an Oifigigh Forbartha Gaeilge
 - Bunú Institiúidí Buana le páirtithe eile do leas phobal na Gaeilge
 - Bunú Gréasáin Bhvana go lóganta agus sa cheantar máguaird do leas phobal na Gaeilge
 - Cur le feasacht na Gaeilge ar bhonn lóganta
- Cumas bainistíochta na heagraíochta agus cumas na heagraíochtaí leis an bPlean Oibre a chur i gcrích agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn
- Infheistíocht ó fhoinsí na heagraíochta féin. Bronnfar marcanna níos airde ar iarratasóirí a léiríonn cumas, mar aon le costasú measta agus fianaise shoiléir, go mbeidh ioncaim eile (e.g. táillí, maoiniú ó fhoinsí eile, tógáil airgid etc.) / áiseanna (e.g. spás oifige, trealamh oifige, spás do ghníomhaíochtaí, trealamh gníomhaíochtaí, foirgnimh faoi leith) / aon tacaíocht ábhartha eile (e.g. seirbhísí ar nós cuntasaíocht, árachas, margaíocht, oiliúint etc.) ar fáil chun tacú le cur i gcrích an Phlean Oibre.
- Luach ar Airgead. Bronnfar marcanna níos airde ar iarratasóirí a léiríonn gur féidir leo acmhainní breise dá gcuid féin ar mhaithe le feidhmiú an Phlean Oibre.

7. Cad é mar a chuirfimid isteach air?

Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe agus gach doiciméad tacaíochta bheith faighte ag ceann amháin den trí sheoladh oifige thíosluaite roimh **12.00 meán lae, 24 Iúil 2015**. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta seo. **Ní ghlacfar le hiarratas trí ríomhphost.**

Scéim Pobal Gaeilge 2016-2019 An Rannóg Pobal agus Gnó Foras na Gaeilge 7 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath	Scéim Pobal Gaeilge 2016-2019 An Rannóg Pobal agus Gnó Foras na Gaeilge Teach an Gheata Thiar 2-4 Sráid na Banríona Béal Feirste BT1 6ED	Scéim Pobal Gaeilge 2016-2019 An Rannóg Pobal agus Gnó Foras na Gaeilge An Chrannóg Na Doirí Beaga Co Dhún na nGall
---	---	--

Ní mór gach ceist a fhreagairt. Ní mór an fhoirm iarratais a chomhlánú i gclóscríbhinn. Is í an Ghaeilge teanga oibre Fhoras na Gaeilge agus ní mór an fhoirm iarratais a chomhlánú i nGaeilge.

Is féidir an fhoirm iarratais a fháil ach í a iarraidh ó:

Scéim Pobal Gaeilge 2016-2019
An Rannóg Pobal agus Gnó
An Chrannóg
Na Doirí Beaga
Co Dhún na nGall
☎ 00353 74 9558126
✉ spg@forasnagaeilge.ie

Ní mór aon leathanaigh bhreise nó cáipéisí breise a chuirfidh iarratasóir leis an iarratas a mharcáil go soiléir le hainm na heagraíochta.

NÍ MÓR an seicliosta ag deireadh na foirme iarratais a chomhlánú le cinntiú go bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe ina hiomláine.

Féadfaidh Foras na Gaeilge teagmháil a dhéanamh le ranna Rialtais agus maoinitheoirí eile, sa dá dhlínse, le hiarratais a phlé.

Cuidiú ar fáil

Sula dtugtar faoi iarratas, ní mór na Treoracha d'Iarratasóirí a léamh ina n-iomláine. Má bhíonn aon cheist ag iarrthóir ag céim ar bith den phróiseas iarratais, is féidir dul i dteagmháil le **Scéim Pobal Gaeilge 2016-2019, an Rannóg Pobal agus Gnó, An Chrannóg, Na Doirí Beaga, Co Dhún na nGall, nó spg@forasnagaeilge.ie, nó le hOifigeach na Scéime ar 00353 74 9558126.**

8. Cad é a tharlóidh dár n-iarratas?

Tar éis d'Fhoras na Gaeilge iarratas a fháil deimhneoidimid ar dtús, ón eolas a thugtar san fhoirm iarratais, cé acu atá nó nach bhfuil an eagraíocht incháilithe, de réir na gcritéar cáilitheacha (féach nóta 3 thuas), le hiarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin scéim seo. Mura bhfuil, diúltóidh Foras na Gaeilge don iarratas agus scríobhfaimid chuig an eagraíocht le míniú a thabhairt.

Deimhneoidh Foras na Gaeilge chomh maith go bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe go hiomlán agus go bhfuil an t-eolas uile atá ag teastáil san áireamh inti. Mura bhfuil, is féidir go ndiúltófar an t-iarratas. Ní mór a chinntiú go bhfuil gach rud iarrtha sa seicliosta san áireamh le d'iarratas agus is gá míniúchán i scríbhinn a thabhairt leis an iarratas sa chás go bhfuil aon cháipéis faoi leith fós in easnamh.

Má tá iarratas incháilithe, déanfar mionmheasúnú air de réir na gcritéar maoinithe. Féadfaidh Foras na Gaeilge dul i dteagmháil leat ar an teileafón agus/nó dul ar cuairt le d'iarratas a phlé go mion nó le tuilleadh eolais a fháil. Féadfaidh Foras na Gaeilge dul i dteagmháil leis an bhfinné neamhspleách atá luaite san iarratas nó le haon mhaoinitheoirí eile.

Scórálfar iarratais de réir na gcritéar atá sna treoirínte agus déanfaidh Coiste na nDeontas moladh do Bhord Fhoras na Gaeilge maidir le cinneadh a dhéanamh.

Cuirfear eagraíochtaí ar an eolas i scríbhinn maidir le cinneadh Fhoras na Gaeilge ar a n-iarratas faoi thús mhí na Samhna 2015.

Measann Foras na Gaeilge go rachaidh luach na n-iarratas a chuirfear isteach faoin scéim seo thar an mbuiséad a bheas ar fáil. Ciallaíonn sé seo, fiú má bhíonn iarratas incháilithe do mhaoiniú, go bhfuil féidearthacht ann go fóill nach n-éireoidh leis.

9. Cad é a tharlóidh má éiríonn lenár n-iarratas?

Má éiríonn le hiarratas cuirfimid litir thairisceana chuig an eagraíocht a thabharfaidh mionsonraí an deontais atá á thairiscint agus na téarmaí agus na coinníollacha a théann leis an tairiscint. Beidh **14 Iá** ag eagraíocht le glacadh go foirmeálta leis an tairiscint nó tarraingeofar an tairiscint siar.

Is féidir chomh maith go dtairgfídh Foras na Gaeilge níos lú maoinithe ná a iarradh. Sa chás sin beidh plean oibre leasaithe le cur isteach agus le haontú le Foras na Gaeilge.

Déanfar an deontas a íoc i dtráthchodanna (gach ráithe i riaráistí de ghnáth) mar a leagtar amach sa litir thairisceana. Má fheictear d'Fhoras na Gaeilge go bhfuil gá leis, is féidir go ndéanfar íocaíochtaí roimh ré.

Monatóireacht

Buailfidh Foras na Gaeilge le heagraíocht d'fhonn creatlach monatóireachta agus measúnaithe a aontú don tionscadal. Bunófar é seo ar spriocanna an Phlean Oibre. Úsáidfean an chreatlach monatóireachta agus measúnaithe le:-

- monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an tionscadail le linn na bliana, agus
- rath an tionscadail a mheas.

Faoin gcreatlach monatóireachta agus measúnaithe beidh tuairiscí rialta le soláthar ag an eagraíocht d'Fhoras na Gaeilge i rith agus ag deireadh gach bliana maidir leis an dul chun cinn atá déanta de réir na spriocanna sa Phlean Oibre. Féachfaidh Foras na Gaeilge lena chinntiú go bhfuil na riachtanais mhonatóireachta réasúnta agus i gcomhréir leis an maoiniú atá á thairiscint, agus nach ualach rómhór riaracháin iad.

Beidh maoiniú i mBliain 2 ag brath ar fheidhmíocht shásúil i mBliain 1 agus dá réir sin ar feadh thréimhse na scéime.

Ag deireadh bhliain a haon ní mór don eagraíocht athbhreithniú a dhéanamh ar an Plean Oibre do bhliain a dó agus aon athruithe ábhartha ar bhuiséad an deontais a phlé agus a aontú le Foras na Gaeilge. Beidh an rud céanna le déanamh ag deireadh gach bliana ar feadh shaolré an deontais. Féach sampla in Aguisín 3.

Aguisín 1 Cuspóirí Straitéiseacha agus Tosaíochtaí Maoinithe Foras na Gaeilge

Tá critéir agus cuspóirí Scéim Pobal Gaeilge ag teacht le Cuspóirí Straitéiseacha agus Tosaíochtaí Maoinithe Foras na Gaeilge:

- **Stádas / Dearcadh dearfach** i leith na Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn.
- **Cumas** Gaeilge an duine aonair / an phobail a chothú agus a bhuanú.
- **Úsáid na Gaeilge** a chur chun cinn, a chothú agus a neartú.
- **Pobal labhartha Gaeilge** a chothú, a neartú agus a bhuanú.
- **An t-aistriú teanga ó ghlúin go glúin trí mheán an teaghlaigh** a éascú, a chothú agus a neartú.

Chuirge sin, díríonn Foras na Gaeilge, go príomha, ar na réimsí seo a leanas:

- **Oideachas**
- **Scoilphobail**
- **Bunú agus Buanú Gréasán**
- **Obair óige**
- **Taighde le bonnlínte ó thaobh na Gaeilge a leagan síos**

Aguisín 2 Sainchuntas Poist Samplach

Sainchuntas Poist *Ainm na hEagraíochta*

Teideal an Phoist: Oifigeach Forbartha Gaeilge

Freagrach do: An Coiste Stiúrtha / An Bord Stiúrtha

Profil an Phoist: Beidh an tOifigeach Forbartha Gaeilge freagrach as plean oibre ar bhunú institiúidí buana agus gréasáin bhuana sa phobal sin a fheidhmiú faoi stiúir an choiste stiúrtha.

Scála Tuarastail (cineál + grád):

(Moltar go mbeidh an scála cuí in Auguisín 4 a úsáid agus soláthróidh Foras na Gaeilge 80% den leibhéal gráid seo ag bun an scála do nuacheapacháin, nó níos airde má tá Oifigeach i bpost cheana le deontaí reatha. Féach treoirlíne 5 le haghaidh tuilleadh eolais).

Tuarastal Bhliain 1 (méid):

Tá tuarastal an phoist seo ag brath ar mhaoiniú Fhoras na Gaeilge.
(Féach Costais tuarastail an Oifigh Forbartha Gaeilge i dtreoirlíne 5 le haghaidh tuilleadh eolais).

Sonraí an Phoist:

Is conradh ceithre bliana é.
Uaireanta Oibre: caithfidh tú bheith i láthair (00) uaire (i seachtain cúig lá) d'uaireanta oibre.

Laethanta Saoire: Is iad (00) lá na laethanta saoire a cheadaítear in aghaidh na bliana mar aon le laethanta saoire poiblí. *(Braitheann méid na laethanta saoire ar thaithí agus ar theidlíocht an fhosta)í.*

Cáilíochtaí Riachtanacha:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa, mar aon le tiomantas don teanga
- Ardscileanna idirphearsanta agus cumarsáide
- Taithí i bhforbairt pobail, go háirithe pobal Gaeilge

- An cumas bheith ag obair as do stuaim féin chomh maith le bheith mar bhall d'fhoireann
- Taithí ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine

Príomhfhreagrachtaí

Freagrachtaí Straitéiseacha:

- Plean Oibre Gaeilge na heagraíochta a chomhordú agus a chur i bhfeidhm de réir mar a aontaíodh le coiste/bord na heagraíochta agus comhoibriú go dlúth le baill eile foirne/choiste ar thionscadail agus ar thionscnaimh chuí ar shlí a thagann le haidhmeanna agus le cuspóirí na heagraíochta.
- Cuspóirí cuí a fhorbairt de réir mar a aontaítear leis an choiste agus monatóireacht a dhéanamh orthu

Freagrachtaí Oibríochtúla:

- Measúnú, bainistíocht thionscadail agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh leis an Ghaeilge a chur chun cinn
- Tuairiscí a ullmhú do mhaoinitheoirí
- Bunú agus buanú gréasáin Ghaeilge a éascú agus cuidiú le páirtithe eile é sin a dhéanamh fosta
- Teagmháil a bhunú, a fhorbairt agus a choinneáil le páirtithe eile an phobail maidir comhoibriú agus le cur chun cinn na Gaeilge
- Teagmháil a choinneáil leis na ceanneagraíochtaí / le heagraíochtaí reachtúla agus comhoibriú leo maidir le cur chun cinn na Gaeilge

Freagrachtaí Airgeadais:

- Buiséad na heagraíochta a bhainistiú ó mhí go mí de réir mar a aontaítear leis an choiste agus tuairisciú a dhéanamh leis an mhaoinitheoir go príomha ar chaiteachas/theacht isteach
- Feidhmiú laistigh de bhuiséad socraithe
- Foinsí eile maoinithe a aimsiú d'fhonn príomhchuspóirí na heagraíochta a chur chun cinn
- Éascaitheoireacht agus tacaíocht a chur ar fáil do pháirtithe eile an phobail leas a bhaint as foinsí maoinithe ó Fhoras na Gaeilge agus eile ar mhaithe le húsáid na Gaeilge a spreagadh ina réimsí féin

Freagrachtaí Cumarsáide:

- Freastal ar chruinnithe de chuid an choiste de réir mar is cuí

- Tuairisciú don choiste stiúrtha ar chuspóirí/phlean oibre na heagraíochta a chur i bhfeidhm
- Coinneáil i dteagmháil le réimse leathan páirtithe cuí maidir le ceisteanna a bhaineann leis an Ghaeilge sa phobal agus i ngnó
- Aidhmeanna agus cuspóirí na heagraíochta a chur chun cinn trí fheachtas margaíochta
- Bheith páirteach mar bhall den eagraíocht

Tugtar an t-eolas thuas mar threoir ghinearálta maidir le dualgais agus freagrachtaí. Ní cur síos cuimsitheach é agus beidh aon shainchuntas ag brath ar riachtanais an Choiste Stiúrtha.

Aguisín 3

An Plean Oibre

Déanfaidh Foras na Gaeilge iarratais a mheas de réir chritéir na scéime.

Is cuid **riachtanach** d'iarratas é an Plean Oibre agus déanfar athbhreithniú agus measúnú orthu sin le linn an phróisis mheasúnaithe.

Beidh d'iarratas dícháilithe muna soláthrófar plean oibre sonrach agus an leagan amach de réir na dtreoracha agus na samplaí thíos.

Ní cóir go mbeadh níos mó ná 2,500 focal sa Phlean Oibre.

Ní mór na ceisteanna seo a leanas a thógáil san áireamh agus a fhreagairt sa Phlean Oibre.

<p>1. Sonraigh, le do thoil, gach comhpháirtíocht, idir institiúidí agus ghréasáin, a bheidh bainteach le feidhmiú an Phlean Oibre. Tabhair achoimre ghearr ar na príomhghníomhaíochtaí ábhartha lena mbainfidh siad, cé air a bhfuil an ghníomhaíocht dírithe, na seirbhísí nó na táirgí a chuirfear ar fáil, an áit nó na háiteanna a dtarlóidh siad, na daoine / pobail a bheas páirteach. Bíodh uimhreacha san áireamh san áit a mbaineann sin le hábhar agus tabhair eolas do gach bliain den phlean oibre. Ní gá go maire gach gníomhaíocht ceithre bliana. D'fhéadfadh gníomhaíocht tosú i mbliain 2, i mbliain 3 nó i mbliain 4.</p>
<p>2. Sonraigh, le do thoil, cad é atá ag titim amach sa phobal cheana féin i dtaobh na Gaeilge – an bhfeabhsóidh nó an gcuirfidh an plean oibre leis seo agus an dtabharfaidh sé gníomhaíochtaí nua isteach?</p>
<p>3. Sonraigh, le do thoil, na príomh-spriocghrúpaí ar a mbeidh d'eagraíocht ag freastal go príomha sa phlean oibre. Is gá tagairt do na comhpháirtíochtaí lena mbainfear spriocanna amach.</p>
<p>4. Sonraigh, le do thoil, an bhfuil aon fhianaise agat go bhfuil gá le Plean Oibre a chur i bhfeidhm sa phobal? Tabhair eolas ar úsáid reatha na Gaeilge i measc an phobail, staitisticí nó samplaí ionadaíocha faoi leith.</p>
<p>5. Sonraigh mórspriocanna an Phlean Oibre i gcomhair bhlianta 1, 2, 3 agus 4. Is é is mórspríoc ann leibhéal sainithe ratha a shocraíonn eagraíocht di féin le baint amach i dtréimhse ama áirithe. Ba chóir do mhórspríoc a bheith ina sprioc SICRU. Is é sin, ba chóir di bheith sonrach, intomhaiste, inchurtha i gcrích, réadúil agus uainithe (ar amchlár). Tá se tábachtach go dtabharfar i gcónaí an comhpháirtí lena sheachnófar an ghníomhaíocht.</p> <p>Samplaí</p> <ul style="list-style-type: none">• Grúpa rothaíochta a bhunú agus suas le 10 páirteach i mbliain 1• Club scannán a bhunú agus suas le 12 páirteach ann i mbliain 1• Ciorcal léitheoireachta a bhunú agus suas le 12 páirteach ann i mbliain.• Ranganna Gaeilge 8 seachtaine a chur ar fáil faoi scáth Choiste Gairmoideachais X do shuas go 50 duine fásta faoin 31 Samhain 2016• Campa samhraidh Gaeilge coicíse a éascú i gcomhair le Príomhoide Scoil Náisiúnta X do 50 dalta agus lena sholáthar i mí Iúil 2016• I gcomhair le Coiste Tuismitheoirí Naíonra X, clár úr 'Tuistí & Tachráin le

Gaeilge' a bhunú i gcuid X den bhaile i Meán Fómhair 2016 lena mbeidh 15 tuismitheoir ag freastal; Naíonra Y i gcuid Y den bhaile in 2017 etc.

- Forbairt ar chlár Gaeilge mar chuid den fhéile ealaíon baile i gcomhair le hAmharclann X – clár dátheangach in 2016, mír nua le comórtas ealaíne dírithe ar pháistí gaelscoile / le Gaeilge in 2017, mír nua de dhráma léirithe i nGaeilge in 2018 etc.
- Campa Spóirt le Gaeilge do 50 dalta Ghaelscoil X a réachtáil faoi scáth Chraobh CLG X an chéad seachtain de mhí Iúil 2016
- Club obair baile a sholáthar i gcomhair leis an phríomhoide do dhaltá Ghaelscoil X a réachtáil go seachtainiúil ó Mheán Fómhair 2017
- Faoi scáth Chumann Tráchtála Bhaile X, 50% de ghnólachtaí an bhaile ag úsáid Gaeilge ar chomharthaíocht siopa faoi Fheabhra 2017
- Faoi scáth Mhaor / Bhainisteoir / Chomhairleoirí Bhaile X, clár tacaíochta Gaeilge ag leibhéal údarás áitiúil a aontú faoi Samhain 2017; an clár a fheidhmiú ó Eanáir 2018 etc.
- Faoi scáth Chonradh na Gaeilge, feachtas ardú feasachta a thosú in Iúil 2016 ar sheirbhísí ar fáil ó pháirtithe na hearnála poiblí laistigh den mhórchéantar
- Cúrsa Gaeilge creidiúnaithe d'fhoghlaimoirí fásta a éagrú faoi scáth Choiste Pobail X lena mbeidh fáinne óir bainte amach ag 20 duine faoi Bhealtaine 2017
- I gcomhair leis na húinéirí, athchóiriú ar sheanfhoirgneamh X mar ionad pobail Gaeilge le spás úr a bheith ar fáil do phobal na Gaeilge faoi Mhárta 2018

6. Sonraigh garspriocanna an Phlean Oibre do bhliain a haon:

Is é is garsprioc ann céim atá sainmhínithe go maith agus suntasach i dtreo mórsprioc a bhaint amach, ag ligean d'agraíocht dul chun cinn a thomhas. Beidh níos mó na garsprioc amháin ag gach mórsprioc de ghnáth.

Samplaí

- Fógraíocht a dhéanamh agus rannpháirítithe a earcú i gcomhair an chéad dá rang de na ranganna Gaeilge 8 seachtaine faoin 01 Meán Fómhair 2016
- An campa samhraidh do dhaltá a fhógairt faoin 31 Bealtaine 2016

Níl anseo ach sampla treorach – beidh gá le níos mó eolais a chur sa Phlean Oibre.

Aguisín 4 Buiséadú Samplach ar na trí chineál mórchostais inlorgtha

Bliain 1 Briseadh Síos Samplach - Euro				
Staid Fostaíochta an Oif. Forb.	Tuarastal - (80% den ghrád tagartha)	Costais Reatha	Costais Ghníomhaíochta	Iomlán
<i>Fostaí nua</i>	€ 25,486.59	€ 4,000.00	€ 7,513.41	€ 37,000.00
<i>1 bl déanta</i>	€ 27,299.90	€ 4,000.00	€ 5,700.10	€ 37,000.00
<i>2 bl déanta</i>	€ 27,998.69	€ 4,000.00	€ 5,001.31	€ 37,000.00
<i>3 bl déanta</i>	€ 30,333.54	€ 4,000.00	€ 2,666.46	€ 37,000.00
<i>4 bl déanta</i>	€ 31,886.08	€ 4,000.00	€ 1,113.92	€ 37,000.00
Bliain 1 Briseadh Síos Samplach - Stg£				
Staid Fostaíochta an Oif. Forb.	Tuarastal - (80% den ghrád tagartha)	Costais Reatha	Costais Ghníomhaíochta	Iomlán
<i>Fostaí nua</i>	£ 24,008.29	£ 3,250.00	£ 2,711.71	£ 29,970.00
<i>1 bl déanta</i>	£ 24,268.13	£ 3,250.00	£ 2,451.87	£ 29,970.00
<i>2 bl déanta</i>	£ 24,527.97	£ 3,250.00	£ 2,192.03	£ 29,970.00
<i>3 bl déanta</i>	£ 24,787.81	£ 3,250.00	£ 1,932.19	£ 29,970.00
<i>4 bl déanta</i>	£ 25,047.65	£ 3,250.00	£ 1,672.35	£ 29,970.00

Nóta. Má chaitear níos lú ar chostais reatha is féidir an fuilleach a chur i dtreo chostais gníomhaíochtaí

Aguisín 5

Scálaí Tuarastail Treoracha

Ríomhadh na huasmhéideanna tuarastail seo bunaithe ar ráta de 80% den leibhéal incheadaithe tuarastail san Earnáil Phoiblí don ghrád ‘Oifigeach Feidhmiúcháin’ ó dheas (Ciorclán 2/2014) agus don ghrád ‘EOII’ ó thuaidh (Scálaí Pá don Tréimhse anuas go 31 Iúil 2014).

Tugtar sa tábla thíos briseadh síos ar mhéideanna *pro rata* (ríofa @ 80%), mar aon le costais árachas náisiúnta fostóra agus cionroinnt íocaíochtaí ábhartha pinsin. Is féidir an tábla seo a úsáid ar mhaithe leis an fhigiúr cruinn a roghnú maidir leis an soláthar thúsphointe tuarastail chuí a mheas.

Poblacht na hÉireann:

Scála Státseirbhíse (Ciorclán 2/2014) ag Grád ‘Oifigeach Feidhmiúcháin’.

Tuaisceart Éireann:

Scála Státseirbhíse (Scálaí Pá don Tréimhse anuas go 31 Iúil 2014) ag Grád ‘EOII’ .

Nóta: Déan teagmháil le Foras na Gaeilge má tá breis sonraí nó soiléiriú i leith na scálaí ag teastáil.

Aguisín 2

Uimh. Thag.	Ainm an Eagrais	Ainm an Tionscadail	Méid Iarrtha €	Méid Molta €	Costas Iomlán an Tionscaldal €	Costas Iomlán an Tionscaldail £	Méid Iarrtha £	Méid Molta £stg
1501008.01	Alliance Francaise	Franco-Irish Literary Festival	2,000	2,000	33,600			
1501008.02	Acadamh Ceol Chaoimhín Uí Dhocharthaigh	Féile Pan-Cheilteach				41,950	6,950	5,000
1501008.03	An Comhlachas Náisiúnta Dramaíochta (Féile Náisiúnta Drámaíochta)	Féile Náisiúnta Drámaíochta 2015	20,000	10,000	26,000			
1501008.04	An tSean Bhearaic	Slí na gCopailín	2,110	1,500	7,900			
1501008.05	Áras Éanna	Féilte Áras Éanna	7,000	4,000	14,750			
1501008.06	An Droichead	Féile An Droichead 2015				24,480	8,980	4,000
1501008.07	Baboró	Baboró	5,000	3,000	391,246			
1501008.08	Ballintogher Festival	Féile Bhaile an Tóchair	3,150	1,500	11,000			
1501008.09	Consairtín	Consairtín	2,000	1,500	19,500			
1501008.10	Cáirde Uí Néill	Féile Gaeilge Oileán agus Cluaine				10,000	8,360	2,000
1501008.11	Ceoltaí Éireann	Éigse Amhráin Oirghialla				15,400	13,000	4,200
1501008.12	Club Óige Ranna Feirste	Féile Dheireadh Seachtaine na Gaeilge	987	900	1,975			
1501008.13	Coiste Traid Phicnic	Féile Traid Phicnic	6,188	3,000	17,138			
1501008.14	Craobh na hÉireann den Chomhdháil Cheilteach	Comhdháil Cheilteach	44,500	10,000	44,500			
1501008.15	Croí Éanna	Féile Fómhair Gheimhridh CroíÉanna				5,710	5,710	1,200

1501008.17	Cumann Scoil Drámaíochta	Féile Scoildrámaíocht na Gaillimhe	2,500	1,500	6,303			
1501008.18	Carntogher Community Association	Féile Charn Tóchair				11,300	5,205	1,500
1501008.19	Féile an Fhómhair	Féile an Fhómhair	3,200	1,000	7,700			
1501008.21	Féile na Bealtaine	Féile na Bealtaine	10,700	3,000	108,000			
1501008.22	Féile na hInse	Féile na hInse	3,000	1,500	8,500			
1501008.23	Féile na Locha	Féile na Locha	3,500	1,500	6,580			
1501008.24	Fingal Film Festival	Fingal Film Festival	5,000	2,500	150,000			
1501008.25	Galway Fringe	Galway Fringe Festival	6,000	2,500	31,890			
1501008.26	Glór na Móna	Féile na Carraige				6,000	3,500	2,000
1501008.27	Ionad Ealaíona Iorras	Féile na bPáistí – Áras Inis Gluaire	2,500	2,000	6,600			
1501008.30	Musical Heritage Group	Larry Reynolds Irish Music Festival	5,500	2,000	5,660			
1501008.32	Pobal ar an Iúl	Féile an Ghrianstad				4,800	4,800	2,500
1501008.33	Seosamh Mac Gabhann Summer School	Scoil Samhraidh Sheosaimh Mhic Gabhann	1,500	1,000	17,657			
1501008.34	Scoil Samhraidh Willie Clancy	Scoil Samhraidh Willie Clancy	5,000	3,500	304,285			
1501008.35	Scoildramaíochta an Chláir	Cumann Scoildramaíochta an Chláir	1,500	1,500	4,800			
1501008.36	Sean-Nós Cois Life	Sean-Nós Cois Life	5,000	3,000	7,700			
1501008.37	Siamsa Sráide	Siamsa Sráide	2,000	1,000	22,000			
1501008.39	University of Limerick (Ollscoil Luimnigh)	Blas International Summer School	6,000	2,000	49,500			
1501003.42	Westport Arts	Féile Ealaíona Chathair na Mart	10,000	2,000	60,000			
				€68,900				£22,400

Aguisín 3

Scéim na gCampaí Samhraidh 2015

Moltar na deontais seo a leanas faoi Scéim na gCampaí Samhraidh 2015:

Uimh. Thag.	Ainm an Eagrais	Méid Molta £
1501021.01	An Droichead	£1,750.00
1501021.02	An Droichead	£1,750.00
1501021.08	Cairde Teo	£1,750.00
1501021.09	Cairde Uí Néill	£1,750.00
1501021.10	Cairde Uí Néill	£1,750.00
1501021.27	Coiste Forbartha Charn Tóchair	£1,750.00
1501021.37	Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar	£1,750.00
1501021.43	Croí Éanna	£1,750.00
1501021.44	Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	£1,750.00
1501021.59	Glór na Móna	£1,750.00
1501021.60	Glór na Móna	£1,750.00
1501021.61	Glór Uachtar Tíre	£1,750.00
1501021.64	Ionad Uíbh Eachach	£1,750.00
1501021.65	Ionad Uíbh Eachach	£1,750.00

Deontais £ / Stg

Deontais € / Euro

Uimh. Thag.	Ainm an Eagrais	Méid Molta €
1501020.01	Ógras	€1,519.00
1501020.02	Ógras	€1,625.00
1501020.03	Ógras	€1,723.00
1501020.04	Ógras	€1,779.00
1501020.05	Ógras	€1,745.00
1501020.06	Ógras	€1,870.00
1501020.07	Ógras	€1,669.00
1501020.08	Ógras	€1,735.00
1501020.09	Ógras	€1,705.00
1501020.10	Ógras	€1,785.00
1501020.11	Ógras	€1,815.00
1501020.12	Ógras	€1,995.00
1501020.14	Ógras	€1,538.00
1501020.15	Ógras	€1,538.00
1501020.16	Ógras	€1,538.00
1501020.13	Ógras	€1,743.00

AN FOCLÓIR NUA BÉARLA-GAEILGE
– LEASÚ AR AN mBUNCHUARDACH / TÁILLÍ CEADÚNAIS 2016 (Ign 0.2)

Baineann an meamram seo le dhá íocaíocht atá á moladh i dtaca leis an bhFoclóir Nua Béarla-Gaeilge (FNBG), leis an gcomhlacht *Ingénierie Diffusion Multimédia* (IDM).

CÚLRA

Tá na híocaíochtaí seo a leanas le IDM faofa cheana féin ag an mBord:

	Conradh	Luach (€)	Dáta scoir
1.	Aip don FNBG	42,000	Nollaig 2017
2.	An DPS – an feidhmchlár foclóireachta a úsáidtear chun na hiontrálacha a scríobh.	44,145	Eanáir 2016
3.	An Conradh cothabhála don suíomh beo (www.focloir.ie)	18,025	Nollaig 2016
4.	Obair bhreise maidir leis an DPS agus an suíomh beo, in aon sa bhliain féilire amháin	20,000	Nollaig 2016

Is mar thoradh ar chomórtais phoiblí atá na conarthaí thuasluaite aontaithe le IDM.

LEASÚ AR AN mBUNCHUARDACH – OBAIR BHREISE FAOI LEITH IN 2015

Maidir le mír 4 sa liosta thuas, moltar **€35,000** a íoc le IDM sa bhliain 2015 – méadú de **€15,000**.

Le forbairt an dara suíomh foclóra www.teanglann.ie le 18 mí anuas, feictear don Fhoras go dtugann an fheidhm chuardaigh sa suíomh sin torthaí níos fearr fós don úsáideoir ná mar a thugann an fheidhm chuardaigh ar www.focloir.ie. Anuas air sin, agus feidhmeanna na haipse á mbeachtú le deireannas, b'fhacthas don Fhoras go bhfuil roinnt feidhmeanna inti arbh fhiú iad a chur leis an suíomh gréasáin freisin; tá sé inmhianaithe go mbeadh an timpeallacht chéanna ag an úsáideoir, bíodh an aip nó an suíomh gréasáin á n-úsáid aige.

Iarradh ar IDM, mar sin, meastachán a sholáthar ar an méid oibre a bheadh i gceist maidir leis na leasuithe suntasacha seo ar na feidhmeanna reatha a chur i gcrích, agus is **€33,525** an táille atá i gceist. Tá miondealú ar na costais sin faighte ag an bhForas, agus feictear dúinn go bhfuil dealramh leo.

De bharr go mbeidh mionleasuithe eile le déanamh ar an suíomh beo i gcaitheamh na bliana reatha, mar is gnáth, iarrtar cead an íocaíocht le IDM don obair bhreise a mhéadú ó **€20,000** go dtí **€35,000** san iomlán don bhliain 2015 amháin.

AN CEADÚNAS DPS – SÍNEADH GO DTÍ DEIREADH 2016

Beidh an ceadúnas don DPS, an feidhmchlár foclóireachta (féach mír 2 sa tábla thuas) rite ag deireadh mhí Eanáir 2016, agus is táille de **€13,489** atá i gceist chun é seo a shíneadh go dtí deireadh 2016. De bharr go bhfuil an feidhmchlár seo in úsáid ag na heagarthóirí uile ó thús an tionscadail, ní bheadh sé praiticiúil feidhmchlár nua a chur i gcrích sna céimeanna deiridh den tionscadail, rud a d'éileodh athoiliúint do na heagarthóirí uile. Dá bhrí sin iarrtar cead an táille seo a íoc.

ACHOIMRE

Moltar na táille breise, atá aibhsithe i **gclófhóireann dhearg** thíos, a íoc le IDM.

	Conradh	Luach (€)	Dáta scoir
1.	Aip don FNBG	42,000	Nollaig 2017
2.	An DPS – an feidhmchlár foclóireachta a úsáidtear chun na hiontrálacha a scríobh. Móide €13,489 chun an conradh seo a shíneadh go dtí Nollaig 2016.	44,145	Eanáir 2016
3.	An conradh cothabhála don suíomh beo (www.focloir.ie)	18,025	Nollaig 2016
4.	Obair bhreise maidir leis an DPS agus an suíomh beo, in aon bhliain féilire amháin Íocaíocht eisceachtúil don bhliain 2015 – suas go dtí €35,000.	20,000 sa bhliain	Nollaig 2016

**Miontuairiscí ón 135 cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 26 Meitheamh 2015
in Óstán an Broadhaven Bay, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo.**

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic, A. Ní Chiaráin, T. Ruane, S. Mac Donncha, B. Ní Chonghóile, S. M. Ó Domhnaill, C. Ní Shúilleabháin, M. Mac Ruairí, C. Cavanagh agus É. Ó Gribín.

Leithscéalta: D. Ó hAiniféin, T. Mac Eochagáin, D. Ó Laoghaire agus P. Callaghan.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

01.135 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 22 Bealtaine agus shínigh an Cathaoirleach iad.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Cuireadh in iúl gur seoladh litir chuig na hAirí maidir le cúrsaí pinsean agus na difríochtaí sa chur chuige agus go raibh an dá roinn airgeadais ag obair ar an cheist ó shin.

Ritheadh rún comhbhróin le S. Ó Coinn, Leas-Phríomhfheidhmeannach, ar bhás a athar agus a uncail le déanaí.

Iarradh ar bheirt chomhaltaí an cruinniú a fhágáil mar gheall ar bhaol coimhlínt leasa.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 agus faoi Chuid 2, Míreanna 1, 2 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

D'fhill an bheirt chomhaltaí ag an pointe seo.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 agus faoi Chuid 2, Míreanna 1, 2 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

02.135 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim na n-Imeachtaí Óige (**Aguisín 1**). Cuireadh in iúl gur fadhb choitianta é spré tíreolaíoch scéimeanna éagsúla Fhoras na Gaeilge agus go mbeifí ag fiosrú ó eagraíochtaí eile (Cumann na bhFiann, Conradh na Gaeilge agus Glór na nGael) maidir le himeachtaí agus sin á chur lenár bhfaisnéis féin ar an spré tíreolaíoch agus ag teacht ar ais chuig an Bhord le pleananna gníomh dá réir. Cuireadh in iúl fosta go bhfuil imeachtaí ag dul ar aghaidh i gcuid de na ceantair seo gan maoiniú ó Fhoras na Gaeilge.

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €30,000 (€15,000 in 2015 agus €15,000 in 2016) a chur ar fáil d'Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Máigh

Nuad le haghaidh Dioplóma i Múineadh na Gaeilge d'Aosaigh a reáchtáil in oifig Chonradh na Gaeilge, i mBaile Átha Cliath.

Ainm Eagraíochta	Uimhir thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Máigh Nuad	1501033	€60,000	€30,000

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £63,960 a chur ar fáil do Náiscoil an Chéide

Ainm Eagraíochta	Uimhir thagartha	Méid iarrtha	Méid molta
Náiscoil an Chéide	1501031	£63,960	£63,960
2015 (Lún –Noll.)			£16,493
2016 (Ean –Iúil)			£17,488
2016 (Lúnasa –Noll)			£12,492
2017 (Ean -Iúil)			£17,487

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim na gCoimisiún do 2015 (**Aguisín 2**).
Nótáil an Bord Scéim na nOidí do 2015 (**Aguisín 3**).

Gabhadh buíochas le Coiste na nDeontas.

An Coiste Osradhairc

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ann an mhaidín sin ag ar pléadh na téarmaí tagartha don Choiste agus go ndearnadh mionathruithe orthu. Cuireadh in iúl go ndearnadh cúpla athrú ar na buanorduithe agus go raibh siad le nótáil inniu. Cuireadh in iúl gur pléadh na polasaithe maidir le gearáin a dhéanamh.

Ghlac an Bord leis na polasaithe:

1. Gearán inmheánach idir baill foirne (seachas Príomhfheidhmeannach)
2. Gearáin inmheánach faoi chomhaltaí Boird eile nó faoin Phríomhfheidhmeannach, nó ag comhaltaí Boird faoi bhaill foirne nó gearán ag ball foirne faoi Chomhalta Boird, agus
3. Gearán seachtrach.

Ghlac an Bord leis na polasaithe (**Aguisín 4**).

Ghlac an Bord leis an pholasáí do chomhaltaí Boird agus do bhaill foirne Fhoras na Gaeilge maidir le plé i bhfóraithe phoiblí éagsúla (**Aguisín 5**).

D'fhág E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

D'fhill E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí ag an pointe seo.

Gabhadh buíochas leis an Choiste Osradhairc.

An Coiste Achomhairc

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 25 Bealtaine chun plé le dhá achomharc a fuarthas agus cuireadh in iúl gur theip ar an dá achomharc sin. Gabhadh buíochas leis an Choiste Achomhairc.

An Coiste Forbartha

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 15 Meitheamh ag ar pléadh SPG agus an dóigh ar tarraingíodh siar é ó chlár an chruinnithe den CATT ar 10 Meitheamh. Cuireadh in iúl gur cuireadh litir chuig na Ranna ag léiriú dhíomá Fhoras na Gaeilge i leith na ceiste agus ag tabhairt sprice don 10 Iúil le theacht ar réiteach ar an cheist. Toisc go raibh dhá shíneadh ama tugtha do dheontaithe an SPG cheana, cuireadh in iúl nach mbeadh go leor ama ann SPG nua bheith in áit faoi mhí Eanáir 2016 mura bhfuil an scéim fógartha i mí Iúil mar a bhí beartaithe. Cuireadh in iúl gur tharla cruinniú le deontaithe SPG (thuaidh agus theas) le huasdátú faoin scéim nua a roinnt leo agus lena chur in iúl nach Foras na Gaeilge atá ag cur moille leis an phróiseas. Gabhadh buíochas leis an Choiste Forbartha.

03.135 BUANORDUITHE FHORAS NA GAEILGE

Aontaíodh go ndéanfaí na buanorduithe a nótáil inniu agus a fhaomhadh ag an chéad chruinniú Boird eile.

04.135 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 BEALTAINÉ AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2015

Scaipeadh cóip chrua den ráiteas caiteachais mar aon le cáipéis eile a léirigh an staid reatha ó thaobh airgeadais de. Scaipeadh moladh maidir leis an Áisaonad agus ghlac an Bord leis an mholadh deontas breise nach mó ná £49,410 a thabhairt don Áisaonad chun tabhairt faoin chuid eile de Bhandá 3 den Chlár Luathléitheoireachta.

Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais, ghlac siad leis na hathruithe ar leathanach 2 agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2015. Cuireadh in iúl go n-athrófaí leagan amach an ráitis chaiteachais feasta le go mbeadh sé níos soiléire agus níos fusa a léamh agus ghlac an Bord leis an athrú sin. Gabhadh buíochas leis an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha as na cáipéisí airgeadais a ullmhú.

05.135 SUÍOMH TAIRÍS AGUS SUÍM HFORAS NA GAEILGE

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú leis na ranna maidir leis an suíomh tairsí agus go raibh oifigigh REOG den tuairim gur chóir gaeilge.ie bheith mar ainm ar an suíomh tairsí agus go mbeadh cás gnó de dhíth ar na ranna don chaiteachas. Léirigh comhaltaí Boird buaireamh go bhfuil oifigigh na roinne ag ceistiú cinneadh boird maidir le hainm an tsuímh. Iarradh go dtabharfaí cead don Choiste Forbartha an cás gnó a fhaomhadh ar an ríomhphost agus thug an Bord an cead sin.

06.135 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

07.135 TUAIRISC Ó CHRUINNIÚ DEN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

Thug an Bord suntas don tuairisc ón chruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas.

08.135 COISTE CHLÁR NA LEABHAR GAIELGE

Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta uasdátú ar cheist an aistriúcháin ó Bhéarla go Gaeilge agus bhí plé ina leith. Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le ceist an aistriúcháin ó Bhéarla go Gaeilge (**Aguisín 6**). Moladh gurbh fhiú treoiríníte a chur le chéile do na foilsitheoirí i leith na ceiste amach anseo.

09.135 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Cuireadh in iúl:

- Go raibh plé ar siúl go fóill le Fiontar faoi úinéireacht an ainm fearainn focal.ie a bhí le haistriú chuig Foras na Gaeilge nuair a aistríodh an bunachar téarmaíochta siar in Aibreán 2007.
- Go rabhthas ag leanstan le dréachtú Phlean Gnó 2016. Nuair a chuirtear na ceangaltais uilig san áireamh tá €1.5m sa chiste le hobair na heagraíochta – idir scéimeanna maoinithe, fhoilseacháin, chomhthionscadail agus obair s’againn féin – a chur i gcrích.
- Go raibh dhá phost fógartha – AOF agus OF – dhá fholúntas atá tagtha chun cinn.
- Go raibh glactha ag na ranna leis an Phlean Gnó leasaithe do Cholmcille agus ollbhuiséad €246,914.
- Gur cuireadh an nuashonrú is deireanaí ar focloir.ie i gcrích ar 25 Meitheamh mar a bhí beartaithe agus go bhfuil thar 105,000 Aonad Céille beo ar líne, níos mó ná 80% den fhoclóir iomlán.
- Go raibh na tástálacha ar an aip don fhoclóir faoi lánseol.
- Go raibh cruinniú socraithe le Rúnaí Buan DCAL, Denis McMahon, le straitéis leis an Ghaeilge a fhorbairt sa roinn a phlé.

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le deontas Cholmcille do Chomhdháil ar Naomh Colmcille i gCeann Tíre, Earra-Ghàidheal (**Aguisín 7**).

Rinneadh tagairt d’aighneacht Fhoras na Gaeilge ar chomhairliúchán na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le moltaí polasaí don soláthar oideachais i limistéir Ghaeltachta agus iarradh aon mholtaí ina leith a chur ar fáil ar ríomhphost don Leas-Phríomhfheidhmeannach faoi 2.00pm Dé Luain 29 Meitheamh.

Rinneadh tagairt don Treoircháipéis – Seirbhísí Gaeilge sna Comhairlí Nua a d’eisigh Foras na Gaeilge i mí an Mhárta 2015 agus cuireadh in iúl go mbeadh an dara heisiúint ann ach go mbeadh sé le cur faoi bhráid an Choiste Forbartha le plé ar dtús.

Gabhadh buíochas leis an Phríomhfheidhmeannach agus leis an ardbhainistíocht as ucht an tuairisc a ullmhú.

10.135 COMHFHREAGRAS

Scaipeadh comhfhreagras ón Roinn Oideachais agus Scileanna ag cur in iúl go raibh Sinéad Nic Giolla Chionnaigh, ainmniúchán Fhoras na Gaeilge, ceaptha ar Bhord COGG ar feadh tréimhse trí bliana go 31 Nollaig 2018. Cuireadh in iúl go raibh Dónal Ó hAiniféin ceaptha mar Chathaoirleach ar Bhord COGG agus rith an Bord rún comhghairdis le Dónal i leith a cheapacháin.

11.135 AON GHNÓ EILE

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
24 Iúil 2015

Aguisín 1

Íocaí	Méid Molta Iomlán €	Méid Molta € 2015	Méid Molta € 2016	Méid Molta Iomlán £	Méid Molta 2015 £	Méid Molta 2016 £	Fáth Diúltaithe
An Droichead				£3,464.00	£3,464.00	£0.00	
An Gaeláras LTD				£3,300.00	£1,650.00	£1,650.00	
Banóglaigh ma hÉireann - Béal an Átha	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00				
Cairde Bheann Mhadagáin				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00	
Cairde na Ceathrún Gaeltachta				£2,007.95	£1,003.98	£1,003.98	
Cairde Cheathrú na Gaeltachta				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00	
Cairde na Gaeilscoile - Naíscoil Éadain Mhóir				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00	
Cairde Uí Néill				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00	
Clanna Gaeilge an Eachréidh	€2,136.00	€1,068.00	€1,068.00				
Club Cispheile "Lee Valley"	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00				
Club Óige an Dúin				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00	
Club Óige an Iúir				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00	
Club Óige Feachtas Tamhlacht	€2,000.00	€1,000.00	€1,000.00				
Club Óige Luraigh				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00	
Club Óige Mhachaire Bóthain				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00	
Club Óige na Carraige Móire				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00	
Club Óige Setanta				£3,446.00	£1,723.00	£1,723.00	
Club Spraoi				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00	
Club Spraoi Ard Mhacha				£3,045.00	£1,522.50	£1,522.50	
Club Súgartha Ghaillimh Thoir	€2,565.20	€1,282.60	€1,282.60				
Coiste Forbartha Charn Tóchair				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00	
Coiste Ghaeloideachais Chromghlinne				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00	
Coláiste Dhéan Mhig Oirc (An Chumann Gaelach)				£3,034.00	£1,517.00	£1,517.00	
Conradh na Gaeilge - Boirche				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00	

Íochtar						
Conradh na Gaeilge - Seal Spraoi				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Croí Éanna				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Cumann Gaelach na Ceathrún Gaeltachta				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Cumann Iarscoile na gCrann				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Cumann Óige Átha an Rí	€4,790.00	€2,395.00	€2,395.00			
Cumann Óige na bhFál				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Cumann Sacar na gCláirseach				£3,457.00	£1,728.50	£1,728.50
Dún Uladh				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Education Authority (Coláiste Feirste)				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Gaelscoil an Chaistil				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Gaelscoil Éadain Mhóir				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Gaelscoil na Móna				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Glinsk Community Childcare Ltd	€4,980.00	€2,490.00	€2,490.00			
Glór an Ghleanna				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Glór na Móna				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Greencastle Youth Club				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Grúpa Tuismitheoirí agus Tachráin				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Ionad Uíbh Eachach				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Mayobridge Community Centre				£2,990.00	£1,495.00	£1,495.00
Mount St. Catherine's PS				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Naíscóil Léim an Mhadaidh				£2,550.00	£1,275.00	£1,275.00
Spraoi agus Spórt FamilyCentre Ireland	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
St. Mary's Primary School				£3,500.00	£1,750.00	£1,750.00
Teach Abhaile	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			

Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
Ógras	€4,295.00	€2,147.50	€2,147.50			
Ógras	€4,495.00	€2,247.50	€2,247.50			
Ógras	€4,475.00	€2,237.50	€2,237.50			
Ógras	€4,904.00	€2,452.00	€2,452.00			
Ógras	€4,814.00	€2,407.00	€2,407.00			
Ógras	€4,605.00	€2,302.50	€2,302.50			
Ógras	€4,045.00	€2,022.50	€2,022.50			
Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
Ógras	€4,105.00	€2,052.50	€2,052.50			
Ógras	€3,160.00	€1,580.00	€1,580.00			
Ógras	€4,345.00	€2,172.50	€2,172.50			
Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			
Ógras	€5,000.00	€2,500.00	€2,500.00			

€154,714.20	€77,357.10	€77,357.10	£135,793.95	£69,628.98	£66,164.98
-------------	------------	------------	-------------	------------	------------

Aistrithe go Euro @ £.81	€167,646.85	€85,961.70	€81,685.15
-----------------------------	-------------	------------	------------

Costais Iomlán na Scéime in Euro	Iomlán	2015	2016
Iomlán in Euro	€322,361.05	€163,318.80	€159,042.25

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Aguisín 2

**Scéim na
gCoimisiún
2015**
Scríbhneoir

Teideal	Réimse	Deontas iarrtha	Riarac hán	Moladh	2015	2016	2017	Móio mlán (móide riar)	
Áine Uí Fhoghlú (CIC)	Ciara Rua	Ficsean do dhéagóirí aois 13-17. Úrscéal faoi chailín 14 bliana a gcuireann tromaíocht a comhscoláirí isteach go mór uirthi agus í ag iarraidh plé leis na hathruithe atá ag teacht ar a corp agus a meon agus í ag gabháil trí na déaga.	11,520	500	9,792	1958	7834	500	10292
Alex Hijmans (Cois Life)	Idir Dhá thír	Cnuasach gearrscéalta iltíreach. Beidh na scéalta suite i suíomhanna éagsúla ar fud an domhain; beidh téamaí ar nós imirce, féiniúlacht agus cumha, grá agus cairdeas lárnach sna scéalta.	7,500	500	6,075	1215	4860	500	6575
Colm Mac Confhaola()Lea bhar Breac)	Rachmas gan Rath	Úrscéal éadrom/ficsean an mhargaidh. Scéal a thabharfaidh léiriú ar chladhaireacht ár linne go mór mór nuair a bhí an Tíogar Ceilteach i réim. Úinéir óstáin é Bart atá in achrann lena bhean agus tá ag teip ar a	9,000	500	7,290	4374	3416		7790

		óstán. Fostaíonn sé beirt bhuachaillí agus cailín, Vicky atá i bhfad faoi aois toilithe, éiríonn le Bart an chluain a chur uirthi.						
Seán Mac Mathúna (Leabhar Breac)	Lá an Luain	Úrscéal éadrom/ficsean an mhargaidh. Úrscéal scéinséir i seánra na 'tubaiste', é suite i ndomhan iar-apacailipteach, ina gcaithfidh na carachtair saol nua a chruthú dóibh fein i smionagar an tseansaoil. Is scéal grá é freisin, faoi lánúin a chaithfidh aghaidh a thabhairt le dóchas nua ar an saol iar-apacailipteach.	12,000	500	9,360	5616	4244	9860
Michal Boleslav Mechura (Cois Life)	Lámhleabhar don Ríomhaireacht Ilteangach	Saothar neamhfhicsean ar an teicneolaíocht teanga. . Leabhar ar an teicneolaíocht teanga. Pléifidh an leabhar leis an dóigh a láimhseálann ríomhairí ábhar i dteangach éagsúla agus tabharfaidh sé treoir phraiticiúil don léitheoir maidir leis an dóigh is fearr chun leas a bhaint as an teicneolaíocht teanga. Cuid den ábhar bunaithe ar chúrsa Acmhainní Leictreonacha Gaeilge.	5,500	500	4,070	2442	2128	4570

Ógie Ó Céilleachair (CIC)	Katfish agus Scéalta Eile	Cnuasach gearrscéalta do dhéagóirí 12-15. Gearrscéalta ar ábhair tarraingteach don aoisghrúpa luaite. Beidh ábhair éagsúla faoi chaibidil sna scéalta. Ina measc beidh, scéal lonnaithe i bPáirc an Chrócaigh inste trí shúile imreora; buachail ag obair i siopa déanach san oíche sa chathair agus na carachtair a bhíonn timpeall an t-am sin d'oíche; cailín ag taisteal abhaile sa Tube déanach i Londain agus na hábhair buartha a bhaineann leis; turas scoile in Éirinn agus go mbéarfaí ar dhuine de na scoláirí ag goid.	11,948	500	8,842	5305	4037		9342
Dermot Somers (Cois Life)	In Aghaidh na Fána	Saothar neamhfhicsean ag cur síos ar thuras nua-aimseartha. Saothar faisnéise a bheidh ag cur síos ar thuras nua-aimseartha feadh chósta Atlantaigh na hÉireann i veain champála, siúlóidí in airde á ndéanamh fad an bhealaigh. Beidh an saothar scríofa mar chuntas thaistil agus mar threoirleabhar sléibhe.	8,000	500	5,600	1120	4480	500	6100
Rónán Mac Con Iomaire (CIC)	An Ghluaiseacht	Saothar neamhfhicsean ag breathnú ar ghluaiseacht chearta sibhialta na Gaeltachta, na cúinsí a d'fhág gur thosaigh an Ghluaiseacht i 1969, an méid a tharla le	12,000	500	8,400	1680	3360	3860	8900

		linn na tréimhse agus oidhreacht na gluaiseachta ó shin i leith.							
Domhnall Mac Síthigh (An Sagart)	Seanchas na Farraige	Beathaisnéis mhachnamhach./cúrsaí farraige. Saothar neamhfhicsean ar sheanchas na farraige ó bhéal iascaire nach maireann. Foclóir agus téarmaíocht saibhir maidir le hiascach go leor cineálacha iasc; téarmaí mara agus cladaigh faoi chaibideal agus mínítear dea-spiorad agus diamhaireacht na mara.	12,000	500	8,040	1608	3216	3716	8540
Cathal Ó Searcaigh (Leabhar Breac)	Thugadar Féin an Samharadh Leo	Úrscéal éadrom do dhaoine fásta. Úrscéal faoin gcairdeas atá idir Diarmaid agus Dónall. Mac léinn ollscoile é Diarmaid a thagann ó chúlra meánaicmeach agus teastaíonn uaidh bheith ina scríbhneoir. Tá Dónall ocht mbliana déag agus é ag obair i monarcha. Tá sé fíormhaith ag imirt sacair agus Ceiltigh Ghlasú ag léiriú suime ann. Tá athair Dhónall ina dhruncaire, é ag obair faoi rún agus é ag tarraingt an dóil. An t-úrscéal seo bunaithe thart ar an idir phlé atá ag tarlú idir na pearsain.	12,000	500	8,040	4824	3716		8540

140,593 7,000 75,509 30,142 41,291 9,076 80,509

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Aguisín 3**Scéim na
nOidí 2015
Ábhar
Scribhneora**

Oide luaite	Oide	Printís each	Réimse liteartha	Maoiniú measta 2015	Maoiniú 2016	
Lisa Nic Dhoinnléibhe	Áine Ní Ghlinn / Máire Uí Dhufaigh / Tadhg Mac Dhonnagáin / Gabriel Rosenstock	2,850	1,000	Tá suim aici san úrscéal agus i ndrámáí.	1000	2850
Eithne O'Donnell	Gréagóir Ó Dúill	2,850	1,000	Scripteanna scannán a fhorbairt as scéalta grinn	1000	2850
Eoin P. Ó Murchú		2,850	1,000	Prós éadrom, leabhar do pháistí	1000	2850
Sadhbh Devlin	Tadhg Mac Dhonnagáin	2,850	1,000	Pictiúrleabhar do pháistí	1000	2850
Féilim Ó Brádaigh	Áine Ní Ghlinn	2,850	1,000	Bhí sé istigh faoi Scéim na nOidí i 2013 agus Áine Ní Ghlinn mar oide aige. Roinnt saothair leis foilsithe i Comhar Óg 2013 agus An Scribhneoir Óg (Coláiste na Tríonóide) 2014. Duaiseanna Oireachtais bainte amach aige san fhilíocht 2011, 2012, 2013	1000	2850
Seán Ó Maolagáin	Prionsias Mac a'Bhaird	2,850	1,000	Drámaíocht pobail	1000	2850
Seán de Gallaí	Cathal Ó Searcaigh / Gabriel Rosenstock / Prionsias Mac a' Bhaird	2,850	1,000	Úrscéal do dhéagóirí	1000	2850

Íte Ní Chionnaith	Mícheál Ó Ruairc, Alan Titley	2,850	1,000	Stíl scríbhneoireachta a fheabhsú chun go mbeidh sé feiliúnach mar shaothar don phobal.	1000	2850
Seán Mac Gintidh	Mícheál Ó Ruairc Dermot Somers	2,850	1,000	Gearrscéalta/úrscéalta	1000	2850
Ciara Ní Éanacháin		2,850	1,000	Feabhas a chur ar a cuid filíochta. Gearrscéalta a scríobh	1000	2850
		28,500	10,000		10000	28500

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Gearán Inmheánach idir baill foirne (seachas Príomhfheidhmeannach) Polasaí foirmeálta Fhoras na Gaeilge

- i. Má tá gearán ag ball foirne tá cead ag an mball foirne sin gearán a dhéanamh go pearsanta nó trí Ionadaí Ceardchumann / Ionadaí Foirne. Seo a leanas na céimeanna sa phróiseas is gá a leanúint: Cuirfear an gearán in iúl don Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (SSC) (faoi rún agus gan dochar). Leagfaidh an SSC an próiseas seo thíos amach don ghearánaí. Má shonraíodh an gearán ar an gcead dul síos go foirmeálta i scríbhinn ní mór dul ar aghaidh go dtí céim iv thíos.
- ii. Cuirfidh an SSC in iúl don té a a bhfuil gearán déanta fúithi / faoi agus míneofar ábhar an ghearáin.

Déanfaidh an SSC idirghabháil idir na páirtithe le teacht ar réiteach (faoi rún agus gan dochar).

- iii. Mura n-éiríonn leis an idirghabháil iarrfar ar an té atá ag déanamh an ghearáin é a chur i scríbhinn.
 - iv. Bainfear amach sonraí pearsanta agus cuirfear an gearán, i scríbhinn, ar aghaidh chuig cruinniú Stiúrthóirí le teacht ar réiteach.
 - v. Mura bhfuil ceachtar den dá thaobh sásta leis an réiteach beidh cead acu achomharc a lorg ón bPríomhfheidhmeannach i gcomhar leis an Stiúrthóir cuí.
- I gcás gur faoi Stiúrthóir an gearán, seo a leanas na céimeanna sa phróiseas is gá a leanúint:
 - i. Cuirfear an gearán in iúl don Chlár bainisteoir: Pleanáil Chorparáid (CPC) (faoi rún agus gan dochar).
 - ii. Déanfaidh an CPC idirghabháil idir na páirtithe le teacht ar réiteach (faoi rún agus gan dochar).
 - iii. Mura n-éiríonn leis an idirghabháil iarrfar ar an té atá ag déanamh an ghearáin é a chur i scríbhinn.
 - iv. Bainfear amach sonraí pearsanta agus cuirfear an gearán, i scríbhinn, ar aghaidh chuig an bPríomhfheidhmeannach. Déanfaidh an CPC agus an Príomhfheidhmeannach plé ar an scéal le teacht ar réiteach.
 - v. Mura bhfuil ceachtar den dá thaobh sásta leis an réiteach beidh cead acu achomharc a lorg ón gCathaoirleach.
 - I gcás gur faoin CPC an gearán, déanfar teagmháil leis an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha faoin ngearán.
 - vi. Mura bhfuil ceachtar den dá thaobh sásta leis an réiteach beidh cead acu achomharc a lorg ón gCathaoirleach.

**Gearán Inmheánach: Gearáin faoi Chomhaltaí Boird eile nó faoin
bPríomhfheidhmeannach nó ag Comhaltaí Boird faoi bhaill foirne
nó ball foirne faoi Chomhalta Boird
Polasaí foirmeálta Fhoras na Gaeilge**

- vi. Má tá gearán ag Comhalta Boird faoi Chomhalta eile nó faoin bPríomhfheidhmeannach nó faoi aon bhall foirne (fad is nach sáraítear aon ní da bhfuil sna Buanorduithe) nó má tá gearán ag ball foirne faoi Chomhalta nó faoin bPríomhfheidhmeannach tá cead ag an gComhalta nó ag an mball foirne gearán a dhéanamh go pearsanta. Seo a leanas na céimeanna sa phróiseas is gá a leanúint: Cuirfear an gearán in iúl i scríbhinn don Phríomhfheidhmeannach nó don Chathaoirleach i gcás go mbaineann an gearán leis an bPríomhfheidhmeannach. Leagfaidh an PF – nó an Cathaoirleach más cuí - an próiseas seo amach don ghearánaí.
- vii. Cuirfidh an PF in iúl don Chathaoirleach go bhfuil gearán déanta mura bhfuil sé ar an eolas cheana toisc gur faoin bPríomhfheidhmeannach atá sé.
- viii. Cuirfidh an PF in iúl don té faoina bhfuil an gearán déanta agus tabharfaidh cóip den ghearán di / dó. I gcás gur gearán faoin bPríomhfheidhmeannach atá i gceist, cuirfidh an Cathaoirleach in iúl don Phríomhfheidhmeannach agus tabharfaidh cóip den ghearán dó/di.
- ix. Bainfear amach sonraí pearsanta agus cuirfear an gearán faoi bhráid an Choiste Iniúchta le breithiúnas a thabhairt.
- x. Cuirfear an breithiúnas i láthair ag cruinniú Boird le faomhadh.
- xi. Mura bhfuil ceachtar den dá thaobh sásta leis an réiteach beidh cead acu achomharc a lorg ó Choiste a bhunóidh an Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach nó i gcás aon ghearáin faoin bPríomhfheidhmeannach Coiste a bhunóidh an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach.

Gearán Seachtrach: Polasaí foirmeálta Fhoras na Gaeilge

Déanfar iarracht gach gearán a réiteach a luaithe agus a thagann sé isteach ach sa chás nach féidir sin a dhéanamh cuirfear an gearán isteach sa phróiseas oifigiúil gearáin. Seo a leanas na céimeanna a thabharfar:

1. Cuirfear an té atá ag gearán i dteagmháil leis an Oifigeach Gearáin [de ghnáth is é an Clárghainisteoir: Pleanáil Chorporáideach a chomhlíonfaidh an ról seo] agus déanfaidh an tOifigeach sin an gearán a chlárú.
2. Iarrfar ar an té atá ag gearán an gearán a sonrú agus a chur i scríbhinn.
3. Cuirfear an taifead scríofa faoi bhráid chruinniú Stiúrthóirí le plé.
4. Cuirfear toradh an phlé sin in iúl go pras don té atá ag gearán.
5. Mura bhfuil an té atá ag gearán sásta leis an réiteach, beidh cead acu achomharc a lorg ón bPríomhfheidhmeannach.

Polasaí do Chomhaltaí Boird agus do Bhaill foirne Fhoras na Gaeilge Maidir le plé i bhfóiraim phoiblí éagsúla

Níor chóir do chomhaltaí Boird nó d'fhostaithe Fhoras na Gaeilge agus iad ag freastal ar ócáidí sóisialta poiblí bheith ag déanamh tráchtanna nó ag plé polasaithe nó nósanna imeachta inmheánacha nó gnóthaí ar bith de chuid Fhoras na Gaeilge ar bhealach a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do cháil Fhoras na Gaeilge.

Anuas air sin, is gá do chomhaltaí Boird agus d'fhostaithe Fhoras na Gaeilge a bheith an-airdeallach faoi thuairimí faoin nGaeilge a nochtadh ag fóiraim phoiblí nó/agus ar na meáin shóisialta a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do cháil Fhoras na Gaeilge.

Deir foráil shonrach i Meamram Airgeadais an Fhorais Teanga nár cheart ***'go mbeadh an Príomhfheidhmeannach nó baill foirne na nGníomhaireachtaí ag ceistiú, in aon ráiteas poiblí, faoi fhiúntas aon pholasaí an Chomhlachta nó polasaithe an dá Rialtas.'***

Fiú má shoiléirítear go neamhbhalbh gur ar bhonn pearsanta amháin atá tuairimí á nochtadh ní mór cuimhneamh go bhféadfadh daoine dearcadh a thógáil ar Fhoras na Gaeilge bunaithe ar nithe a bheadh á rá ag Comhaltaí Boird agus fostaithe agus go bhféadfaí dochar a dhéanamh do cháil na heagraíochta in ainneoin an tsoiléirithe sin.

Tá cead cainte ag gach duine agus ní lia duine ná tuairim ach tá dualgas cúraim ag comhaltaí agus ag fostaithe dá chéile agus do cháil na heagraíochta araon agus d'fhéadfadh impleachtaí tromchúiseacha a bheith ann dá sárófaí an dualgas cúraim sin.

Ar ndóigh bítear ag súil go léireodh tráchtanna ar bith a dhéanfadh Comhaltaí Boird agus fostaithe meas ar thuairimí eile agus go mbeadh cuibheas ag roinnt leo.

Ceist an Aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge

Phléigh Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge ceist an Aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge ag cruinniú den choiste ar an Mháirt, 24 Márta 2015. Bunaithe ar an phlé cuireadh roghanna ábhartha faoi bhráid na bhfoilsitheoirí agus tháinig aiseolas uathu i leith na roghanna sin. Cuireadh an t-aiseolas ó fhoilsitheoirí faoi bhráid cruinniú de Choiste Chlár na Leabhar Gaeilge ar 20 Bealtaine, 2015 agus dá réir sin moltar go leasófaí rialacha Scéim na Foilsitheoireachta 2016 mar seo a leanas:

Go bhféadfadh suas le 10% de phlean foilsitheoireachta aon fhoilsitheora atá ag foilsiú níos mó na 5 leabhar faoina bplean bliana a bheith ina aistriúchán ó Bhéarla. Ní bheadh an bac céanna i gceist i gcás leabhair atá á fhoilsiú ó theanga seachas an Béarla mar sin. Ní bheadh cead an céatadán seo a shárú trí athrú plean a dhéanamh i gcaitheamh na bliana. Moltar chomh maith gurb fhearr aistriúcháin ó Bhéarla go Gaeilge a dhíriú ó thaobh aoisghrúpa de ar léitheoirí os cionn 6 bliana d'aois.

**Tionscadal: Comhdháil ar Naomh Colmcille i gCeann Tíre, Earra-Ghàidheal
(CC15010 Islands Books Trust)**

D'eagraigh the Islands Book Trust comhdháil ar Shlí Cholmcille i nGort an Choirce in 2014, a raibh an-rath uirthi. Tháinig iarratas eile uathu comhdháil a eagrú i gCinn Tíre (CC15010). Is iad seo a leanas na socrúithe atá déanta, agus na leasuithe atá molta.

1. **Cheadaigh an Bord deontas £7,000 don chomhdháil ag a gcruinniú i Mí Aibreáin.**
2. **Cé go bhfuil the Islands Book Trust lonnaithe in Albain agus go dtarlóidh an chomhdháil i gCeann Tíre, tá Slí Cholmcille mar thionscadal á stiúradh ag Foras na Gaeilge. Ar an ábhar sin, i ndiaidh plé a dhéanamh le Bòrd na Gàidhlig, aontaíodh gur fearr Foras na Gaeilge conradh seirbhíse a thabhairt don iarrthóir, an Foras an t-airgead iomlán a íoc ach Bòrd na Gàidhlig leath an bhuiséid a íoc le Foras na Gaeilge. Rinneadh fosta leasaithe ar an bhuiséad. Tá an socrú sin ceadaithe ag Bòrd na Gàidhlig**
3. **Leis an socrú seo a chur i bhfeidhm , moltar díscríobh ar an deontas a ceadaíodh ar an 17 Aibreán, agus an cur chuige a leanas a chur i bhfeidhm:**

Buiséad iomlán £11,000

Deontas d'Urras nan Leabhraichean (Islands Books Trust) £8,500

Sparánachtaí £2,000; Ateangaireacht £500

Maoiniú:

Fhoras na Gaeilge, £5,500

Bhòrd na Gàidhlig, £5,500 (ceadaithe cheana féin ag Iain Caimbeul, Príomhfheidhmeannach BnaG)

Cuirfear sparáichtaí ar fáil (uasmhéid £200) le cuidiú le daoine as an dá thír taisteal chun na comhdhála.

An Chomhdháil

De réir an tseanchais, is i gCinn Tíre a leag Naomh Colmcille cos de chéadair san áit ar a dtugaimid Albain inniu. Ar an 27 agus an 28 Meitheamh beidh comhdháil speisialta ar oidhreacht an naoimh i gCinn Tíre agus in Earra-Ghàidheal. Beidh plé ann fosta ar an bhealach is fearr le forbairt a dhéanamh ar Shlí Cholmcille, agus le nascanna turasóireachta agus pobail a chur chun cinn idir Éire agus Albain. Beidh an chomhdháil san Óstán Ardshiel i gCeann Loch Chille-Chiarain, Cinn Tíre. Beidh sí á heagrú ag Urras nan Leabhraichean, agus beidh seoladh speisialta den Kintyre Express le cuairteoirí a thabhairt ann as Éirinn. Tá clár na comhdhála le feiceáil ag

<http://www.colmcille.org/tachartasan/22/developing-slighe-chaluim-chille> agus ag

<http://www.theislandsbooktrust.com/event/conference-st-columba-and-argyll-developing-slighe-chaluim-chille>

Miontuairiscí ón 136 cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 24 Iúil 2015 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.

I láthair: E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), A. Ní Chiaráin, T. Ruane, S. Mac Donncha, B. Ní Chonghóile, S. M. Ó Domhnaill, M. Mac Ruairí, C. Cavanagh, D. Ó Laoghaire, P. Callaghan, É. Ó Gribín agus C. Ní Shúilleabháin ar nasc físchomhdhála as Trá Lí.

Leithscéalta: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), D. Ó hAiniféin agus T. Mac Eochagáin.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin, A. Davitt agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach) agus É. Ó hArgáin (Rúnaí).

01.136 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 agus faoi Chuid 2, Míreanna 1, 2 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Iarradh ar bheirt chomhaltaí an cruinniú a fhágáil mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 agus faoi Chuid 2, Míreanna 1, 2 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

D'fhill an bheirt chomhaltaí ag an pointe seo.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 agus faoi Chuid 2, Míreanna 1, 2 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

02.136 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

An Coiste Achomhairc

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste Achomhairc ar 26 Meitheamh chun plé le hachomharc maidir le hiarratas ar Scéim na bhFéilte agus cuireadh in iúl gur theip ar an achomharc toisc nár léiríodh coimhlint leasa.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 agus faoi Chuid 2, Míreanna 1, 2 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Ardaíodh ceist faoin chéatadán de dheontas a dhíoltar le deontaithe roimh ré agus míníodh go ndíoltar cuid de gach deontas, 50% i gcás deontais bheaga, ar dtús agus sciaranna eile de réir mar a thagann éileamh orthu agus go gcaithfidh tuairisc, admhálacha etc a bheith leis an éileamh. Míníodh go dtiocfadh leis tarlú nach ndíolfaí iomlán aon deontas agus an méid atá díolta a aisghairm sa chás nach gcomhlíontar na coinníollacha nó má tá sárú conartha ann.

An Coiste Forbartha

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste an oíche roimhe ag ar pléadh feidhmiú an Choiste Forbartha, an dóigh a ndéantar gnó an Choiste, an dóigh a mbíonn cruinnithe rialta ann agus ullmhúchán cuí déanta roimh chruinnithe. Cuireadh in iúl go raibh fadhb ann áfach maidir le tinreamh agus léadh amach sliocht as na buanorduithe maidir le tinreamh ag cruinnithe coiste:

(a) Má chailleann ball choiste trí chruinniú i ndiaidh a chéile den choiste labhróidh Cathaoirleach an choiste leis an bhall. Labhróidh Cathaoirleach an choiste le Cathaoirleach an Bhoird agus cinnfidh Cathaoirleach an Bhoird ballraíocht an bhaill ar an choiste a chur faoi bhráid an Bhoird más cuí.

D'fhág E. Mac Cormaic an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa agus chuaigh S. M Ó Domhnaill sa chathaoir.

Pléadh na critéir athbhreithnithe don SPG agus cuireadh in iúl go ndearna an Coiste Forbartha roinnt leasuithe orthu. Thug an Bord cead don Phríomhfheidhmeannach na leasuithe cuí a chur i bhfeidhm agus iad a chur ar aghaidh chuig na ranna urraíochta. Ghlac an Bord leis na critéir athbhreithnithe don SPG.

D'fhill E. Mac Cormaic ag an phointe seo agus chuaigh sa chathaoir arís.

Ghlac an Bord leis an Pholasáí Oiliúna agus Forbartha agus leis an Pholasáí um Chabhair le hAghaidh Staidéir agus aontaíodh go ndéanfaí iad a phoibliú go himmheánach.

Cuireadh in iúl go raibh liosta polasaithe de chuid Fhoras na Gaeilge á chur le chéile faoi láthair don Choiste Forbartha agus go mbeadh an liosta sin sonraithe sa lámhleabhar foirne fosta. Aontaíodh gurbh fhiú clúdach a bheith ar gach polasaí ag sonrú an dáta ar glacadh leis, dáta athbhreithnithe agus síniú an duine cuí. Moladh gurbh fhiú comhoibriú le Gníomhaireacht na hUltaise maidir le ceist pholasaithe agus aontaíodh go n-iarrfaí liosta polasaithe s'acu lena chinntiú nach raibh aon bhearnaí ann.

03.136 PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD 2016

Nótáil an Bord Plean Gnó agus Buiséad 2016 agus tugadh go dtí 15 Lúnasa do na comhaltaí chun aon mholtaí a chur ar fáil don Phríomhfheidhmeannach ina leith. Ghlac an Bord leis an Plean Gnó mar a sheas sé agus d'aontaigh an Bord go gcuirfí an dréacht seo ar fáil do na Ranna dá n-iarrfaí é. Aontaíodh go mbeadh an plean le plé arís ag cruinniú Mheán Fómhair.

04.136 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 MEITHEAMH AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2015

Scaipeadh an leagan amach nua den ráiteas caiteachais ar A4 mar eolas don Bhord agus cuireadh in iúl go mbeadh sé ar A4 feasta toisc go raibh na colúin is tábhachtaí amháin ann agus é níos soiléire le léamh. Cuireadh in iúl freisin go raibh gach mioneolas fós ar fáil faoi gach mí i rith na bliana, ach breathnú siar ar na cáipéisí boird cuí. Scaipeadh cóip de cháipéis eile a léirigh an staid reatha ó thaobh airgeadais de agus thug an Bord ardmholadh don Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha as an cháipéis shoiléir sin a ullmhú.

Ghlac an Bord le Nóta 1 (b) ar an ráiteas caiteachais maidir le hardú €61,000 don Áisaonad don Chlár Luathléitheoireachta a chur i gcrích. Ardaíodh ceist faoinn €80,000 do scéim tacaíochta mhargaíochta agus cuireadh in iúl go raibh tuairisc le teacht ó Chumann na bhFoilsitheoirí chuig an Bhord ag cruinniú Mheán Fómhair. Aontaíodh go gcuirfí an tuairisc faoi Chumann na bhFoilsitheoirí ar fáil do Choiste na nDeontas sula gcuirfí faoi bhráid an Bhoird í.

Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2015. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhair leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthrímhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile i mí Mheán an Fhómhair.

D'fhág E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa agus chuaigh S. M Ó Domhnaill sa chathaoir.

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas eisceachtúil de €38,271 a chur ar fáil do Ghlór na nGael le hobair athchóirithe a chur i gcrích chun go mbeidh a dhóthain spás in Áras Mhic Ardghail le haghaidh foireann na dtrí cheanneagraíochtaí (Glór na nGael, Conradh na Gaeilge agus Oireachtas na Gaeilge). Ghlac an Bord leis an mholadh coinníoll a chur leis an mhaoiniú nach mbeidh aon ardú ar an chíos ar na hoifigí go ceann trí bliana.

D'fhill E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí ag an phointe seo agus chuaigh E. Mac Cormaic sa chathaoir arís.

05.136 SÉALA AN AISTRÍÚCHÁIN

Phléigh an Bord séala an aistriúcháin agus na moltaí i leith córas creidiúnaithe agus athchreidiúnaithe agus ghlac an Bord le rogha 1, an cúram iomlán a bhaineann le creidiúnú agus le hathchreidiúnú aistritheoirí a aistriú chuig Rannóg an Aistriúcháin i dTithe an Oireachtais ach iad a bheith sásta tabhairt faoi. Má aistrítear an cúram aontaíodh íocaíocht aon uaire de €10,000 a dhíol leo le cuidiú le riar scrúdú i 2015 / 2016. D'aontaigh an Bord sa chás nach n-aistreofaí an cúram chuig Rannóg an Aistriúcháin go n-eagródh Foras na Gaeilge comórtas le heagraíocht chuí a cheapadh chun an Séala a riar, agus go mbeadh rogha ag aistritheoirí maidir le hathchreidiúniú: punann oibre móide teistiméireachtaí a chur ar fáil móide freastal ar oiliúnt nó scrúdú a dhéanamh.

06.136 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

07.136 SUÍOMH TAIRSI AGUS SUÍMH FHORAS NA GAEILGE

Pléadh an suíomh tairisí agus aontaíodh go mbeadh www.gaeilge.ie mar leathanach lamairne (landing page) a dhéanfadh daoine a threorú chuig www.peig.ie agus chuig suíomhanna na ranna, na gceanneagraíochta srl. Cuireadh in iúl go mbeadh Foras na Gaeilge ar lorg tairiscintí don suíomh corparáideach.

08.136 BUANORDUITHE FHORAS NA GAEILGE

Ghlac an Bord leis na buanorduithe. Aontaíodh go leasófaí abairt ar leathanach 2 agus go ndéanfaí an leasú a notáil mar seo:

(f) Nuair nach bhfuil an Cathaoirleach ar fónamh, i láthair ná ar fáil ar chúis ar bith déanfaidh an cúntóir ainmnithe don Chathaoirleach ról an Chathaoirligh a ghlacadh.

09.136 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc na hardbhainistíochta agus cuireadh in iúl:

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 agus faoi Chuid 2, Míreanna 1 & 2 d'Iarscibhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

- Go ndeachaigh Fiontar ar aghaidh le suíomh tairsí leis an ainm fearainn focal.ie Bhí an t-ainm fearainn le haistriú chuig Foras na Gaeilge nuair a aistríodh an bunachar téarmaíochta siar in Aibreán 2007 ach deir Fiontar anois gur leo é.
- Go raibh na hagallaimh ann don phost mar OF ar 13 Iúil agus go raibh glactha leis an tairiscint. Beidh an fostaí nua ag toiseacht ar 04 Lúnasa.
- Go raibh gearrliostaíl déanta don phost mar AOF. Beidh na hagallaimh ann an tseachtain dár tús 27 Iúil.
- Go raibh cruinniú leis an Aire Stáit ar 7 Iúil ag ar pléadh;
 - SPG,
 - Buiséad Fhoras na Gaeilge,
 - Suíomh Tairsí,
 - Líonraí agus Bailte Seirbhíse,
 - Séala an aistriúcháin
- Go mbeadh torthaí an mhórshuirbhé le seoladh ag an ESRI ar an Déardaoin 6 Lúnasa in oifigí an ESRI, Cé Sir John Rogerson, ag 10.30.
- Go mbeadh an Aip don fhoclóir le seoladh san fhómhar agus go raibh an tAire Stáit sásta an seoladh a dhéanamh. Tá an dáta le cinntiú.
- Go raibh glactha ag na ranna leis an chás gnó don léas ar an oifig i nGaoth Dobhair. Beidh an léas le hathnuachan ar an chíos agus coinníollacha céanna.
- Go raibh cruinniú ag an PF le DCAL maidir le forbairt na Gaeilge sa Roinn. Mar chéad chéimeanna tá siad chun:
 - Tús a chur arís le ranganna Gaeilge san fhómhar,
 - Iniúchadh a dhéanamh lena fháil amach an bhfuil daoine sa roinn le Gaeilge agus an bhfuil daoine ann ar mhaith leo snas a chur ar a gcuid Gaeilge,
 - Liosta de ranganna Gaeilge – deonach, seachtrach ag na hOllscoileanna agus ranganna le haghaidh cáilíochtaí,
 - Fiosrú faoin “Aid to Study Policy” maidir leis seo,
 - Fiosrú faoi scoláireachtaí Gaeltachta don fhoireann, agus
 - Fiosrú faoin Ghaeilge a bheith mar chritéar inmhianaithe agus foireann á n-earcú do “Languages Branch”.
- Go raibh an cás gnó don suíomh tairsí curtha chuig na ranna ó bhí 7 Iúil ann ach nach raibh aon scéal tagtha ar ais in ainneoin meabhrúcháin ag cur i gcuimhne go bhfuil an t-am ag sleamhnú.
- Go raibh an plé ag leanstan leis an cheanneagraíocht maidir le húdaráis rialaithe.
- Gur thosaigh an tIniúchadh suímh ar 15 Iúil.
- Nach raibh aon chinneadh déanta go fóill faoi athcheapadh an Bhoird.
- Gur scríobh an Príomhfheidhmeannach ag lorg cruinniú le Alex White maidir leis na cóid phoist.

- Go raibh socruithe sealadacha déanta le go seolfar torthaí an taighde ar “Nua Chainteoirí Gaeilge” ag 5.00 ar an Aoine 30 Deireadh Fómhair ag Oireachtas na Gaeilge. Go raibh próiseas comhairliúcháin tosaithe ar Chairt an BBC agus mairfidh sé go dtí 08 Deireadh Fómhair. Is fiú an deis seo a thapú le cearta agus riachtanais na Gaeilge ó thuaidh a mheabhrú don Rialtas thall. Tá an cháipéis le fáil ag [https://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/445704/BBC Charter Review Consultation WEB.pdf](https://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/445704/BBC_Charter_Review_Consultation_WEB.pdf)
- Nach raibh aon chinneadh déanta faoin SPG. Go mbeadh cinneadh le déanamh ag an Bhord ag cruinniú Mheán an Fhómhair faoi shíneadh don scéim reatha. Má chinneann an Bord ar shíneadh a chur leis an scéim reatha beidh ciorrú le déanamh ar an mhaoiniú nó is €1m atá sa chiste don scéim ar an bhliain seo chugainn in áit an €1.26m atá ann faoi láthair.
- Gur faomhadh coimisiún ar luach €5,600 do Dermot Somers de réir mholtaí Scéim na gCoimisiún 2015 a cuireadh faoi bhráid cruinniú de Bhord Fhoras na Gaeilge ar 26 Meitheamh, 2015. Tá sé curtha in iúl anois ag Dermot Somers nach bhfuil sé ag glacadh leis an deontas.
- De réir mheasúnuithe Scéim na gCoimisiún, is iarratas ar choimisiún ó Dhéaglán de Bréadúin an chéad iarratas eile a cháiligh faoin scéim ach nár maoiníodh ceal buiséid. Cuirfear an maoiniú de €4,410 ar fáil do Dhéaglán de Bréadúin agus táille riaracháin de €500 don fhoilsitheoir, Cois Life faoi Scéim na gCoimisiún 2015.

10.136 COMHFHREAGRAS

Thug an Bord suntas don chomhfhreagras a bhí faighte maidir leis an tUltach.

11.136 AON GHNÓ EILE

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh ceist ann faoi eagrais bunmhaoinithe, nach ann dó níos mó, agus bille nár díoladh leis an choimisinéir cánach ach go raibh an cheist á fhiosrú faoi láthair.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
25 Meán Fómhair 2015

Miontuairiscí ón 137 cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 25 Meán Fómhair 2015 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), A. Ní Chiaráin, T. Ruane, S. Mac Donncha, D. Ó hAiniféin, B. Ní Chonghóile, S. M. Ó Domhnaill, M. Mac Ruairí, T. Mac Eochagáin, C. Cavanagh, É. Ó Gribín agus P. Callaghan ar nasc físchomhdhála ó Bhéal Feirste.

Leithscéalta: E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), D. Ó Laoghaire agus C. Ní Shúilleabháin.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin, A. Davitt agus S. Uí Choinne.

01.137 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 24 Iúil 2015 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl go raibh plé ar siúl idir an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Rannóg an Aistriúcháin maidir le séala an aistriúcháin agus go raibh tairiscintí lorgtha chun scrúdú creidiúnaithe a réachtáil go luath in 2016. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le hE. Mac Cormaic a bhí sa chathaoir ag an chruinniú sin.

02.137 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Phléigh an Bord ceist an SPG. Cuireadh in iúl nach mbeadh ach buiséad de €1milliún mar a bhí aontaithe ar fáil don SPG seachas €1.2milliún a bhíodh ann. Ghlac an Bord leis an mholadh síneadh ama don scéim reatha ar feadh sé mhí eile (1 Eanáir 2016 go dtí 30 Meitheamh 2016). (**Aguisín 1**) Ghlac an Bord leis an mholadh go lorgódh Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge agus Cathaoirleach an Choiste Forbartha cruinniú leis an bheirt Aire chun todhchaí na scéime a phlé leo mura mbeadh dul chun cinn sásúil déanta laistigh de choicís.

Nótáil an Bord an plépháipéar maidir le Scéim na nIonad Gaeilge agus cuireadh in iúl go mbeadh moladh faoi bhráid an Bhoird maidir le Scéim le haghaidh Ionaid Ghaeilge ag tús 2016.

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir leis an scéim scoláireachta Gaeltachta. (**Aguisín 2**)

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir leis an spré tíreolaíoch do scéimeanna Fhoras na Gaeilge 2016 agus tugadh ardmholadh don obair a rinneadh ar an cheist.

Nótáil an Bord an tuairisc ar dhul chun cinn maidir leis an scéim tacaíochta mhargaíochta d'earnáil na bhfoilsitheoirí Gaeilge agus aontaíodh go mbeadh briseadh síos ar an chaiteachas sa chéad tuairisc eile.

An Coiste Iniúchta

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 3 Meán Fómhair ag ar pléadh an clár rioscaí, tuairiscí ón Iniúchóir Inhmeánach agus nithe eile. Ghlac an Bord leis an chlár rioscaí. Ghlac an Bord leis an pholasaí sceithreachta. Nótáil an Bord tuairisc an Iniúcháin Inmheánaigh maidir leis na ceanneagraíochtaí. Nótáil an Bord tuairisc

an Iníúcháir Inmheánaigh maidir leis an phárolla agus cuireadh in iúl go raibh feabhas ollmhór tagtha ar obair na Stiúrthóireachta Seirbhísí Corparáideacha ó ceapadh an Stiúrthóir nua. Cuireadh in iúl gur pléadh feidhmiú an Choiste Iníúchta agus aontaíodh go raibh an Coiste ag feidhmiú go sásúil. Cuireadh in iúl go raibh an tIníúcháir Inmheánach thar a bheith sásta le foireann Fhoras na Gaeilge agus an comhoibriú ar fad.

Chuir Cathaoirleach an Bhoird in iúl go mbeadh tuairisc scríofa ar fheidhmiú na bhfochoistí le cur ar fáil ag gach Coiste don chéad chruinniú Boird eile.

An Coiste Osradhairc

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste an oíche roimhe ag ar pléadh ceist maidir le rannfócaíochtaí pinsean iarfhostaithe agus cuireadh in iúl go raibh an cheist á plé le hArdrúnaí na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta faoi láthair.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 agus faoi Chuid 2, Míreanna 1, 2 & 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

An Coiste Forbartha

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste an mhaidin sin ag ar pléadh an Treoircháipéis: Seirbhísí Gaeilge sna Comhairlí Nua do na comhairlí nua ó thuaidh. Cuireadh in iúl go ndearnadh roinnt leasuithe ar an cháipéis le tagairtí a chur inti d’Airteagail 12 agus 13 den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, aontaíodh go gcuirfí an leagan leasaithe ar shuíomh Idirlín Fhoras na Gaeilge.

03.137 PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD 2016

Cuireadh in iúl go raibh Plean Gnó agus buiséad 2016 curtha chuig na ranna, agus ciorrú 4% curtha i bhfeidhm air, agus go rabhtas ag súil go ndéanfaí é a fhaomhadh ag an chruinniú CATT ar 6 Samhain.

04.137 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 LÚNASA AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2015

Scaipeadh cóip chrua den ráiteas caiteachais mar aon leis an cháipéis eile a léirigh an staid reatha ó thaobh airgeadais de agus bhí plé ina leith. Ardaíodh ceist faoi mhíreanna buiséid nach raibh caite fós agus cuireadh in iúl go raibh cruinniú bainistíochta beartaithe don 30 Meán Fómhair ag a ndéanfaí scagadh ar gach mír sa bhuiséad, líne ar líne agus aon rud nach mbeadh caite, go ndéanfaí an t-airgead sin a athdháileadh.

Ghabh an Bord buíochas leis an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus an fhoireann airgeadais.

Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2015. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthrímhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile.

05.137 POLASAÍ CUMHDACH LEANAÍ

Phléigh an Bord an Polasaí Cumhdach Leanaí. Cuireadh in iúl go raibh an polasaí faofa ag an Bhord cheana ach go ndearnadh roinnt mhionleasuithe air ó shin.

Cuireadh in iúl gurb iad S. Ó Coinne agus N. Ní Scolláin na hoifigigh ainmnithe do chumhdach leanaí. Ghlac an Bord leis an Pholasáí Cumhdach Leanáí.

06.137 TORTHAÍ AN MHÓRSHUIRBHÉ

Pléadh an cháipéis faoi na torthaí ar an mhórshuirbhé agus aontaíodh go gcuirfí achoimre den cháipéis chuig Oifig an Taoisigh, Oifig an Tánaiste, Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire, an bheirt Aire Oideachais, na ranna urraíochta, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus na coláistí oiliúna. Moladh go ndéanfaí iarracht cóip a chur chuig na polaiteoirí ar fad, thuaidh agus theas.

07.137 TUAIRISC AR AN TAIGHDE AR RIACHTANAIS NAÍONRAÍ

Nótáil an Bord an tuairisc ar an taighde ar riachtanais naíonraí agus aontaíodh go gcuirfí faoi bhráid an Choiste Forbartha í chun tuilleadh plé a dhéanamh uirthi.

08.137 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

09.137 BUANORDUITHE FHORAS NA GAEILGE

Ghlac an Bord leis na buanorduithe.

10.137 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc na hardbhainistíochta agus cuireadh in iúl:

- Gur seoladh an leagan leasaithe de na treoirlínte don SPG a phléigh an Bord ar 24 Iúil chuig na ranna 27 Iúil. Go raibh cruinniú leis an SPAD nua ar an 23 MF faoin SPG.
- Gur tháinig scéala 14 MF ag tabhairt cead dul ar aghaidh leis an suíomh tairsí de réir an cháis ghnó.
- Gur tháinig litir ó dhlíodóirí atá ag feidhmiú thar ceann thiarna talún iareagras bunmhaoinithe ag lorg eolais faoi shaoráil faisnéise agus go raibh freagra curtha uirthi.
- Nach raibh aon fhreagra faighte go fóill ar an litir a cuireadh chuig na ranna ar 28 Bealtaine faoi chúrsaí pinsean ach bhí cur chuige luaite sa treoir don Phlean Gnó. Bhí comhrá ag an SSC le DFP inar tugadh le fios go ndíolfaí costais pinsean breise, cnapshuimeanna san áireamh, le Foras na Gaeilge i 2016 agus tá an buiséad curtha isteach againn ar an bhonn sin. Beidh buiséad iomlán le plé ag an Bhord nuair a bheas buiséad 2016 faofa ag CATT.
- Go raibh cruinniú ag an PF leis an Aire Stáit McHugh, T.D.
- Go raibh ainmniúchán le déanamh ar dhá choiste de chuid CNCM (NCCA). Ceann don tSraith Shóisearach agus ceann don tSraith Shinsearach. Is iad na hionadaithe reatha M. Ní Mhóráin don tSraith Shóisearach agus S. Ní Ghuidhir don tSraith Shinsearach agus moltar iad a athainmniú.

Ghlac an Bord leis an mholadh iad a athainmniú do dhá choiste CNCM.

- Go raibh cruinniú monatóireachta ann 7 Meán Fómhair ag ar pléadh:
 - Buiséad 2016 –12% laghdú carnach a chur ar an bhuiséad CATT a ceadaíodh do 2013, agus dá réir gur mar seo a leanas a bheidh maoiniu na Ranna dúinn in 2016 –

ollbhuiséad €14,532,911, mar aon le €1,057,320 do Clár na Leabhar Gaeilge agus €237,037 do Cholmcille.

- Go bhfuil na Ranna ag iarraidh meitheal oibre a bhunú le taighde ar an Ghaeilge a chomhordú idir an dá dhlínse.
- Go raibh glactha leis an tairiscint don phost mar AOF ag A. Lee. D'éirigh N. Ní Cholla as a post mar oifigeach forbartha le Colmcille ar 22 Lúnasa. Tá post mar Oifigeach Cléireachais i mBaile Átha Cliath agus post mar OF i nGaith Dobhair fógraithe.
- Go rabhthas ag plé leis an *Irish Times* faoin fhorlónadh, faoin chostas a bhaineann leis agus faoi na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil.
- Go rabhthas ag plé leis na húdair faoi na hailt don tsraith faoin fhéiniúlacht agus go raibh an *Irish Times*, *Irish News*, *Irish Daily Mail*, *Nós* agus *tuirisc.ie* sásta glacadh le hailt.
- Go raibh trí shuíomh d'ár gcuid ainmnithe le haghaidh na "Web Awards": www.gaeilge.ie, www.foclóir.ie agus www.teanglann.ie
- Go raibh an cheist coimhlint leasa maidir le ball foirne a bhí ag feidhmiú mar oifigeach coiste ag grúpa maoinithe a fhaigheann maoiniú substaintiúil ó Fhoras na Gaeilge faoi scéimeanna éagsúla socraithe. D'éirigh an ball foirne as a bhallraíocht in dhá ghrúpa.
- Go raibh S. Ó hEidhin anois ainmnithe mar ionadaí don Phríomhfheidhmeannach ar Choiste na bPríomhfheidhmeannach a bhíonn ag plé leis an Scéim Pinsean Thuaidh/Theas.
- Go raibh scéimeanna Fhoras na Gaeilge do 2016 á bhfógairt faoi láthair.

Ag Oireachtas na Gaeilge:

- Seolfar an Aip don fhoclóir.
Eagrófar dhá cheardlann foclóireachta ó 15.00 ar an Aoine 30 Deireadh Fómhair: (1) seisiún oiliúna ar an suíomh focloir.ie agus ar na feidhmeanna úra cuardaigh a bheidh beo ag an am sin, agus,
(2) seisiún ar na háiseanna foclóireachta atá ar an suíomh teanglann.ie ag a seolfar leagan digiteach den Foclóir Beag (Gaeilge-Gaeilge) agus inneall nua gramadaí a bunaíodh ar na comhaid ghramadaí ar focloir.ie, agus straitéis foclóireachta Fhoras na Gaeilge – Sa Bhálseomra.
Seolfar an taighde ar "Nua Chainteoirí Gaeilge" ag an Choimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, ar an Aoine 30 Deireadh Fómhair ag 18.00 – Sa Bhálseomra.

Thug an Bord suntas don uasdátú ar Phlean Gnó 2015.

11.137 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

12.137 AON GHNÓ EILE

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 agus faoi Chuid 2, Míreanna 1, 2 & 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
30 Deireadh Fómhair 2015

Aguisín 1

Uimh. Thag. Don tSineadh	Iarratasóir	Soláthar Molta 2016: Ean - Meith
1001133D	Muintir Chrónáin Teo	€26,961.65
1001118D	Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	£23,992.43
1001126D	Gaeilge Locha Riach	€26,411.75
1001138D	An Droichead Teo	£23,386.77
1001130D	Coiste Forbartha Charn Tóchair	£22,742.85
1001116D	An Clár as Gaeilge Teo	€24,193.05
1001134D	Coiste Dúiche Mhaigh Eo, C na G	€23,445.27
1001129D	Gaelphobal Cheantar an tSratha Báin	£20,592.84
1001122D	Cairde Teo	£20,023.07
1001135D	Gaelfhorbairt na Gaillimhe	€22,098.75
1001143D	Croí Éanna	£18,485.21
1001137D	Glór na Móna	£18,231.03
1001121D	Craobh an Aonaigh, C na G	€21,500.00
1001141D	Cairde Uí Néill	£18,243.00
1001140D	Glór na nGael, Uachtar Tíre	£17,769.24
1001119D	Glór Cheatharlach	€21,500.00
1001120D	Cumann Gaelach na hEaglaise	€21,500.00
1001145D	Ionad Uíbh Eachach	£17,500.00
1001123D	Boirche Íochtar CnaG	£17,500.00
		€187,610.47
		€312,094.90 (£218,466.43)
		€499,705

Athbhreithniú ar Chiste Scoláireachtaí Gaeltachta Fhoras na Gaeilge

Meán Fómhair 2015

Cúlra:

I ngeall ar na hathruithe atá tagtha ar an gcur chuige maoinithe d'eagrais Ghaeilge le cúpla bliain anuas, measadh gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige a bhí ann maidir le Scoláireachtaí Gaeltachta a bhronnadh ar dhaoine óga, daoine fásta, agus teaghlaigh. Go stairiúil bhí na scoláireachtaí do dhaoine óga agus do dhaoine fásta teoranta do mhuintir na sé chontae amháin.

Go dtí seo, bhí na hiarratasóirí srianta ó thaobh rogha na gColáistí Samhraidh de, mar go raibh iachall orthu freastal ar cheann de na coláistí a bhí á réachtáil ag lucht faighte maoinithe – Gael-Linn, Comhaltas Uladh (anois faoi Chonradh na Gaeilge), Cumann na bhFiann (le bliain anuas), Oideas Gael agus Cumann an Phiarsaigh.

Measadh gur cheart teacht ar chur chuige nua a bheadh coinsiasach ar an airgead a dháileadh go cothrom i gcomhthéacs na tíreolaíochta agus na ndúshlán sóisialta agus airgeadais freisin.

Faoi láthair (2015), is mar seo a leanas atá an soláthar buiséid i bhForas na Gaeilge le haghaidh scoláireachtaí:

- Scoláireachtaí do dhaoine óga - €70,000
- Scoláireachtaí do dhaoine fásta - €10,000
- Scoláireachtaí do theaghlaigh - €10,000

Cur chuige molta:

I gcomhthéacs buiséad teoranta, moltar an ciste a dháileadh faoi na trí chatagóir faoi leith a leanas agus gur cheart na grúpaí leasmhara a roinnt mar a leanas;

Scoláirí faoi 16:	Dírithes ar Thuaisceart Éireann amháin
Daoine fásta:	Dírithes ar an tír ina hiomláine – go stairiúil bhí na scoláireachtaí seo dírithe ar TÉ agus ar dhaoine nach raibh an deis acu an Ghaeilge a fhoghlaim sa chóras oideachais foirmiúil
Teaghlaigh:	Dírithes ar an tír ina hiomláine

Daoine óga i dTuaisceart Éireann faoi 16

- Moltar go gcuirfimid cuireadh ar an **3 Cheanneagraíocht** (CE) a bhíonn ag plé le coláistí amháin iarratas a chur chugainn sa chatagóir le haghaidh daoine óga i. Conradh na Gaeilge, Cumann na bhFiann agus Gael Linn.
- Moltar go gcuirfimid leabhrán de dhearbháin le huimhreacha tagartha orthu ar fáil do na CEí leasmhara (Conradh na Gaeilge, Cumann na bhFiann agus Gael Linn). Aontófar luach iomlán an deontais leis na CEí sula ndéantar aon scoláireacht a bhronnadh. Beidh ar na **CEí 25% sa bhreis** a chur leis an méid a bheas ceadaithe ag Foras na Gaeilge mar shampla, má fhaigheann CE

€20,000 ó Fhoras na Gaeilge beidh orthu scoláireachtaí ar luach €5,000 sa bhreis a chur leis an chiste agus é sin a dhearbhu le Foras na Gaeilge.

- Moltar gur faoi na CEí féin a bheidh sé na dearbháin a bhronnadh ar na scoláirí, ní bheadh baint ag Foras na Gaeilge leis an gcur chuige.
- Ní chuirfear scoláireacht iomlán ar fáil. Táthar ag súil nach mbronnfar scoláireacht ar luach níos mó ná €500.
- Beidh cead ag scoláirí úsáid a bhaint as an dearbhán in aon choláiste i. go mbeidh rogha oscailte acu. Ní bheidh ar na scoláirí cloí leis an eagraíocht a bhronn an scoláireacht.
- Iarrfar ar na CEí an modh bronnta a aontú le Foras na Gaeilge agus go mbeidh, mar chuid de sin, dóigh le díriú ar cheantair a bhfuil líon ard daoine faoi mhíbhuntáiste ina gcónaí iontu (i gcomhair le grúpaí pobail, scoileanna srl.) le go n-ardófar an seans go mbeidh siad ag freastal ar pháistí faoi mhíbhuntáiste.
- Cé go mbeidh scoláireachtaí Fhoras na Gaeilge dírithe orthu siúd atá faoi 16 iarrfar ar na heagraíochtaí bronnta bheith ag obair i ndlúthchomhar le Comhairlí Ceantair, le Boird Contae de chuid CLG agus grúpaí eile a chuireann scoláireachtaí ar fáil, lena chinntiú go mbíonn sciar dá soláthar curtha i leataobh le haghaidh scoláirí AS agus A2, agus le dúbailt a sheachaint.
- Iarrfar ar an CEí na scoláireachtaí do dhaoine óga a bhronnadh i ndlúthchomhar le soláthróirí, agus le heagraíochtaí eile a bhronnann scoláireachtaí leis an luach is fearr is féidir a fháil as an chaiteachas agus le dúbailt a sheachaint a oiread agus is féidir.

Daoine Fásta

- Moltar go gcuirfimid cuireadh ar na **6 Ceanneagraíocht (CE)** i. Conradh na Gaeilge, Cumann na bhFiann, Gael Linn Gaelscoileanna, Glór na nGael agus Oireachtas na Gaeilge, iarratas a chur chugainn sa chatagóir le haghaidh daoine fásta.
- Moltar go gcuirfimid leabhrán de dhearbháin le huimhreacha tagartha orthu ar fáil do na CEí leasmhara. Aontófar luach iomlán an deontais leis na CEí sula ndéantar aon scoláireacht a bhronnadh. Beidh ar na **CEí 25% sa bhreis** a chur leis an méid a bheas ceadaithe ag Foras na Gaeilge mar shampla, má fhaigheann CE €10,000 ó Fhoras na Gaeilge beidh orthu scoláireachtaí ar luach €2,500 sa bhreis a chur leis an chiste agus é sin a dhearbhu le Foras na Gaeilge.
- Moltar gur faoi na CEí féin a bheidh sé na dearbháin a bhronnadh ar dhaoine fásta, ní bheadh baint ag Foras na Gaeilge leis an gcur chuige. Ní chuirfear scoláireacht iomlán ar fáil.
- Beidh cead ag scoláirí úsáid a bhaint as an dearbhán in aon choláiste i. go mbeidh rogha oscailte acu. Ní bheidh ar na scoláirí cloí leis an eagraíocht a bhronn an scoláireacht.
- Iarrfar ar na CEí an modh bronnta a aontú le Foras na Gaeilge agus go mbeidh, mar chuid de sin, dóigh le díriú ar cheantair a bhfuil líon ard daoine faoi mhíbhuntáiste ina gcónaí iontu (i gcomhair le grúpaí pobail srl.) le go n-ardófar an seans go mbeidh siad ag freastal ar dhaoine faoi mhíbhuntáiste.
- Iarrfar ar na CEí na scoláireachtaí do dhaoine fásta a bhronnadh i ndlúthchomhar le soláthróirí, agus le heagraíochtaí eile a bhronnann

scoláireachtaí leis an luach is fearr is féidir a fháil as an chaiteachas agus le dúbailt a sheachaint a oiread agus is féidir.

Teaghlaigh

- Faoi láthair, cuirtear maoiniú ar fáil do Chumann an Phiarsaigh a bhronnann scoláireachtaí ar theaghlaigh le freastal ar chúrsaí Gaeltachta.
- Is iad an t-aon ghrúpa iad atá ag freastal ar an gcuid seo den phobal, mar sin, moltar cloí leis an gcur chuige seo i. go nglacfar le hiarratais ó Chumann an Phiarsaigh go bliantúil ach go mbeidh an cur chuige seo faoi athbhreithniú rialta.
- Faoi láthair, tá coinníoll ann a chinntíonn go bhfuil páistí an teaghlaigh ag freastal ar ghaelscoil, moltar leanúint leis an gcoinníoll seo le tacú le taithí Ghaeilge na bpáistí seo.
- Iarrfar ar Chumann an Phiarsaigh soláthar a dhéanamh do theaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste (i. ar liúntas leasa shóisialaigh nó a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar scoil Deis srl...)
- Ní cheadófar scoláireachtaí iomlána ach beidh saoirse ag Cumann an Phiarsaigh méid an dearbháin a roghnú
- Iarrfar ar Chumann an Phiarsaigh 15 scoláireacht ar a laghad a bhronnadh
- Iarrfar ar Chumann an Phiarsaigh na scoláireachtaí a bhronnadh i ndlúthchomhar le leis an 6 CE agus le Comhairle na Gaelscoláíochta bhíonn ag plé le réimse an teaghlaigh leis an luach is fearr is féidir a fháil as an chaiteachas agus le dúbailt a sheachaint a oiread agus is féidir.

Critéir don Chiste Scoláireachtaí

Moltar critéir chomónta Fhoras na Gaeilge a úsáid don chiste (i. 1. An bhfuil gá leis an tionscadal?, 2. Cúrsaí airgeadais agus Luach airgid agus 3. Cumas bainistíochta). Moltar chomh maith go mbeidh na nithe seo a leanas san áireamh mar chuid de chritéir mheasúnaithe ar iarratais faoin chiste scoláireachtaí;

1. Go mbeidh dearbhú faighte ón iarratasóir go mbeidh siad in ann suim nach lú ná 25% den deontas iarrtha a chur ar fáil mar scoláireachtaí (seachas Cumann an Phiarsaigh).
2. Go ndéanfar measúnú ar an mhodh bronnta / roghnaithe scoláireachtaí agus go gcuirfear san áireamh i measc nithe eile:
 - a. Oscailteacht na scéime
 - b. Trédhearcacht na scéime
 - c. Cothromaíocht na scéime
 - d. Leas do chur chun cinn na Gaeilge
 - e. Fócas na scéime ar an mhíbhuntáiste (i. go ndíreofar ar cheantair a bhfuil líon ard daoine faoi mhíbhuntáiste ina gcónaí iontu i gcomhair le grúpaí pobail, scoileanna srl.)
3. Go ndéanfar measúnú ar an chur chuige chun spré tíreolaíoch cothrom a aimsiú i. go mbeadh rochtain ar na scoláireachtaí ar fud an dlínse (i. ag daoine óga)

Moltar go mbronnfaí na scoláireachtaí Gaeltachta mar seo a leanas;

1. Gur trí dhearbháin, le huimhreacha tagartha orthu (féach Aguisín 1), a dhéanfar na Scoláireachtaí a bhronnadh toisc go gcinnteofar gur fhreastail lucht faighte na scoláireachtaí ar na cúrsaí. (Ciallóidh na dearbháin nach bhfuil ualach do-láimhsithe oibre ar fheidhmeannas Fhoras na Gaeilge nó ar lucht bronnta na ndearbhán).
2. Nach mbeidh cead scoláireachtaí iomlána a bhronnadh ach i gcásanna fíor-eisceachtúla a bhaineann le dualgais daoine faoi mhíbhuntáiste a chomhlíonadh. Déanfar é seo faoi dhiscreíd na gCEÍ/na n-eagraíochtaí rannpháirteacha eile.

Comhairliúchán

Moltar go ndéanfar comhairliúchán teoranta (i. leis na páirtithe leasmhara – na CEÍ, soláthróirí reatha, coláistí samhraidh ó thuaidh, Oideas Gael agus Cumann Phiarsaigh) ar an mholadh ach é bheith faofa ag Bord Fhoras na Gaeilge.

Athbhreithniú

Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an Chiste Scoláireachtaí i Meán Fómhair 2016. Moltar go gcuirfear le méid an Chiste le gur féidir leathnú a dhéanamh ar líon na ndaoine ar féidir tarraingt orthu sna trí chatagóir.

Aguisín 1: Dearbhán Samplach

Uimhir Chlárach: 12345	<p><i>Bronntar an dearbhán do Scoláireacht Gaeltachta ar luach</i></p> <p>€200 <i>ar</i> Seán Ó Murchú</p>  <p>Foras na Gaeilge</p> <p>Uimhir Chlárach: 12345</p>
-------------------------------------	---

Cur chuige na ndearbhán (maidir le daoine óga):

- Cuirfidh Foras na Gaeilge leabhrán de dhearbháin le huimhreacha tagartha orthu ar fáil do na CEÍ leasmhara.
- Beidh na CEÍ in ann méid na ndearbhán a chinntiú iad féin mar shampla más €200 nó €350 é ach fágfar an tsolúbthacht sin acu. Táthar ag súil nach mbronnfar scoláireacht ar luach níos mó ná €500.
- Déanfaidh an CEÍ ainm an duine a nótáil agus cuirfear chuig Foras na Gaeilge an liosta sin. Cuirfear ainm an scoláire ar an dearbhán nach mbeidh inaistrithe. Bronnfar an dearbhán ar an scoláire agus beidh an tsaoirse ag an scoláire freastal ar a rogha coláiste.

- Tabharfaidh an scoláire an dearbhán (leis an méid € air) do riarthóir an choláiste agus déanfaidh an coláiste taifead ar thinreamh an scoláire.
- Nuair a fhaigheann Foras na Gaeilge an liosta tinrimh ón gColáiste, cuirfear é sin i gcomparáid leis an liosta a chuir an CE ar aghaidh agus íocfar an Coláiste ansin (i. má tá fianaise ann gur fhreastail an scoláire ar an gColáiste).

Miontuairiscí ón 138 cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 30 Deireadh Fómhair 2015 ag Oireachtas na Gaeilge, Óstán an Citywest, Baile Átha Cliath.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), A. Ní Chiaráin, T. Ruane, D. Ó hAiniféin, B. Ní Chonghóile, S. M. Ó Domhnaill, M. Mac Ruairí, T. Mac Eochagáin, D. Ó Laoghaire C. Ní Shúilleabháin C. Cavanagh agus É. Ó Gribín.

Leithscéalta: S. Mac Donncha agus P. Callaghan.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin, A. Davitt agus S. Uí Choinne.

01.138 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 25 Meán Fómhair 2015 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl go raibh tairiscint déanta leis an iarrthóir rathúil chun an scrúdú creidiúnaithe d'aistritheoirí a réachtáil in 2016.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 agus faoi Chuid 2, Míreanna 1, 2 & 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

02.138 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

An Coiste Forbartha

Chuir Cathaoirleach an Choiste in iúl go raibh glactha ag an RCEF leis an SPG 2016-2020 agus go bpléifear ag cruinniú den CATT ar an 6 Samhain é. Ghabh sí buíochas leis an Choiste agus leis an fheidhmeannas as an obair ar fad. Gabhadh buíochas le Cathaoirleach an Choiste. Rinneadh tagairt don tuairisc a cuireadh ar fáil maidir le feidhmiú an Choiste Forbartha agus cuireadh in iúl go raibh an Coiste ag feidhmiú go sásúil.

Coiste na nDeontas

D'fhág E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ann an mhaidin sin chun an moladh maidir le maoiniú eisceachtúil éigeandála aon uaire d'Oireachtas na Gaeilge a phlé. Ghlac an Bord leis an mholadh go gceadófaí deontas de €27,150 ar an choinníoll go mbeadh an t-airgead sin le haisíoc, ó dheontas reatha an Oireachtais, thar tréimhse trí bliana (€10,000 i 2016, €10,000 i 2017 agus €7,150 i 2018). Cuireadh in iúl go mbeadh athbhreithniú inmheánach le déanamh ag an Oireachtas féin mar gheall ar an cheist agus go mbeadh coinníollacha ar leith ann as seo amach:

- i) Seicliosta le cur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge ag léiriú riachtanais iomlána an Oireachtais le féile na Samhna a réachtáil.
- ii) Conradh leis an ionad d'fhéile Oireachtas na Samhna 2016 le cur ar fáil roimh dheireadh Eanáir 2016 ag léiriú go bhfuil na socruithe cuí in áit.
- iii) Conradh do gach bliain eile a chur ar fáil bliain roimh ré.

D'fhill E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí ag an phointe seo.

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ón Ghaeláras agus ó Chultúrlann McAdam Ó Fiaich don tréimhse Eanáir go Nollaig 2016.

Ainm Eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
An Gaeláras	1501040	£231,071	£123,636.37
Cultúrlann McAdam Ó Fiaich	1501041	£108,837	£100,305

Cuireadh in iúl go mbeadh Scéim na nIonad Gaeilge faoi bhráid an Bhoird Feabhra 2016.

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim Raidió Pobail 2016 – 2018

Ainm Eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
Raidió na Life	1501057	€720,000	€720,000 (€240,000 sa bhliain)
Raidió Fáilte Teo.	1501056	£583,200	£583,200 (£194,400 sa bhliain)

Aontaíodh plé a thosnú le lucht an dá Raidió le heolas a bhailiú maidir le líon na n-éisteoirí.

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €14,651 in 2015 a chur ar fáil d’Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad chun cuidiú leis na costais a bhaineann le Vifax don Ghaeilge a fhorbairt do scoilbhliain 2015/16 ar an choinníoll go gcuirfí tuairiscí míosúla ar fáil i dtaobh líon úsáideoirí an tsúimh.

Ainm Eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann	1501063	€14,651.67	€14,651

Ghlac an Bord leis an mholadh €120,000 a chur ar fáil do Gael-Linn leis an scéim Gaelbhratach a réachtáil.

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €20,000 a chur ar fáil do Chomhar le leabhar d’ardchaighdeán a fhoilsiú agus le láithreán ghréasáin a fhorbairt bunaithe ar an chartlann de phortráidí atá ar fáil.

Rinneadh tagairt don tuairisc a cuireadh ar fáil maidir le feidhmiú Choiste na nDeontas agus cuireadh in iúl go raibh an Coiste ag feidhmiú go sásúil. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Choiste agus leis an fheidhmeannas as an obair ar fad.

An Coiste Iniúchta

Rinneadh tagairt don tuairisc a cuireadh ar fáil maidir le feidhmiú an Choiste Iniúchta agus cuireadh in iúl go raibh an Coiste ag feidhmiú go sásúil.

An Coiste Osradhairc

Rinneadh tagairt don tuairisc a cuireadh ar fáil maidir le feidhmiú an Choiste Osradhairc agus cuireadh in iúl go raibh an Coiste ag feidhmiú go sásúil.

03.138 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 MEÁN FÓMHAIR AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2015

Scaipeadh cóip chrua den ráiteas caiteachais mar aon leis an cháipéis eile a léirigh an staid reatha ó thaobh airgeadais de agus bhí plé ina leith. Nótáil an Bord an ráiteas

caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2015. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile.

Ghlac an Bord leis an mholadh go gceadófaí maoiniú breise aon-uair de €15,005, anuas ar an €42,000, €57,005 san iomlán a ceadaíodh ag cruinniú 22 Bealtaine, do Peig.ie chun cuid de na costais don fheachtas bolscaireachta a chlúdach.

Cuireadh in iúl go mbeadh an suíomh tairsí www.gaeilge.ie agus an suíomh corparáideach www.forasnagaeilge.ie agus www.peig.ie réidh le seoladh le linn Sheachtain na Gaeilge i mí an Mhárta 2016.

04.138 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

05.138 CUR I LÁTHAIR AR AN STRAITÉIS FOCLÓIREACHTA

Tháinig P. Ó Mianáin agus C. Convery i láthair an chruinnithe. Thug P. Ó Mianáin cur i láthair ar an straitéis foclóireachta agus bhí ceistanna ina dhiaidh.

Ghlac an Bord i bprionsabal leis an mholadh maidir leis an fhoclóir agus iarradh ar an Phríomhfheidhmeannach dul chun cainte leis na ranna ina leith. (**Aguisín 1**) Cuireadh in iúl go mbeadh an moladh le cur faoi bhráid an CATT agus le plé leis na ranna urraíochta. Iarradh ar an Phríomhfheidhmeannach tús a chur le plé leis na ranna maidir le buiséad ar leith d'obair na foclóireachta. Ardaíodh ceist an raibh féidearthachtaí ann don fhoclóir ó thaobh mhaoiniú na hEorpa de agus cuireadh in iúl go ndéanfaí gach féidearthacht a fhiosrú.

D'fhág P. Ó Mianáin agus C. Convery an cruinniú.

06.138 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc na hardbhainistíochta agus cuireadh in iúl:

- Go raibh tairiscintí lorgtha don suíomh tairsí agus do shuíomh corparáideach nua Fhoras na Gaeilge.
- Go rabhthas ag súil go mbeadh plean gnó agus buiséad 2016 le plé agus le haontú ag an CATT ar an 6 Samhain.
- Go ndearnadh an t-iniúchadh leantach le haghaidh SWiFT 3000 agus bhí an t-Iniúchóir sásta. Tá ardú beag ar an mharc a ghnóthaigh muid an t-am seo go 85.64%.
- Go raibh cruinniú le toscaireacht thar ceann na nAistritheoirí a bhfuil an Séala acu, le plé a dhéanamh ar an dóigh le tabhairt faoin athchreidiúnú. Bhí cruinniú le Rannóg an Aistriúcháin ina leith seo fosta.
- Go raibh tairiscint déanta le haghaidh post mar Oifigeach Cléireachais i mBaile Átha Cliath agus post mar Oifigeach Feidhmiúcháin i nGaith Dobhair.
- Go raibh plé leis na foilseacháin an *Irish Times*, *Irish News*, *Irish Daily Mail*, *Nós* agus *tuairisc.ie* faoi na hailt. Is é an uas-cheannlíne a bheidh leo: “Our Language, Our Journey – An insight into a living language” “Ár dTeanga, Ár nOidhreacht – Léargas ar theanga bheo”.
- Gur seoladh an Aip don fhoclóir ag Eimear Ní Chonaola, TG4 ar 29 Deireadh Fómhair, agus go mbeadh trí cheardlann ar chúrsaí foclóireachta mar chuid d'imeachtaí an Oireachtais

- Go seolfáí an taighde ar “Nua Chainteoirí Gaeilge” ag an Choimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, 30 Deireadh Fómhair ag 18.00 – Sa Bhálseomra.
- Go raibh iarratais ar mhaoiniú le haghaidh 2016 faighte ó na 6 Ceanneagraíocht bunaithe ar an bhuiséad laghdaithe (4.8%)

Cuireadh in iúl go raibh iarratas lag curtha ar fáil ag ceanneagraíocht amháin agus go raibh iarratas leasaithe iarrtha uathu. Ardaíodh ceist an raibh córas ann maidir le hanailís ar an mhórfhictiúr do gach ceanneagraíocht agus cuireadh in iúl go gcuireann na ceanneagraíochtaí tuairiscí ar fáil agus an sciar deontais á éileamh acu. Cuireadh in iúl go ndéanfaí luacháil neamhspleách ar na ceanneagraíochtaí in 2016 ina gcuirfí an cur chuige reatha i gcomparáid leis an chur chuige a bhí ann. Míníodh gur próiseas forbartha a bhí i gceist.

- Go raibh sraith chruinnithe ag dul ar aghaidh leis na Ceanneagraíochtaí maidir le rialachas corparáideach.
- Nach raibh aon scéal faoi shíneadh a chur le tréimhse an Bhoird.
- Gur nótaíl an Bord caiteachachas €38,500 do Scéim na nOidí 2015 ag an chruinniú Boird ar 26 Meitheamh. Ag an am níor cuireadh san áireamh an costas a bhainfeadh le heagrú ceardlainne do na hoidí agus do na printísigh a raibh costas iomlán €4,200 ag baint léi. Is suim iomlán de €42,700 a bheidh i gceist do Scéim na nOidí 2015, mar sin.
- Go raibh moltaí le déanamh do dhá choiste ag an CNCM (NCCA).

Ghlac an Bord leis an mholadh go n-ainmneofaí Máire Ní Choileáin ar an Bhord don Luath-Óige agus don Bhunscolaíocht agus Máire Ní Bhaoill ar an Mheitheal Forbartha do Theanga sa Luath-Óige agus sa Bhunscolaíocht.

Chuir an Príomhfheidhmeannach na hathruithe ar struchtúr na heagraíochta a bhí beartaithe in iúl don Bhord. Rinneadh tagairt don tuairisc ar an athstruchtúrú a coimisiúnaíodh fríd an PAI agus cuireadh in iúl go raibh cóip den tuairisc ar fáil don Bhord má bhí duine ar bith a iarraidh. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go rabhthas ag súil go mbeadh na struchtúir nua i bhfeidhm faoi thús na bliana úire.

07.138 CUR I LÁTHAIR AR AN TAIGHDE FAOI NA NUACHAINTEOIRÍ GAEILGE

Tháinig J. Walsh, B. O’Rourke agus H. Rowland i láthair an chruinnithe agus thug siad cur i láthair ar an taighde faoi na nuachainteoirí Gaeilge agus bhí ceisteanna ina dhiaidh.

D’fhág J. Walsh, B. O’Rourke agus H. Rowland an cruinniú.

08.138 MOLADH MAIDIR LE CRUINNITHE BOIRD I 2016

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le dátaí na gcruinnithe Boird in 2016 (**Aguisín 2**).

09.138 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

10.138 AON GHNÓ EILE

Thug an Bord suntas don tuairisc ar an chruinniú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ar 21 Iúil.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
11 Nollaig 2015

**STRAITÉIS FOCLÓIREACHTA
– MEAMRAM DON CHRUINIÚ BOIRD AR 30 DEIREADH FÓMHAIR 2015**

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 2 & 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Foras na Gaeilge

Cruinniú Boird: 30 Deireadh Fómhair 2015

Mír: 8

Moladh maidir le cruinnithe Boird in 2016

Dé hAoine 22 Eanáir	Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath
Dé hAoine 26 Feabhra	Béal Feirste
Dé hAoine 15 Aibreán	Sráid Fhreidric, Baile Átha Cliath
De hAoine 20 Bealtaine	Gaoth Dobhair
Dé hAoine 24 Meitheamh	Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath
Dé hAoine 22 Iúil	Béal Feirste
Dé hAoine 16 Meán Fómhair	Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath
Dé hAoine 4 Samhain	Cill Airne (Oireachtas na Gaeilge)
Dé hAoine 9 Nollaig	Béal Feirste

Miontuairiscí ón 139 cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 11 Nollaig 2015 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.

I láthair: L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), A. Ní Chiaráin, B. Ní Chonghóile, M. Mac Ruairí, D. Ó Laoghaire C. Cavanagh, P. Callaghan, É. Ó Gribín agus S. Mac Donncha ar an ghuthán.

Leithscéalta: E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, D. Ó hAiniféin, T. Ruane, T. Mac Eochagáin agus C. Ní Shúilleabháin.

Ag freastal: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin, A. Davitt agus S. Uí Choinne.

01.139 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 30 Deireadh Fómhair 2015 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Ardaíodh ceist faoin mhaoiniú eisceachtúil a ceadaíodh d'Oireachtas na Gaeilge agus cuireadh in iúl nach raibh an deontas á iarraidh ag an Oireachtas níos mó. Cuireadh ceist an raibh sé de nós acu conradh a shíniú leis na hóstáin ina reáchtáiltear an tOireachtas agus cuireadh in iúl go raibh agus go gcuirfí cóip den chonradh sin ar fáil d'Fhoras na Gaeilge feasta. Ardaíodh ceist faoi Ghaelbhrtach agus míníodh go mbíodh Conradh na Gaeilge (iar-bhunscoileanna) agus Gael-Linn (bunscoileanna) ag plé leis an tionscnamh tráth ach go raibh Conradh na Gaeilge i ndiaidh an cúram a aistriú anonn chuig Gael-Linn, ach go raibh Conradh na Gaeilge ar an choiste stiúrtha do Ghaelbhrtach.

02.139 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

D'fhág M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le maoiniú ceanneagraíochtaí don tréimhse Eanáir go Nollaig 2016.

Ainm Eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
Conradh na Gaeilge	1501070	€840,866	€840,866
Glór na nGael	1501071	€1,089,510	€1,089,510
Gaelscoileanna Teo	1501069	€715,719	€715,719
Cumann na bhFiann	1501066	€752,663	€752,663

Cuireadh in iúl go raibh iarratais leasaithe le teacht ó Ghael Linn agus Oireachtas na Gaeilge agus go mbeadh moladh faoi bhráid an Bhoird i mí Eanáir / Feabhra 2016. Ghlac an Bord leis an mholadh suim nach mó ná €74,608 a chur ar fáil d'Oireachtas na Gaeilge mar mhaoiniú eatramhach chun costais tuarastail agus costais reatha a chlúdach do mhí Eanáir agus Feabhra 2016. Cuireadh in iúl go raibh coiste stiúrtha nua aontaithe ag Oireachtas na Gaeilge anois, go raibh bunreacht nua ann agus go mbeadh an comhlacht le clárú dá réir. Ghlac an Bord leis an mholadh suim nach mó ná €83,162 a chur ar fáil do Ghael-Linn mar mhaoiniú eatramhach chun costais thuarastail agus costais reatha a chlúdach do mhí Eanáir agus Feabhra 2016.

D'fhill M. Mac Ruairí ag an pointe seo.

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £272,486 a cheadú don Áisaonad don tréimhse Eanáir go Nollaig 2016.

Ainm Eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
An tÁisaonad	1501068	£272,486	£272,486

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir leis an Chiste Scoláireachta Gaeltachta.(Aguisín 1)

Ghlac an Bord leis na moltaí uile faoi Scéim na Foilsitheoireachta de chuid Chlár na Leabhar Gaeilge don tréimhse Eanáir go Nollaig 2016.

Ainm Eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
Cois Life	CLG 15036	€161,744	€96,896
Cló Iar-Chonnacht	CLG 15038	€336,484	€166,000
Futa Fata	CLG 15043	€163,106	€77,781
Leabhar Breac	CLG 15040	€116,528	€59,400
Foilseacháin Ábhar Spioradálta	CLG 15037	€33,749	€22,400
Arlen House	CLG 15044	€73,500	€20,500
LeabhairCOMHAR	CLG 15042	€100,650	€28,650
An Sagart	CLG 15045	€66,400	€38,500
An tSnáthaid Mhór	CLG 15047	€107,600	€15,000
Duillí Éireann	CLG 15048	€44,861	€1,500
Éabhlóid	CLG 15039	€21,572	€14,400
Coiscéim	CLG 15046	€206,275	€104,000
Ponc Press	CLG 15041	€16,800	€4,500
Coimicí Gael	CLG 15049	€20,100	€10,000

Tá faisnéis fágtha ar lár sa tábla thuas toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 2 & 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Ghlac an Bord leis na moltaí uile faoi Scéim na dTionscadal Litríochta de chuid Chlár na Leabhar Gaeilge don tréimhse Eanáir go Nollaig 2016.

Ainm Eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
IMRAM	CLG 15063	€45,320	€42,260
Móinín	CLG 15062	€9,000	€9,000
Futa Fata	CLG 15053	€11,569.18	€11,269.18
Roinn na Gaeilge, OÉG	CLG 15060	€7,850	€3,345
Gaelchultúr Teo	CLG 15058	€40,850	€25,000

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ar scéim deontas Cholmille.

Ainm Eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
An Gaeláras	CC15030	£1,820	£1,500
Cairde Teo	CC15033	£3,920	£3,000
Club Óige Luraigh	CC15034	£9,950	£8,000
East Belfast Mission	CC15037	£2,700	£2,700

An Coiste Forbartha

Cuireadh in iúl nach raibh cruinniú ag an Choiste toisc nach raibh córam ar fáil dó.

An Coiste Iniúchta

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 2 Nollaig ag ar pléadh díolacháin Áis, an polasaí sceithreachta a faomhadh ag an Bhord i mí Mheán an Fhómhair ach gur chuir an Coiste cúpla abairt leis ó shin, tuairisc an Iniúcháir Inmheánaigh ar na ceanneagraíochtaí, an lámhleabhar foirne a bheadh faoi bhráid an Bhoird go luath in 2016, an clár rioscaí agus an riosca breise a cuireadh leis. Ghlac an Bord leis an chlár rioscaí. Cuireadh in iúl gur nótáil an Coiste Iniúchta an plean leanúnachais ghnó a bhí bunaithe ar dhréacht a d'ullmhaigh an tIniúcháir Inmheánach. Ghabh Cathaoirleach an Choiste Iniúchta buíochas le gach ball den Choiste Iniúchta agus leis an fheidhmeannas as an obair ar fad a rinneadh le linn thréimhse an Choiste agus ghabh sé buíochas speisialta le Clárghainisteoir Airgeadais Fhoras na Gaeilge agus leis an Iniúcháir Inmheánach.

Cuireadh in iúl gur phléigh an Coiste Iniúchta an sceitheadh eolais agus chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh an-díomá air ina leith. Mhínigh sé gur plécháipéis a bhí ann maidir leis an straitéis foclóireachta agus deis ann dul chun cainte leis na ranna ina leith. Tugadh an t-eolas do na meáin agus rinneadh ceangal idir ceist an SPG agus cúrsaí foclóireachta. Chuir sé in iúl go raibh an sceitheadh i ndiaidh dochar a dhéanamh don eagraíocht agus gur eachtra thromchúiseach a bhí i gceist. Chuir M. Mac Ruairí in iúl go raibh míléamh déanta ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge ag an phobal agus gur cheart go mbeadh bealach ann le míniú a thabhairt don phobal maidir leis an dóigh a n-oibríonn buiséad Fhoras na Gaeilge.

Chuir Cathaoirleach an Bhoird a dhíomá féin in iúl maidir leis an sceitheadh eolais agus an briseadh rúndachta ag deireadh thréimhse an Bhoird reatha. Chuir sé in iúl nach raibh aon bhaint aige féin leis an sceitheadh agus go mbeadh sé á chur sin i scríbhinn don fheidhmeannas. Chuir A. Ní Chiaráin in iúl go raibh faitíos uirthi gur síleadh gur í féin, mar iriseoir, a sceith an t-eolas agus gur mhaith léi é a bheith ar an taifead gur ghoill sin go mór uirthi. Ghabh B. Ní Chonghóile buíochas leis an Bhord agus chuir sí in iúl go raibh bród uirthi bheith mar bhall den Bhord. Dheimhnigh sí nach raibh aon bhaint aici leis an sceitheadh. Chuir D. Ó Laoghaire in iúl nach raibh aon bhaint aige féin leis an sceitheadh. Chuir M. Mac Ruairí in iúl go mbeadh sé féin ag cur dearbhú i scríbhinn nach raibh aon bhaint aige féin leis an sceitheadh. Chuir C. Cavanagh in iúl nach raibh aon bhaint aige féin leis an sceitheadh. Mhol an Cathaoirleach do na baill Bhoird uilig scríobh chuig an Phríomhfheidhmeannach a dhearbhu nach uathu a tháinig an sceitheadh. Mhol an Bord don fheidhmeannas fiosrúchán a chur ar bun maidir leis an sceitheadh eolais.

Ghabh Cathaoirleach an Bhoird buíochas le baill gach Coiste agus leis an fheidhmeannas as an obair ar fad a rinneadh le linn thréimhse an Bhoird.

An Coiste Osradhairc

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ag ar pléadh cás an eagrais bhunmhaoinithe agus an cháin nár díoladh, litir ó dhlíodóir Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge i leith cíosa, comhfhreagras ón RCEF maidir leis an SPG, comhfhreagras ó Fhorbairt Feirste agus ón Droichead, agus an maoiniú eisceachtúil a ceadaíodh d'Oireachtas na Gaeilge. Cuireadh in iúl gur pléadh an sceitheadh eolais agus moladh go gcuirfí fiosrúchán ar bun ag leibhéal na foirne agus go lorgófaí comhairle ina leith.

Gabhadh buíochas le baill an Choiste Osradhairc, ar son C. Ní Shúilleabháin, Cathaoirleach an Choiste, agus cuireadh in iúl gur bhain sí an-tairbhe as a ról mar Chathaoirleach. Míníodh gurb í an bhrí a bhain leis an litir ón RCEF go mbeadh aon chaiteachas a dhéanadh an roinn leis an Fhoras Teanga mí-dhleathach mar nach raibh Plean Gnó 2016 faofa ag an Aire. Cuireadh in iúl nach ndéanadh sí Plean Gnó 2016 a fhaomhadh go dtí go mbeadh réiteach aimsithe ar cheisteanna s'aici i leith an SPG. Míníodh go mbeadh impleachtaí tromchúiseacha maoinithe ann do scéimeanna eile Fhoras na Gaeilge dá mbeadh airgead breise le cur ar fáil don SPG. Ceistíodh cén fáth nach dtiocfadh leis an RCEF maoiniú a chur ar fáil díreach do na scéimeanna SPG le cuidiú leo. Tugadh cead don fhoireann Ardbhainistíochta leasú a dhéanamh ar threoirlínte an SPG dá mba ghá sin le cloí le treoir ón RCEF.

03.139 LÍONRAÍ GAEILGE

Phléigh an Bord an moladh maidir leis na Líonraí Gaeilge agus ghlac siad leis an mholadh uaschiste de €75,000 thar thréimhse bliana a chur ar fáil don 5 iarratasóir roghnaithe (Muintir Chrónáin Teo, Forbairt Feirste, Coiste Forbartha Charn Tóchair, Gaeilge Locha Riach agus An Clár as Gaeilge) agus go mbeidh an cistiú sin ag brath ar mhaoiniú faoi leith bheith curtha ar fáil d'Fhoras na Gaeilge ag na ranna urraíochta d'fhorfheidhmiú an phróisis ar Líonraí Gaeilge. Cuireadh in iúl go raibh iarratas á ullmhú le cur chuig an REOG don chiste atá acu le haghaidh pleanáil teanga agus go mbeadh sin á sheoladh isteach go luath.

04.139 COMHAONTÚ SEIRBHÍSE 2015 LEIS NA RANNA

Ní raibh aon phlé ar an mhír seo.

05.139 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 SAMHAIN AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2015

Scaipeadh cóip chrua den ráiteas caiteachais mar aon le cáipéis eile a léirigh an staid reatha ó thaobh airgeadais de agus bhí plé ina leith. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2015. Thug an Bord cead don Phríomhfheidhmeannach, i gcomhar leis an Leas-Phríomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, athruithe a cheadú ar an bhuiséad san idirthréimhse go dtí an chéad cruinniú Boird eile.

Phléigh an Bord cuntais 2014 agus cuireadh in iúl go raibh sé i gceist go síneofaí na cuntais sin i gceann seachtaine. Ghlac an Bord le cuntais 2014 agus thug siad cead don Phríomhfheidhmeannach agus don Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha aon mhionathrú nár bhain de shubstaint na gcuntas a chur i bhfeidhm dá mba ghá.

06.139 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

07.139 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Gur tharla an cruinniú CATT ar 6 Samhain ag Eanach Mhic Dheirg, Muineachán. Ag an cruinniú pléadh:
 - SPG – agus d'fhaomh an CATT an scéim,
 - An dul chun cinn ar fhoilsiú Ráitis Airgeadais agus Tuarascálacha agus iarradh go ndéanfaí gach iarracht cuid 2014 a fhoilsiú faoi earrach 2016,

- Maoiniú Eorpach
- Léirigh Aire RCEF inní faoi fheidhmiú na gCeanneagraíochtaí ó thuaidh. Iarradh cruinniú leis an cheist a phlé.

Níor pléadh buiséad 2016 mar nach raibh sé faofa ag an Roinn Airgeadais & Pearsanra.

- Gur ceadaíodh an scéim SPG ag an CATT ach ó shin go raibh feachtas tosaithe i mBéal Feirste faoin 80% agus gan cead ag an Oifigeach Forbartha cur isteach ar scéimeanna eile ag Foras na Gaeilge agus an ciorrú ar chostais reatha. Go raibh dhá sheisiún eolais i mBaile Átha Cliath ar an 17 Samhain agus i mBéal Feirste ar an 18 Samhain chun an SPG nua a léiriú.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 2 & 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Bhí cruinniú socraithe leis an Aire agus an chomhairleoir leis an cheist a phlé ach cuireadh sin ar ceal.

- **Suíomh tairsí / corparáideach**

Reáchtáladh próiseas tairisceana oscailte agus roghnaíodh tairgeoir leis an suíomh tairsí agus an suíomh corparáideach a fhorbairt. Cuirfear an conradh i bhfeidhm ón 2 Nollaig.

Bhí dhá thairgeoir istigh ar an gcomórtas agus tugadh cuireadh dóibh cur i láthair a dhéanamh mar chuid den phróiseas measúnaithe.

Is é an soláthróir reatha, Media One, a tháinig sa chéad áit.

Beidh costas €40,200 móide CBL (€9,246) = €49,446 ar an obair seo mar a leanas;

Forbairt ar an suíomh tairsí agus an suíomh corparáideach	€33,000
Costas cothabhála (12 mhí)	€7,200
Fo-Iomlán	€40,200
CBL	€9,246
Iomlán	€49,446

Ghlac an Bord leis an chinneadh sin.

- **Riar an tSéala d'Aistritheoirí Gaeilge**

Gur reáchtáladh próiseas tairisceana oscailte agus roghnaíodh tairgeoir le riar an tSéala d'Aistritheoirí Gaeilge. Beidh an scrúdú ar siúl ar an 27 Feabhra 2016. Bhí trí thairgeoir istigh ar an gcomórtas. Is é an An tAonad Aistriúcháin agus Ateangaireachta in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge a tháinig sa chéad áit.

Beidh costas €15,000 móide CBL (€2,250) **€17,250** ar an tseirbhís seo.

Ghlac an Bord leis an chinneadh sin.

- Gur cuireadh scéala chuig na haistritheoirí uilig a bhfuil an Séala acu a rá go mbeadh córas úr á chur i bhfeidhm le linn 2016 a bhaineann le socrúithe athnuachana ar bhonn céimithe don Séala creidiúnaithe.
- Go rabhthas ag plé le www.tuairisc.ie maidir le ceangal le www.teanglann.ie

- Go raibh cruinniú monatóireachta leis na ranna ar 23 Samhain ag ar pléadh: An Comhaontú Seirbhíse, Plean Gnó agus buiséad 2015 & 2016, an Clár Riosca, ceapacháin Bhoird.
- Go raibh cruinniú leis an Aire Stáit Jimmy Deenihan, T.D. ar an 4 Samhain ag ar pléadh an suíomh tairsí. Tá iarratas curtha ar aghaidh chuig Oifig an Aire Stáit ar mhaoiniú don suíomh tairsí.
- Gur bhuail an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha leis an Aire Stáit, Joe Mc Hugh, T.D. ar an 1 Nollaig. Ag an gcrúinniú pléadh, Scéim Phobal Gaeilge 2016-2020, cur chuige nua chomhpháirtíochta, Buiséad Fhoras na Gaeilge 2016, Bord Fhoras na Gaeilge agus Éire 2016
- Go raibh Anna Ní Bhroin ceaptha mar Oifigeach Feidhmiúcháin i nGaoth Dobhair.
- Go raibh dhá Pháipéar Oibre beagnach réidh le foilsiú ag an ESRI.
 - ‘Non-Catholics in Northern Ireland and the Irish language’.
 - ‘Attitudes of 13-Year Olds to Irish’.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 5 & 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

- Go raibh scéala faighte mar nua-shonrú ón Chomhairle Churaclam agus Scrúdúcháin ó thuaidh (CCEA) go bhfuil forbairt déanta ar an chur chuige i leith theagasc na Gaeilge i scoileanna meáin Bhéarla; go bhfuil suim léirithe ag roinnt scoileanna sa scéim, go mbeidh dhá lá oiliúna acu dírithe ar mhúinteoirí; go bhfuil áiseanna á bhforbairt; agus go mbeidh daoine fostaithe go páirt-aimseartha le dul amach chuig scoileanna le cuidiú leo.
- Go rabhthas ag plé le Sabhal Mór Ostaig, Ollscoil Uladh, Ollscoil Oulu le Parlaimint na Sami (An Iorua agus an Fhionlainn) maidir le hiarratas ar Horizon 2020 le múnla don phleanáil teanga a fhorbairt. Is cosúil go gcuireann an scéim seo 100% den mhaoiniú ar fáil.

Ghlac an Bord leis na hathruithe maidir le híocaíochtaí a bhí le cur i bhfeidhm ar Scéim na nOifigeach Gaeilge 2013-2016. (**Aguisín 2**).

- Ar iarratas ó Fhoras na Gaeilge go bhfuil socrú déanta ag an Chomhairle Náisiúnta Churaclaim agus Scrúdúcháin próiseas profála Gaeilge a chur ar bun dá gcuid sonrúcháin dara leibhéal lena chinntiú nach mbeidh rud ar bith i dtreoir na sonrúcháin a bheidh ag teacht salach ar dhea-chleachtas múinteoireachta i scoileanna Gaeltachta agus gaelscoileanna.

Ghlac an Bord leis an mholadh €78,000 a íoc le IDM d’aipeanna a sholáthar d’Fhoclóir de Bhaldráithe, d’Fhoclóir Uí Dhónaill agus don Fhoclóir Bheag. Ghlac an Bord leis an mholadh €14,715 a chur ar fáil chun síneadh a chur leis an cheadúnas don DPS go dtí deireadh 2017.

Scaipeadh cáipéis maidir le feidhmíocht an Bhoird a bhí bunaithe ar an aiseolas sna ceistneoirí a chomhlánaigh na comhaltaí. Ghlac an Bord leis an tuairisc a léirigh go raibh an Bord ag feidhmiú go maith.

08.139 COMHFHREAGRAS

Thug an Bord suntas don chomhfhreagras a bhí faighte maidir leis an SPG.

09.139 AON GHNÓ EILE

Ghabh an Príomhfheidhmeannach buíochas leis na comhaltaí Boird uile as an obair mhór a bhí déanta le linn a dtréimhse. Thacaigh an Cathaoirleach leis an méid a dúirt an Príomhfheidhmeannach agus ghabh sé buíochas leis an fheidhmeannas as an chúnaimh ar fad a chuir siad ar fáil don Bhord. Ghabh sé buíochas le É. Mac Cormaic freisin as feidhmiú mar Leas-Chathaoirleach an Bhoird agus don tréimhse a chaith sé mar Chathaoirleach an Choiste Iniúchta.

Seosamh Mac Donncha
Cathaoirleach
22 Eanáir 2016

Athbhreithniú ar Chiste Scoláireachtaí Gaeltachta Fhoras na Gaeilge

Samhain 2015

Pléadh agus ceadaíodh moladh faoin Chiste Scoláireachtaí ag cruinniú boird ar an 25/09/15. Moladh sa cháipéis sin go mbeadh comhairliúchán déanta leis na páirtithe leasmhara i. 6 CE, Oideas Gael agus Cumann an Phiarsaigh. Tugadh cuireadh do na páirtithe leasmhara agus seo a leanas taifead ar dhátaí na gcrúinnithe:

1. Cumann na bhFiann 19/10/15
2. Gael Linn 20/10/15
3. Conradh na Gaeilge 21/10/15
4. Oideas Gael 20/10/15
5. Cumann an Phiarsaigh 21/10/15
6. Glór na nGael 28/10/15

Léirigh Gaelscoileanna Teo nach raibh spéis acu freastal ar na cruinnithe agus ní bhfuarthas freagra ó Oireachtas na Gaeilge.

Príomhathruithe molta

Seo a leanas na príomhathruithe atá molta bunaithe ar an chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara:

1. An céatadán a bhí le cur leis an chiste a laghdú go **20%** (ó 25%) agus go n-ardófaí an céatadán seo ar bhonn céimnitheach.
2. Go mbeadh céatadán den chiste a bheas ceadaithe do gach eagraíocht ‘inaistrithe’ i. gur féidir leis an scoláire an scoláireacht a úsáid in aon choláiste agus arís go ndéanfaí é seo ar bhonn céimnitheach.
3. Go mbeadh coinníollacha sainiúla ar na dearbháin (i. nach féidir an dearbhán a úsáid ach le coláistí atá lonnaithe i gceantar oifigiúil Gaeltachta agus atá cláraithe leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Ciste Scoláireachtaí Gaeltachta Fhoras na Gaeilge

Samhain 2015

Cur chuige molta:

I gcomhthéacs buiséad teoranta, moltar an ciste a dháileadh faoi na trí chatagóir faoi leith a leanas agus gur cheart na grúpaí leasmhara a roinnt mar a leanas;

Scoláirí faoi 16:	Dírithé ar Thuaisceart Éireann amháin
Daoine fásta:	Dírithé ar an tír ina hiomláine – go stairiúil bhí na scoláireachtaí seo dírithe ar TÉ agus ar dhaoine nach raibh an deis acu an Ghaeilge a fhoghlaim sa chóras oideachais foirmiúil
Teaghlaigh:	Dírithé ar an tír ina hiomláine

Daoine óga i dTuaisceart Éireann faoi 16

- Moltar go gcuirfimid cuireadh ar an **3 Cheanneagraíocht** (CE) a bhíonn ag plé le coláistí amháin iarratas a chur chugainn sa chatagóir le haghaidh daoine óga i. Conradh na Gaeilge, Cumann na bhFiann agus Gael Linn.
- Moltar go gcuirfimid leabhrán de dhearbháin le huimhreacha tagartha orthu ar fáil do na CEí leasmhara (Conradh na Gaeilge, Cumann na bhFiann agus Gael Linn). Aontófar luach iomlán an deontais leis na CEí sula ndéantar aon scoláireacht a bhronnadh.
 - Moltar an céatadán a bheadh le cur leis an chiste ag na heagraíochtaí a laghdú ó 25% go 20%. Moltar leis é seo a dhéanamh ar bhonn chéimnithe thar thréimhse trí bliana mar seo a leanas:
 - Bliain 1 (2016) – 10%,
 - Bliain 2 (2017) – 15% agus
 - Bliain 3 (2018) – 20%.
 - Moltar an céatadán den chiste a bheas ceadaithe do gach eagraíocht le bheith ‘inaistrithe’ (i. gur féidir leis an scoláire an scoláireacht a úsáid in aon choláiste) a ardú ar bhonn chéimnithe thar thréimhse trí bliana mar seo a leanas:
 - Bliain 1 (2016) – 30%,
 - Bliain 2 (2017) – 60% agus
 - Bliain 3 (2018) – 100%.
 - Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an ghné seo gach bliain.
- Moltar gur faoi na CEí féin a bheidh sé na dearbháin a bhronnadh ar na scoláirí, ní bheadh baint ag Foras na Gaeilge leis an gcur chuige.
- Ní chuirfear scoláireacht iomlán ar fáil. Táthar ag súil nach mbronnfar scoláireacht ar luach níos mó ná €500.

- Iarrfar ar na CEí an modh bronnta a aontú le Foras na Gaeilge agus go mbeidh, mar chuid de sin, dóigh le díriú ar cheantair a bhfuil líon ard daoine faoi mhíbhuntáiste ina gcónaí iontu (i gcomhair le grúpaí pobail, scoileanna srl.) le go n-ardófar an seans go mbeidh siad ag freastal ar pháistí faoi mhíbhuntáiste.
- Cé go mbeidh scoláireachtaí Fhoras na Gaeilge dírithe orthu siúd atá faoi 16 iarrfar ar na heagraíochtaí bronnta bheith ag obair i ndlúthchomhar le Comhairlí Ceantair, le Boird Contae de chuid CLG agus grúpaí eile a chuireann scoláireachtaí ar fáil, lena chinntiú go mbíonn sciar dá soláthar curtha i leataobh le haghaidh scoláirí AS agus A2, agus le dúbailt a sheachaint.
- Iarrfar ar an CEí na scoláireachtaí do dhaoine óga a bhronnadh i ndlúthchomhar le soláthróirí, agus le heagraíochtaí eile a bhronnann scoláireachtaí leis an luach is fearr is féidir a fháil as an chaiteachas agus le dúbailt a sheachaint a oiread agus is féidir.

Daoine Fásta

- Moltar go gcuirfimid cuireadh ar na **6 Ceanneagraíocht (CE)** i. Conradh na Gaeilge, Cumann na bhFiann, Gael Linn Gaelscoileanna, Glór na nGael agus Oireachtas na Gaeilge, iarratas a chur chugainn sa chatagóir le haghaidh daoine fásta.
- Moltar go gcuirfimid leabhrán de dhearbháin le huimhreacha tagartha orthu ar fáil do na CEí leasmhara. Aontófar luach iomlán an deontais leis na CEí sula ndéantar aon scoláireacht a bhronnadh. Moltar gur faoi na CEí féin a bheidh sé na dearbháin a bhronnadh ar dhaoine fásta, ní bheadh baint ag Foras na Gaeilge leis an gcur chuige. Ní chuirfear scoláireacht iomlán ar fáil.
- Iarrfar ar na CEí an modh bronnta a aontú le Foras na Gaeilge agus go mbeidh, mar chuid de sin, dóigh le díriú ar cheantair a bhfuil líon ard daoine faoi mhíbhuntáiste ina gcónaí iontu (i gcomhair le grúpaí pobail srl.) le go n-ardófar an seans go mbeidh siad ag freastal ar dhaoine faoi mhíbhuntáiste.
- Iarrfar ar na CEí na scoláireachtaí do dhaoine fásta a bhronnadh i ndlúthchomhar le soláthróirí, agus le heagraíochtaí eile a bhronnann scoláireachtaí leis an luach is fearr is féidir a fháil as an chaiteachas agus le dúbailt a sheachaint a oiread agus is féidir.
 - Moltar an céatadán a bheadh le cur leis an chiste ag na heagraíochtaí a laghdú ó 25% go 20%. Moltar leis é seo a dhéanamh ar bhonn chéimnithe thar thréimhse trí bliana mar seo a leanas:
 - Bliain 1 (2016) – 10%,
 - Bliain 2 (2017) – 15% agus
 - Bliain 3 (2018) – 20%.
 - Moltar an céatadán den chiste a bheas ceadaithe do gach eagraíocht le bheith ‘inaistrithe’ (i. gur féidir leis an scoláire an scoláireacht a úsáid in aon choláiste) a ardú ar bhonn chéimnithe thar thréimhse trí bliana mar seo a leanas:
 - Bliain 1 (2016) – 30%,
 - Bliain 2 (2017) – 60% agus
 - Bliain 3 (2018) – 100%.

- Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an ghné seo gach bliain.

Teaghlaigh

- Faoi láthair, cuirtear maoiniú ar fáil do Chumann an Phiarsaigh a bhronnann scoláireachtaí ar theaghlaigh le freastal ar chúrsaí Gaeltachta.
- Is iad an t-aon ghrúpa iad atá ag freastal ar an gcuid seo den phobal, mar sin, moltar cloí leis an gcur chuige seo i. go nglacfar le hiarratais ó Chumann an Phiarsaigh go bliantúil ach go mbeidh an cur chuige seo faoi athbhreithniú rialta.
- Faoi láthair, tá coinníoll ann a chinntíonn go bhfuil páistí an teaghlaigh ag freastal ar ghaelscoil, moltar leanúint leis an gcoinníoll seo le tacú le taithí Ghaeilge na bpáistí seo.
- Iarrfar ar Chumann an Phiarsaigh soláthar a dhéanamh do theaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste (i. ar liúntas leasa shóisialaigh nó a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar scoil Deis srl...)
- Ní cheadófar scoláireachtaí iomlána ach beidh saoirse ag Cumann an Phiarsaigh méid an dearbháin a roghnú
- Moltar go mbeadh 10 scoláireacht ar €900 an cheann agus 5 scoláireacht ar €200
- Iarrfar ar Chumann an Phiarsaigh na scoláireachtaí a bhronnadh i ndlúthchomhar le leis an 6 CE agus le Comhairle na Gaelscoláíochta bhíonn ag plé le réimse an teaghlaigh leis an luach is fearr is féidir a fháil as an chaiteachas agus le dúbailt a sheachaint a oiread agus is féidir.

Critéir don Chiste Scoláireachtaí

Moltar critéir chomónta Fhoras na Gaeilge a úsáid don chiste (i. 1. An bhfuil gá leis an tionscadal?, 2. Cúrsaí airgeadais agus Luach airgid agus 3. Cumas bainistíochta). Moltar chomh maith go mbeidh na nithe seo a leanas san áireamh mar chuid de chritéir mheasúnaithe ar iarratais faoin chiste scoláireachtaí;

4. Go mbeidh dearbhú faighte ón iarratasóir go mbeidh siad in ann suim nach lú ná 25% den deontas iarrtha a chur ar fáil mar scoláireachtaí (seachas Cumann an Phiarsaigh).
5. Go ndéanfar measúnú ar an mhodh bronnta / roghnaithe scoláireachtaí agus go gcuirfear san áireamh i measc nithe eile:
 - a. Oscailteacht na scéime
 - b. Trédhearcacht na scéime
 - c. Cothromaíocht na scéime
 - d. Leas do chur chun cinn na Gaeilge
 - e. Fócas na scéime ar an mhíbhuntáiste (i. go ndíreofar ar cheantair a bhfuil líon ard daoine faoi mhíbhuntáiste ina gcónaí iontu i gcomhair le grúpaí pobail, scoileanna srl.)
6. Go ndéanfar measúnú ar an chur chuige chun spré tíreolaíoch cothrom a aimsiú i. go mbeadh rochtain ar na scoláireachtaí ar fud an dlínse (i. ag daoine óga)

Moltar go mbronnfaí na scoláireachtaí Gaeltachta mar seo a leanas;

Gur trí dhearbháin, le huimhreacha tagartha orthu (féach Aguisín 1), a dhéanfar na Scoláireachtaí a bhronnadh toisc go gcinnteofar gur fhreastail lucht faighte na scoláireachtaí ar na cúrsaí. (Ciallóidh na dearbháin nach bhfuil ualach do-láimhsithe oibre ar fheidhmeannas Fhoras na Gaeilge nó ar lucht bronnta na ndearbhán).

Dearbhán:

1. Moltar mar chuid de na coinníollacha ar an dearbhán go gclúdfar na nithe seo a leanas:
 - i. gur scoláireacht de chuid Fhoras na Gaeilge atá ann
 - ii. gur gá don scoláire cloí le coinníollacha an Choláiste lena mbeidh sé/sí cláraithe
2. Nach féidir an dearbhán a úsáid ach le coláistí atá lonnaithe i gceantar oifigiúil Gaeltachta agus atá cláraithe leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.
3. Nach mbeidh cead scoláireachtaí iomlána a bhronnadh ach i gcásanna fíor-eisceachtúla a bhaineann le dualgais daoine faoi mhíbhuntáiste a chomhlíonadh. Déanfar é seo faoi dhiscreíd na gCEí/na n-eagraíochtaí rannpháirteacha eile.

Athbhreithniú

Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an Chiste Scoláireachtaí i Meán Fómhair 2016. Moltar go gcuirfear le méid an Chiste le gur féidir leathnú a dhéanamh ar líon na ndaoine ar féidir tarraingt orthu sna trí chatagóir.

Aguisín 1: Dearbhán Samplach

Uimhir Chlárach: 12345	<p><i>Bronntar an dearbhán do Scoláireacht Gaeltachta ar luach</i></p> <p>€200 <i>ar</i> Seán Ó Murchú</p>  <p>Foras na Gaeilge</p> <p>Uimhir Chlárach: 12345</p>
-------------------------------------	---

Cur chuige na ndearbhán (maidir le daoine óga):

- Cuirfidh Foras na Gaeilge leabhrán de dhearbháin le huimhreacha tagartha orthu ar fáil do na CEí leasmhara.

- Beidh na CEí in ann méid na ndearbhán a chinntiú iad féin mar shampla más €200 nó €350 é ach fágfar an tsolúbthacht sin acu. Táthar ag súil nach mbronnfar scoláireacht ar luach níos mó ná €500.
- Déanfaidh an CÉ ainm an duine a nótáil agus cuirfear chuig Foras na Gaeilge an liosta sin. Cuirfear ainm an scoláire ar an dearbhán nach mbeidh inaistrithe. Bronnfar an dearbhán ar an scoláire agus beidh an tsairse ag an scoláire freastal ar a rogha coláiste.
- Tabharfaidh an scoláire an dearbhán (leis an méid € air) do riarthóir an choláiste agus déanfaidh an coláiste taifead ar thinreamh an scoláire.
- Nuair a fhaigheann Foras na Gaeilge an liosta tinrimh ón gColáiste, cuirfear é sin i gcomparáid leis an liosta a chuir an CE ar aghaidh agus íocfar an Coláiste ansin (i. má tá fianaise ann gur fhreastail an scoláire ar an gColáiste).

Scéim na nOifigeach Gaeilge 2013-2016

Bhí Oifigigh Gaeilge na gcomhairlí seo a leanas á maoiniú ag Foras na Gaeilge faoi Scéim na nOifigeach Gaeilge 2013-2016:

- Comhairle Chathrach Dhoire (1301128.03)
- Comhairle Dhún Geanainn & Tír Eoghain Theas (1301128.02)
- Comhairle Mhachaire Fíolta & Comhairle Bhuirg Léim an Mhadaidh (1301128.01)

Ag éirí as athstruchtúró rialtas áitiúil ó thuaidh, beidh na comhairlí seanbhunaithe sin thuas faoi scáth na nOllcomhairlí mar a leanas:

- Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin
- Comhairle Lár Uladh
- Comhairle an Chabhsa agus na nGleannta

Faoin socrú úr seo, beidh íocaíocht le déanamh go tráthúil faoin gcóras íocaíochta reatha chuig Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin agus chuig Comhairle Lár Uladh. Tá Comhairle Lár Uladh ag bainistiú na scéime dóibh féin agus do Chomhairle an Chabhsa agus na nGleannta

Tiocfaidh deireadh leis an scéim reatha ar 1 Meán Fómhair 2016.

Scéim	Uimhir Thagartha	Ainm an Tionscnaimh	Buiséad Iomlán	Buiséad 2015	Buiséad 2016
Scéim na nOifigeach Gaeilge 13-16	1501076.01	Comhairle Cathrach Dhoire & Cheantar an tSratha Báin	24,418.92	14,110.00	10,308.92
Scéim na nOifigeach Gaeilge 13-16	1501076.02	Comhairle Lár Uladh	31,459.33	18,814.00	12,645.33